
# tuarascáil bhliantúil 11/12

institiúid teicneolaíochta chorcaí

www.cit.ie



Clár Cistí Struchtúrtha na hÉireann 2007 – 2013
Comhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach

CISTÍ STRUCHTÚRTHA AN AONTAIS EORPAIGH

INSTITIÚID TEICHNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ



*Campas Bhaile an Easpaig CIT*



*Ceolscoil Chorcaí CIT*



*Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT*



*Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann*

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

# tuarascáil bhliantúil 11/12

www.cit.ie

# stair



Is fada agus is oirirc í stair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Ba ann don Royal Cork Institution, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution fairsingthe nua seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution mar a bhí i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oideachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 socraíodh Coláiste Teicniúil a bhunú agus osclaíodh é in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm air. Ainmníodh an institiúid as an Uasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaí a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920aidí, bhí sí rannpháirteach i gcéim san innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh dioplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteacht Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960aidí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shibhialta, sa Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an saol.

Sa bhliain 1963, aistríodh na cúrsaí i bhfoirgníocht ón Institiúid a bhí plódaithe go dtí an Scoil Fhoirgníochta nua ag Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Choláiste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an bhfód i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar an Scoil Fhoirgníochta agus Innealtóireachta Leictrí a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huaire, Seán Ó Loinsigh, T.D. an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Mar thoradh ar athbhreithniú náisiúnta ar dhaonchumhacht, iarradh ar Institiúidí Ard-Oideachais tograí a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais in 1978 le haghaidh cúrsaí nua céime a chuirfeadh le scileanna daonchumhachta céimí an fhórsa oibre in Éirinn. Mhol Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí faoi stiúr a Phríomhaí James P Roche ceithre chúrsa céime, Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice, Innealtóireacht Mheicniúil, agus Ríomhaireacht. Bhí dianghníomhaíocht ar siúl sa choláiste chun ábhar cúrsa a ullmhú do na cúrsaí agus chun creidiúnú a lorg ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais. D'éirigh leis an tionscnamh agus bronnadh a gcuid pár ar chéad chéimithe na gcúrsaí sin in 1983. Thuill na cúrsaí an-mheas ó na páirtithe leasmhara sa tsochaí agus sa tionsclaíocht. Ina dhiaidh sin thug Institiúid Innealtóirí Éireann creidiúnú do na cúrsaí le haghaidh bhallraíocht ghairmiúil na hInstitiúide agus thug ballraíocht san Institiúid do chéimithe na gcúrsaí sin in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice, agus Innealtóireacht Mheicniúil. Thug Institiúid na nInnealtóirí Ceimiceacha creidiúnú ar leith don chéim in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht) le haghaidh bhallraíocht chorparáideach na hInstitiúide.

Tionóladh na 25ú Comórtais Idirnáisiúnta do Phrintísigh i gColáiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí ó 2 – 17 Meán Fómhair 1979. Tionóladh na Comórtais féin i dtríocha is ceithre scil ceirde go príomha i gcampas Bhaile an Easpaig agus bhí cúig thír déag san iomaíocht ón Eoraip, ón Áise agus ó Mheiriceá. Sheas an dian-ullmhúchán do na comórtais níos mó ná bliain agus ba ghá láithreáin theicniúla ar ardshonraíocht a ullmhú. Bhí breis is sé chéad iomaitheoir agus feidhmeannach ar an láthair agus ba mhór an cúram é cóiríocht a aimsiú do na cuairteoirí sin in óstáin na cathrach agus an chontae. Rinneadh ócáidí sóisialta a réiteach go cúramach do na haíonna agus bhí cuid mhaith imeachtaí cultúrtha agus cuairteanna ar áiteanna áille sa réigiún i gceist. Léiríodh ardleibhéal sástachta le cur i láthair na n-imeachtaí cultúrtha Gaelacha. D'oscail an tAire Oideachais John Wilson T.D. na comórtais agus bhronn Gene Fitzgerald T.D. na duaiseanna ag an searmanas dúnta. Thug Uachtarán na hÉireann, an Dr Pádraig Ó hIarghaile, cuairt ar na Comórtais. Mheas idir chuairteoirí agus an Roinn Oideachais gur éirigh thar barr go hidirnáisiúnta leis na himeachtaí agus bhí Éire sa tríú háit i dtábla na mbonn. Chuir an imeacht go mór le cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar ionad le haghaidh an leibhéil is airde ullmhúchán teicniúil agus éachtaí.

Rinneadh aonán féinrialaithe den Choláiste ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin do dhá fhoras oideachais eile a bhí á rialú ag an CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Theicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis sin ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oilte chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus ar shaotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na hInstitiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 athainmníodh an Coláiste mar "Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí" ag Micheál Martin, T.D., Aire Oideachais agus Eolaíochta.

In 1998 rinne grúpa athbhreithnithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar CIT agus, mar thoradh ar a gcuid moltaí, chinn an Rialtas in 1999 go dtabharfaí cumhacht don Institiúid a cuid Dioplómaí agus Teastas féin a bhronnadh de réir gnáthaimh a comhaontaíodh le Comhairle Náisiúnta na gDámhachtainí Oideachais. Ba é sin an chéad chéim i dtarmligean údaráis d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a céimeanna oideachais féin a bhronnadh.

I nDeireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpaig de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoráid i Rinn an Scidígh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é an NMCI atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh trádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd. atá freagrach as bainistiú saoráidí ag an gColáiste.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean don Institiúid dá cuid Clár Múinte uile go dtí Leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) agus an leibhéal sin san áireamh de chuid Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQUA) i mí an Mheithimh 2005.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005, rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharmligean d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmligean le comhaontú NQAI agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá inchomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás seo dámhachtainí a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT.

Le linn na tréimhse 2005 – 2007, cuireadh críoch le agus áitíodh sraith foirgneamh d'ardchaighdeán a bhuaigh duais, mar atá, Lárionad na Mac Léinn, an tÁras Riaracháin, an tÁras Turasóireachta agus Fáilteachais, agus iad mórthimpeall ar chlós. Chuir siad go mór le híomhá agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tógadh Lárionad Rubicon ar shuíomh dhá heicteár a ceannaíodh in 2002. Ó osclaíodh é in Eanáir 2006, tá Lárionad Rubicon tar éis é féin a shocrú mar chatalaíoch, agus é ag cabhrú le fiontraithe a gcuid tionscadal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Is é ról Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le foirmiú agus le fás gnólachtaí dian-fhaisnéiseacha ag an luathstaid, trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, chun teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí san Institiúid. Tá mar aidhm ag an Lárionad timpeallacht na cruthaíochta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas leanúnach i gcónaí ar fhás an taighde tráchtála agus gnó eolasbhunaithe sa Réigiún Thiar Theas.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí sin, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistiú i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.

Ba chloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta sin don chóras ardoideachais in Éirinn. Ba mhórchéim eile é i bhforbairt na nInstitiúidi Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfochéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtúireachta.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 sa Pharáid Mhór, Corcaigh agus is í an Cheolscoil is sine in Éirinn í. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheoirse agus ansin bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956. Thug Tuarascáil Hardiman deis athbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in CIT. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó institiúidí agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d'ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach. Thug an Comhpháirtí Poiblí Príobháideach, Hochtief, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar láimh go hoifigiúil d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Ó 2007 i leith, lean CIT de thionscadal leathan straitéise a raibh mar aidhm aige feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar láithreacht na hInstitiúide ar líne. Ba é a bhí mar chéad chuid den tionscadal sin suíomh gréasáin na hInstitiúide www.cit.ie a dtagann an pobal i dteagmháil leis a athdhearadh agus cuireadh i gcrích ina chéimeanna é. Is é an polasaí i dtaca leis an bpríomhláithreán gréasáin ná go bhfuil sé ann go príomha do dhaoine lasmuigh de CIT. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní bhíonn faisnéis a bhaineann go hábhartha leis an lucht féachana inmheánach le feiceáil ar an bpríomhláithreán gréasáin. Chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil dóibh siúd laistigh de CIT forbraíodh dhá thionscadal bhreise a raibh mar chuspóir leo seirbhís thiomanta ar líne agus tairseacha cumarsáide a sholáthar d'fhoireann agus do mhic léinn na hInstitiúide. Cuireadh Pas 1 den tionscadal do thairseach na foirne (gateway.cit.ie) i gcrích i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh tairseach na mac léinn (www.mycit.com) ar bun i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i mbun oibre é i gcomhar le córas rphoist na mac léinn.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise (14.175 heicteár) sna 1990aidí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a fhorbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe, T.D., Staidiam Spóirt nua.

Is comhoibriú í Dánlann Chaisleán na Carraige Duibhe idir Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bronntóir príobháideach. I mí na Samhna 2007 osclaíodh don phobal í mar Lárionad Eolaíochta, Réadlann agus bialann cois abhann agus ghnóthaigh sí gradam idirnáisiúnta.

Ba sa bhliain 1582 a tógadh an chéad túr, atógadh é in 1733 agus tógadh é mar atá sé inniu in 1829. Rinneadh athnuachan air sna 1960aidí agus fuair Bardas Chorcaí seilbh air in 2001. Baineann tábhacht leis an gCaisleán i gcur chun cinn na hEolaíochta agus suntasacht CIT i measc phobal an oideachais agus na sochaí.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe, T.D., cead do CIT suíomh agus foirgneamh taobh le Campas Bhaile an Easpaig a cheannach ón ngnólacht leictreonaice Tyco-Sensormatic as na SA chun an campas a fhairsingiú. Thug fáil an tsuímh agus an fhoirgnimh de 7.4 acra deis do CIT freastal ar gach gníomhaíocht phrintíseachta ar champas Bhaile an Easpaig dá cuid. Thug CIT cuid den mhaoiniú as a cuid acmhainní féin ach is as an mBuiséad Caipitil d'institiúidí tríú leibhéal a tháinig formhór an mhaoinithe don fháil. Bhí an tAire i láthair san Institiúid chun an Conradh le Tyco a shíniú ar 16 Deireadh Fómhair 2009 agus i láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, agus Donal Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, Tyco-Sensormatics Electronics.

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad Nimbus le haghaidh taighde ar Chórais Leabaithe. Agus é á mhaoiniú tríd an gClár Taighde de chuid an ÚAO in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) in 2007, is é Nimbus an chéad fhoirgneamh a críochnaíodh go náisiúnta sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTLI agus léirigh sé comhoibriú agus bainistiú tionscadail an-rathúil ag Oifig Forbartha CIT, na hailtirí, conraitheoirí tógála agus ag an bhfoireann taighdeoirí ar dóibh a dearadh an foirgneamh. Le linn tréimhse cúngaithe airgeadais, ba dhea-theist é chomh maith ar an bhfoireann gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus tús á chur leis in 2005, chuir CIT an t-aistriú i gcrích go dtí córas seachadta curaclaim modúlbhunaithe faoin mbliain 2009. Is gnách go gcuirtear modúlachán i bhfeidhm mar chuid de leasuithe níos leithne agus is minic go mbíonn baint aige le hoiliúint le haghaidh cuspóirí sainithe foghlama (go minic cumasbhunaithe); foghlaim i gcomhar; bealaí indibhidiúla oiliúna; agus carnadh creidmheasa agus aistriú. Ba mhar sin a bhí sé leis an tionscadal modúlacháin ag CIT. Chomh maith le córas modúlbhunaithe a thabhairt isteach, thug CIT bliain acadúil isteach a raibh dhá sheimeastar inti. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm do mhic léinn nua na chéad bhliana i Meán Fómhair 2007 agus leathnaíodh é go dtí na blianta uile de na cláir fhochéime agus iarchéime go léir i Meán Fómhair 2008. Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt céimithe a chuir a gclár iomlán céime onóracha i gcrích faoin gcóras nua i nDeireadh Fómhair 2011.

Osclaíodh Dánlann Ché Wandesford CIT taobh le Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT ar 18 Meitheamh 2010.

Le blianta beaga, tá Conarthaí sínithe ag CIT le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun comhoibriú a dhéanamh ar chláir acadúla agus taighde. Tá naisc láidre déanta ag an Institiúid go háirithe le Coláiste Ollscoile Chorcaí, leis an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, sa Ghearmáin agus le hOllscoil Pune san India.

## Mislean agus Luachanna Institiúid Teichneolaíochta Chorcaí

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluachanna na hInstitiúide.

## Ár Mislean

Táimid bródúil as an misean agus an ról ar leith atá againn i soláthar an ardoideachais don réigiún agus níos faide i gcéin. Is é ár misean:

**Oideachas agus taighde mac léinn-láraithe agus gairm-láraithe a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí mhór sa réigiún agus níos faide i gcéin.**

## Ár nGealltanais

Tá an Institiúid tiomanta dá ról laistigh den réigiún agus go náisiúnta. Agus ár misean á chomhlíonadh againn thar raon iomlán na ngníomhaíochtaí atá againn táimid dírithe ar na gealltanais seo a leanas a chuimsíonn tosaíochtaí, éiteas agus luachanna a chomhlíonadh …

- **Is Institiúid mac léinn-láraithe í CIT**
- **Déanann CIT oideachas agus taighde mac-léinn láraithe a sheachadadh**
- **Cuireann CIT rochtain uileghabhálach ar fáil ar an ardoideachas**
- **Imríonn CIT ról réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta**

## Ár bhFís

Agus aghaidh againn ar an todhchaí, is uaillmhianach agus dúshlánach í an fhís atá againn d'fhorbairt CIT, arb í:

**Beidh CIT ina hionad idirnáisiúnta aitheanta barr feabhais i soláthar oideachais ghairm-dhírithe a chuireann ar fáil daoine gairmiúla, éifeachtacha, eiticiúla a bhfuil an fhiontraíocht, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht ar a gcumas acu.**

## Ár Spriocanna á mBaint Amach

Tá ár spriocanna straitéiseacha ailínithe le spriocanna náisiúnta níos leithne ar a n-áirítear iad siúd a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030.

## An Creat Straitéiseach Bainistíochta

Tá glactha ag an Institiúid le cur chuige solúbtha agus oiriúnaitheach do bhainistíocht straitéiseach agus do phleanáil straitéiseach.

*Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2012 – 2016.*


Instituid Teicneolaíochta Chorcaí
Cork Institute of Technology

# clár na nábhar

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí


**Réamhrá**

| | | |
|---|---|---|
| 1.1 | Ráiteas ón gCathaoirleach | 12 |
| 1.2 | Ráiteas ón Uachtarán | 13 |
| 1.3 | Ráiteas maidir le Comhionannas | 16 |
| 1.4 | Gaeilge & Cultúr | 17 |
| 1.5 | Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin | 18 |
| 1.6 | Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide | 20 |
| 1.7 | Forbairt Saoráidí Spóirt | 25 |

**Rialachas**

| | | |
|---|---|---|
| 2.1 | Ballraíocht an Bhord Rialaithe | 28 |
| 2.2 | Cruinnithe an Bhord Rialaithe | 29 |
| 2.3 | Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI) | 30 |
| 2.4 | Foireann Shinsearach na hInstitiúide | 31 |

**Gnóthaí Acadúla & Mic Léinn**

| | | |
|---|---|---|
| 3.1 | Ballraíocht na Comhairle Acadúla | 36 |
| 3.2 | Ballraíocht Choiste Fheidhmiúcháin na Comhairle Acadúla | 38 |
| 3.3 | Coistí na Comhairle Acadúla | 39 |
| 3.4 | Forbairt Acadúil | 40 |
| 3.5 | Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha | 41 |
| 3.6 | Cúrsaí Faofa – Páirtaimseartha | 45 |
| 3.7 | Údaráis Bhailíochtaithe | 48 |
| 3.8 | Scrúdaitheoirí Seachtracha | 52 |
| 3.9 | Staitisticí Mic Léinn | 58 |
| 3.10 | Duaiseanna Mic Léinn | 63 |
| 3.11 | Ombudsman na Mac Léinn | 71 |

**Taighde & Forbairt**

| | | |
|---|---|---|
| 4.1 | Gníomhaíochtaí Forbartha | 74 |
| 4.2 | Gníomhaíochtaí Taighde | 77 |
| 4.3 | Naisc Sheachtracha Fhorbartha | 82 |
| 4.4 | Forbairt Champais | 86 |
| 4.5 | Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí | 92 |

**Tuairisc ar Acmhainní Daonna**

| | | |
|---|---|---|
| 5.1 | Tuaraisc ar Acmhainní Daonna | 96 |
| 5.2 | Líon na Foirne | 97 |
| 5.3 | Éachtaí na Foirne | 99 |

**Tuarascáil Airgeadais**

| | | |
|---|---|---|
| 6.1 | Tuarascáil Airgeadais | 104 |
| 6.2 | Cuntais Iniúchta | 105 |

**Faisnéis Eile**

| | | |
|---|---|---|
| 7.1 | Nuacht & Imeachtaí | 126 |
| 7.2 | Cumann na gCéimithe | 130 |
| 7.3 | Pointí Teagmhála | 131 |



*Leaba Tástála Zero2020*

# 1. Réamhrá




1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach

1.2 Ráiteas ón Uachtarán

1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas

1.4 Gaeilge & Cultúr

1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide

1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

## 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach



Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain 2011/2012 a chur i láthair. Leanann CIT de bheith ag iarraidh a misean a chomhlíonadh. Is é sin an t-oideachas mac léinnláraithe is fearr sa tír a chur ar fáil ar mhaithe leis na mic léinn agus chun leasa don tsochaí ina hiomláine. Tá mo chéad bhliain mar Chathaoirleach ar an mBord Rialaithe díreach curtha i gcrích agam agus ba mhór an phribhléid dom freastal a dhéanamh ar an Institiúid thábhachtach seo agus comhoibriú go dlúth le mo chomhghobharnóirí. Ba mhór an chabhair a thug siad dom le linn mo chéad bhliana.

B'onóir dom dul timpeall na hInstitiúide le linn na bliana agus bualadh le cuid mhaith den lucht foirne. Thug mo chuairteanna, ó Champas Bhaile an Easpaig go Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann go Dánlann Chaisleán na Carraige Duibhe, léargas dom. Onóir a bhí ann freastal ar na searmanais sa Crawford le linn na bliana agus a leithéid de stair agus traidisiún a bhlaiseadh. Tá aithne mhaith agam ar Rubicon agus Nimbus le fada an lá agus leanann siad de bheith chun tosaigh i ngach rud a dhéanann siad.

Ceann de bhuaicphointí na bliana ab ea seoladh an Champais Leathnaithe a chuir ar fáil nasc nuálach agus luachmhar leis an bhFiontraíocht. Cuid an-tábhachtach é an nasc sin le misean foriomlán CIT. I mbliana seoladh BSc agus MSc freisin i Néalríomhaireacht. Is comhoibritheach agus nuálach ach go háirithe é an MSc ina chur chuige ó thaobh na cianfhoghlama de.

Ar gach fronta ba bhliain iontach i gcúrsaí spóirt í agus go mór mór san Iománaíocht Shinsearach nuair a chuathas ar aghaidh go dtí Craobh an Chontae. Déanaim comhghairdeas leo ar fad agus guím rath orthu sa bhliain atá romhainn. Ba chuid an-tábhachtach de rath CIT riamh iad cúrsaí spóirt.

Léiríonn rath leanúnach na mac léinn in iomaíocht sheachtrach ag na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tiomantas agus díograis na mac léinn cáilíocht na hInstitiúide dáiríre.

Tá obair ar siúl i gcónaí maidir le hOllscoil Teicneolaíochta agus CIT ag iarraidh stádas Ollscoile a bhaint amach. Is príomhthéama straitéiseach é sin agus tugann an Bord Rialaithe a lán aire agus tacaíochta dó.

Sa deireadh, ba mhian liom buíochas a ghlacadh le baill an Bhord Rialaithe, leis an Uachtarán, an Dr Brendan Murphy, leis an mBainistíocht agus leis an bhFoireann ag CIT as a dtiomantas agus a gcuid crua-oibre le linn na bliana.

**Bob Savage**
**Cathaoirleach**

## 1.2 Ráiteas ón Uachtarán



Is í seo an t-ochtú bliain dom san oifig agus is mar seo a leanas atá mo Ráiteas mar Uachtarán:

### A. Foirgnimh agus Eastáit

D'eisigh Comhairle Chathair Chorcaí cead pleanála don Lárionad Acmhainní Foghlama (LRC) ar 12 Meán Fómhair. Ach i ngeall ar aeráid dheacair na heacnamaíochta, chuir an Roinn Oideachais an tionscadal ar ceal i mí na Samhna. Cuireadh críoch i mí an Mheithimh leis an bpróiseas dearaidh don Lárionad Taighde in Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) atá á mhaoiniú ag PRTLI-5 agus cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana i mí Iúil. Tá Céim 2 ar siúl d'achóiriú Áras Melbourn atá 4,000m$^2$. Cuirfidh sé seo cóiríocht ar fáil don Roinn Ailtireachta, d'Oifig na Scrúduithe agus don Halla Scrúdaithe.

### B. Gnóthaí Acadúla

Cuireadh tús i Meán Fómhair le céad chlár struchtúrtha PhD na hInstitiúide, "Ed4Life", atá á mhaoiniú faoi Chlár ÚAO–PRTLI–5 san Institiúid. Bhí an Searmanas Bliantúil Duaiseanna Ceoil de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT ar siúl i Meán Fómhair. Bhí 41ú Comórtais Scileanna Domhanda 2011 ar siúl i Londain ó 5 go 8 Deireadh Fómhair. Tháinig foireann na hÉireann ar a raibh aon duine ceirde déag sa 6ú háit ar an iomlán, rud is inmholta, agus bhuaigh siad 3 Bhonn Óir agus 5 Mheadáille don tSármhaitheas. Ghnóthaigh Gerald Murphy, céimí BEng (Onóracha) in Innealtóireacht Struchtúrtha Duais 2011 don Tionscadal Mic Léinn de chuid Institiúid na nInnealtóirí Struchtúrtha i nDeireadh Fómhair. Bhí Searmanas Bliantúil Duaiseanna na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar siúl ar 30 Deireadh Fómhair. Bronnadh tríocha is aon duais ar na mic léinn ar an oíche. Rinneadh Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar 21 Deireadh Fómhair agus fuair 1,160 réamhchéimí a gcuid pár. Rinneadh Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile na Dáimhe Innealtóireachta agus Eolaíochta agus Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar 24 Deireadh Fómhair. Fuair 1,314 réamhchéimí a gcuid pár. Bhí an Searmanas Bronnta Céimeanna agus Dámhachtainí Eile de chuid Cheolscoil Chorcaí agus Lárionad Chorcaí d'Oideachas Ailtireachta ar siúl ar 27 Deireadh Fómhair agus fuair 78 céimí a gcuid pár. Trí mheán an Champais Leathnaithe, sheol an Institiúid dhá chlár nua tiontaithe céime a chuireann ar chumas céimithe neamhfhostaithe as disciplíní neamh-ríomhaireachta cáilíocht acadúil a bhaint amach i néalríomhaireacht. Bronnadh an William Butler Award ar an Mac Léinn Innealtóireachta Meicniúla, Rian Edman, ag na Duaiseanna Fochéime ar 28 Deireadh Fómhair. Fuair na mic léinn Innealtóireachta Meicniúla, Daniel Allen, Patrick Byrnes agus Richard Childs Duaiseanna Náisiúnta Mic Léinn MEETA 2011 ar 18 Samhain. Bhí Searmanas Bliantúil Duaiseanna de chuid na Dáimhe Innealtóireachta agus Eolaíochta ar siúl ar 24 Samhain. Bronnadh tríocha is ocht nduais ar an oíche. Shínigh an Institiúid comhaontú le hOllscoil Plymouth, Coláiste Ollscoile Gjøvik, Hochschule Darmstadt – Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, mar bhaill bhunaidh Scoil Theicneolaíochta Chéimí na hEorpa ar 16 Eanáir. Shínigh Ollscoil Chicago comhaontú ceadúnais bogearraí le Taighdeoirí Bithfhaisnéisíochta de chuid CIT, an Dr Roy Sleator agus an Dr Paul Walsh, ar 26 Eanáir 2012. D'éirigh le tairiscint na hInstitiúide dhá chlár nua tiontaithe céime a sheoladh, Ard-Dioplóma in Eolaíocht i Néalríomhaireacht agus Ard-Dioplóma in Eolaíocht i bhForbairt Bogearraí Néalríomhaireachta agus Móibíleacha. Rinneadh bronnadh ar 29 mac léinn ag Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 16 Feabhra. Fuair na mic léinn Innealtóireachta Meicniúla, Daniel Allen, Patrick Byrnes agus Richard Childs an Duais Cheannais i nDuais Vicon don Innealtóireacht Leighis ab fhearr ag na 24ú Comórtais Bhliantúla Idirnáisiúnta Innealtóireachta Leighis i Londain ar 29 Feabhra. Fuair an mac léinn PhD, Kieran O'Callaghan, Craobh Nuálaíochta Eorpach Mic Léinn – Innovact 2012 – ar 28 Márta in Reims na Fraince. Síníodh Comhaontú Meamram Tuisceana idir CIT CCAD agus Ollscoil Tsinghua in Beizing ar 15 Márta i láthair an Aire Stáit, Ciarán Cannon, T.D., agus Ambasadóir na hÉireann chun na Síne, A Shoilse Declan Kelleher. Sheol an tAire Stáit, Kathleen Lynch, T.D., Aire Stáit sa Roinn Sláinte agus sa Roinn Cirt, Comhionannais & Cosanta, foilseachán de chuid CIT, "Access the Beginning of your Future" ar 16 Márta. Shínigh an Institiúid comhaontú Meamram Tuisceana le hOllscoil Shanghai ag Tyras Taispeántais Oideachais Idirnáisiúnta na Síne ar 17 Márta 2012. D'óstaigh an Institiúid cuairt ó Chomhairle Pittsburg ar an Ard-Oideachas (PCHE), cuibhreannas ilchuspóireach deonach de chuid deich gcoláiste agus ollscoil creidiúnaithe in Pennsylvania ar 26 Aibreán. Chuir an Institiúid fáilte roimh phainéal cuairte ó Innealtóirí Éireann a bhí rannpháirteach i gcreidiúnú Clár Oideachais Innealtóireachta ag an Institiúid ó 23 go 24 Bealtaine. Moladh sé chlár le haghaidh creidiúnaithe. Bhí an taispeántas deireadh bliana de chuid Lárionad Chorcaí d'Oideachas Ailtireachta (CCAE) ar siúl ar 1 Meitheamh. Osclaíodh an Taispeántas Ailtireachta Istigh agus Teicneolaíocht Ailtireachta ar 7 Meitheamh. Ba é Simon Coveney, T.D., Aire Talmhaíochta, Mara agus Bia an

t-aoichainteoir. Sheol an Institiúid a Clár Springboard 2012 ag an Institiúid ar 13 Meitheamh, clár a dhéanann 262 áit a thairiscint ar shé chúrsa déag. Fuair daichead is sé chéimí a gcuid pár ag Bronnadh Bliantúil Céimeanna agus Ardteastas an tsamhraidh a bhí ar siúl ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 19 Meitheamh. D'óstaigh an Institiúid cuairt ónár gcomhpháirtithe Gearmánacha, Hochschule Darmstadt – Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha – ar 5 agus 6 Iúil. Fuair an Institiúid maoiniú ón Áisínteacht Náisiúnta Erasmus d'Éirinn le haghaidh dhá Dhianchlár Erasmus arbh fhiú €91,127 iad.

### C. Gnóthaí Straitéiseacha

Tá creat comhtháite straitéiseach bainistíochta á fhorbairt. Comhcheanglóidh an creat gníomhaíochtaí straitéiseacha, bainistíocht riosca agus tomhais fheidhmíochta i dtaca le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha na hInstitiúide. Bainfidh na haonaid éagsúla ar fud na hInstitiúide úsáid as an gcreat sin agus a gcuid pleananna féin á gcruthú acu, agus comhsheasmhacht foirme agus cleachtais á cinntiú ar fud na heagraíochta ar an gcaoi sin.

### D. Foireann

Ceapadh an Dr Helen O'Shea, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha, ina ball d'Fhochoiste Sábháilteachta Bithí de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar 8 Meán Fómhair. Bronnadh an duais "Best IT Department" ar Sheirbhísí TF ag an IT @ Cork Leaders Awards ar 24 Samhain. Chuaigh an Dr Stephen Cassidy i mbun dualgais mar Dhéan Feabhsaithe Cáilíochta Acadúla ar 3 Feabhra. Ceapadh Tadhg Leane Uas. sa phost mar Cheann na Forbartha Straitéisí ar 2 Márta. Chuaigh an Dr Áine Ní Shé i mbun dualgais mar Cheann na Roinne Matamaitice agus chuaigh an Dr Michael O'Mahony i mbun dualgais mar Cheann na Roinne Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh agus Iompair ar 4 Bealtaine. Ceapadh an Dr Helen O'Shea, Léachtóir, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha ina Scrúdaitheoir Seachtrach ag Ollscoil Cambridge i mí an Mheithimh. Ceapadh John Twohig Uas., don phost mar Cheann an Lárionad do Staidéar Ceirde ar 8 Meitheamh. Fuair Seán O'Leary Uas., Léachtóir Sinsearach, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Bithleighis agus Déantúsaíochta, na duaiseanna seo a leanas le linn na bliana:

(i) ESB Outstanding Contribution to Engineering Award 2011 ag Duaiseanna Innealtóirí Éireann don Bharr Feabhais ar 4 Samhain

(ii) Fógraíodh an mhór-aighneacht "Engineering an Innovative Eco-System" de chuid Saotharlanna Forbartha Táirge Nuálaíochta CIT, a raibh Seán ina údar air, ina buaiteoir sa "Best in Class" Engineering Education Inaugural National Award 2011 ag Duaiseanna Innealtóirí Éireann don Bharr Feabhais ar 4 Samhain

(iii) Buaiteoir Duais Fiontar Éireann/Invest Northern Ireland Academic Innovation 2012 ar 7 Meitheamh.

### E. Ealaíona, Cultúr agus Spórt

Bhuaigh Foireann Seoltóireachta na hInstitiúide an Bonn Cré-umha ag Craobh-Chomórtais Luamhaireachta Domhanda na Mac Léinn in La Trinité-sur-Mer ar 28 Deireadh Fómhair. Bhuaigh foireann Hacaí na bhFear de chuid na hInstitiúide an "Mauritius Plate" de chuid Chumann Hacaí Ollscoileanna na hÉireann ar 1 Samhain. Bhuaigh foireann Eitpheile na mBan de chuid na hInstitiúide an "Intervarsities Plate" a bhí á óstú ag NUIG ó 16 – 19 Samhain 2011. Bhí Sparántachtaí Bliantúla Spóirt na hInstitiúide ar siúl ar 30 Samhain agus bronnadh 105 sparánacht ar fad ar shár-lúthchleasaithe na hInstitiúide ó raon leathan spóirt. Shínigh an Institiúid comhaontú ar 20 Eanáir 2012 le Bord Chontae Chorcaí chun ceanncheathrú do phainéal Iománaíochta Sinsearaí Chorcaí a óstú ag Campas Bhaile an Easpaig. Bunaíodh an Cork Municipal Technical Institute, réamhtheachtaí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí mar atá inniu, mar fhoirgneamh úrnua ag Sráid Sharman Crawford 100 bliain ó shin, agus tharla searmanas oscailte ar 16 Eanáir. Faoi láthair is san fhoirgneamh sin atá Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT lonnaithe agus tharla sraith imeachtaí le linn na bliana chun an 100 bliain d'oideachas ag an gCrawford a chomóradh. Bhí Lá Idirnáisiúnta na Mac Léinn ar siúl ag an Institiúid ar 21 Feabhra. Bhí Craobhchomórtas an Eurostar ar siúl ar 28 Feabhra ag an Institiúid. Ba í buaiteoir na ranna clúdaigh ná Muriel Foley, Roinn na Meán Cumarsáide agus na buaiteoirí sa roinn bhunúil ná Cian Sweeny agus Brinny O'Toole, Ceolscoil Chorcaí CIT. D'óstaigh an Institiúid sraith taispeántas, léachtaí, ceardlanna agus comhoibrithe amharcealaíne/ceoil ag Campas Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, Ceolscoil Chorcaí CIT, Lárionad Chorcaí d'Oideachas Ailtireachta agus Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT mar chuid d'Fhéile na Foghlama ar Feadh an tSaoil a bhí ar siúl ó 26 go 31 Márta. Sheol an Canónach G A Salter, Uachtarán Chumann Liteartha & Staire Chorcaí agus comhalta de Bhord Rialaithe na hInstitiúide, an leabhar "Royal Cork Institution – Pioneer of Education" go foirmiúil ar 12 Aibreán. Tig le Dámh Eolaíochta na hInstitiúide agus na comh-scoileanna Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Ceolscoil Chorcaí CIT a mbunús a rianú siar go dtí an Royal Cork Institution. D'óstaigh an Institiúid Craobhchomórtais Raoin is Faiche Ollscoileanna na hÉireann ar 21 Aibreán. Comhghairdeas le céimithe CIT Ray Carey, James Fitzpatrick, Colm O'Neill, Daniel Goulding, Donncha O'Connor, Paul Kerrigan, Conor O'Driscoll agus Graham Canty, agus an mac léinn reatha Aidan Walsh a bhí páirteach i bhFoireann Shinsearach Peile Chorcaí a ghnóthaigh teideal Sraith Peile Náisiúnta 2012 Roinn 1 ar 29 Aibreán. Bhí Duaiseanna Spóirt 2012 na hInstitiúide ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig ar 2 Bealtaine. Bronnadh deich nduais ar leith an tráthnóna sin agus bronnadh Duais Éachtaí Náisiúnta ar Fhoireann Chorn Seoltóireachta Dhomhanda CIT in onóir dá n-éacht iontach nuair a ghnóthaigh siad an tríú háit ag Corn Luamhaireachta Domhanda na Mac Léinn. Osclaíodh "EXXIT" an 20ú Comóradh Bliana ar Thaispeántas céime Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar 15 Meitheamh. D'óstaigh an Institiúid Campa Samhraidh Sacair an FAI ag Campas Bhaile an Easpaig ó 16 go 27 Iúil. D'óstaigh an Institiúid an 61ú Comhthionól Lúthchleas Idirnáisiúnta de chuid Lúthchleasaithe Chathair Chorcaí ag Campas Bhaile

an Easpaig ar 17 Iúil. Thug Uachtarán na hÉireann, Micheál D Ó hUiginn Uas., cuairt ar Cheolscoil Chorcaí CIT ar 21 Iúil. Osclaíodh don phobal Taispeántas Chomóradh Céad Bliain Crawford ar 18 Lúnasa agus cuireadh ar taispeáint ann earraí cuimhneacháin agus déantúsáin a bailíodh le linn an 100 bliain seo caite a bhaineann le stair Crawford.

**F. Nuálaíocht agus Taighde**

Fuair an mac léinn Innealtóireachta Meicniúla, Rian Edman, an "First Place Babcock Award agus Best European Mechanical Engineering Student 2011" ag searmanas duaise i Londain ar 23 Meán Fómhair. Thug an tAire Stáit do Thaighde agus Nuálaíocht, Seán Sherlock T.D., cuairt ar Lárionad Rubicon agus ar Lárionad Nimbus le haghaidh Córas Leabaithe ar 17 Deireadh Fómhair. Bhronn Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, Bonn Óir mar dhuais William Butler/Oscar Wilde ar an mac léinn Innealtóireachta Meicniúla, Rian Edman, ag bronnadh na nDuaiseanna Fochéime ar 28 Deireadh Fómhair. D'éirigh le dhá cheann de Bhraislí Taighde na hInstitiúide, Córais Leabaithe Líonraithe agus Fótónaic, i gcúig Chlár Maoinithe ardcháiliúil SFI, agus bronnadh €1.04m ar fad. Bhunaigh an Institiúid Campas Leathnaithe CIT i mí na Samhna, ar saoráid uathúil é seo atá ceaptha le tacú le páirtíocht dhébhealaigh idir daoine aonair agus eagraíochtaí le CIT le haghaidh babhtáil eolais, léinn, taighde agus forbartha. Sheol an Taoiseach, Enda Kenny T.D., an Tionscnamh comhoibritheach Taighde agus Forbairt IMERC ina bhfuil an Institiúid, UCC agus Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 25 Samhain. Sheol an Institiúid céad iApp CIT, CIT Cosmos, don iPhone agus iPad ar 2 Nollaig. Thug an Taoiseach, Enda Kenny T.D., Simon Coveney T.D., Aire Talmhaíochta, Mara agus Bia, agus Seán Sherlock T.D., Aire Stáit do Thaighde agus Nuálaíocht, cuairt ar Lárionad Rubicon ar 3 Feabhra. D'fhógair an Taoiseach méadú ar an líon jabanna ag Treemetrics Ltd, cuideachta atá bunaithe sa Rubicon. Bhí Taispeántas Gradaim Fiontair Genesis 2012 ar siúl ar 5 Márta. Bhí Seachtain na Nuálaíochta ar siúl ag an Institiúid ó 5 go 9 Márta, rud a thug deis don Institiúid gníomhaíochtaí agus gnóthuithe CIT a cheiliúradh agus a chur ar taispeáint i réimsí na Fiontraíochta agus na Nuálaíochta. Ba é buaicphointe na seachtaine ná Duais C17 don Nuálaíocht agus Bill Liao Uas. comhbhunaitheoir ghluaiseacht CoderDojo, mar phríomhchainteoir. Bhí SciFest 2012 ar siúl ag an Institiúid ar 20 Aibreán agus é á oscailt ag Seán Sherlock, T.D., Aire Stáit do Thaighde agus Nuálaíocht agus breis is 300 rannpháirtí i láthair as 22 scoil dara leibhéal i gCathair agus Contae Chorcaí. Ar 20 Aibreán d'fhógair Seán Sherlock T.D., Aire Stáit do Thaighde agus Nuálaíocht, maoiniú Rialtais de €12.3m a cuireadh ar fáil trí mheán Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) "Starting Investigator Research Grants". Bhí CIT ar cheann de na naoi nInstitiúid Ard-Oideachais a fuair maoiniú. Bhí Taispeántas Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta & Bhithleighis Chorcaí ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig ar 26 Aibreán. Ba é an téama don bhliain ná "Chemical Engineering – Universal Engineering" agus bhí breis is 190 seastán ann. D'éirigh le hiarratas na hInstitiúide ar thacaíocht mhaoinithe de €15,000 do Chomhdháil Drop Reaction and Microfluidic Analysis" faoi chlár Comhdhála & Ceardlainne FEÉ. Bhronn Pat Rabbitte, T.D., Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Chéad Duais ar an mac léinn PhD, Kieran O'Callaghan, as a chuid Táirgí Cumasaithe, AquaEye agus VisionRE ag searmanas ar 26 Aibreán. Fuair na mic léinn ón Roinn Eolaíochtaí Bitheacha, Emma Gabriel agus Shirley Ross, Scoláireachtaí ardcháiliúil arbh fhiú €72,000 an ceann iad do gach mac léinn de chuid Chomhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht & Teicneolaíocht (IRCSET). Cuireadh ar a gcumas ar an gcaoi sin clár iarchéime PhD a chur i gcrích. Ar 19 Meitheamh fuair an mac léinn Innealtóireachta Meicniúla, Martin Evans, an teideal ""Engineers Ireland Innovative Student of the Year Award 2012" as meaisín clibirte a dhearadh agus a fhorbairt. Ba é IMERC an chéad Tionscadal Muirí a ghnóthaigh Duais an Taoisigh don tSeirbhís Phoiblí Bharr Feabhais 2012 ar 21 Meitheamh. D'éirigh le hiarratas Lárionad Nimbus CIT le haghaidh tionscadail arbh fhiú €140,000 ar Chiste Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Chontae Chorcaí. Tugadh onóir do dhá cheann d'fhoirne ildisciplíneacha de chuid na hInstitiúide ag Craobhchomórtais Fiontraíochta Fhiontar Éireann/Invest Northern Ireland Think Outside the Box ar 18 Meitheamh. Fuair an Institiúid an Duais Nuálaíochta Acadúla 2012 freisin. Fuair an mac léinn Innealtóireachta Meicniúla, Martin Evans, an "Chéad Áit agus Mac Léinn Innealtóireachta Nuálaí na Bliana 2012" ag Craobhchomórtais Duaise don Innealtóir Nuálach Innealtóirí Éireann ar 18 Meitheamh. Thug an tOllamh Sajal Das, Ollscoil Texas ag Arlington, cuairt ar an Institiúid ar 14 Lúnasa. Bronnadh an SFI Walton Fellowship Award ar an Ollamh Das le taighde a dhéanamh ag Lárionad Nimbus de chuid na hInstitiúide. Fuair "nSilico" a raibh an Dr Paul Walsh agus an Dr Roy Sleator i gceannas air breis is €1m de mhaoiniú taighde faoin gClár FP7 go luath i Lúnasa. D'óstaigh an Institiúid Campa Fiontair CIT ar 17 Lúnasa don 25 fiontraí óg ó scoileanna Chathair agus Chontae Chorcaí a ghlac páirt sa chlár fiontraíoch 5 lá ag Lárionad Rubicon.

**G. An Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas**

I bhFeabhra 2012 d'fhoilsigh an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) an Próiseas agus na Critéir d'Ainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta i gcomhar le páipéar polasaí ar Thírdhreach don Ard-Oideachas sa Todhchaí. I ndiaidh an fhoilsithe sin d'iarr an tÚAO aighneachtaí ó institiúidí i dtaca leis an tírdhreach a bhí molta. I mí Iúil 2012, rinne CIT aighneacht a rinne cur síos ar rún na hInstitiúide ainmniú a lorg mar Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM) i gcomhar le Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Rinne IT Thrá Lí agus LIT aighneachtaí a bhí comhchosúil le haighneacht CIT

**An Dr Brendan J. Murphy**
**Uachtarán**

## 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas

Is fostóir deiseanna comhionannais í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann idirdhealú ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Oibreoidh sí i gcónaí ar son díothú cleachtas míchóir agus cuirfidh sí chun cinn agus forbróidh sí éiteas comhionannais laistigh den Institiúid.

## 1.4 Gaeilge & Cultúr



Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá cuid mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

## 1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

Feidhmíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí thar cheithre phríomhshuíomh i gcathair agus i gcontae Chorcaí:

Campas Bhaile an Easpaig atá suite i mbruachbhailte thiar Chathair Chorcaí

Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CIT CCAD) atá suite i gCathair Chorcaí

Ceolscoil Chorcaí (CIT CSM) atá suite i gCathair Chorcaí

Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) atá suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

### Campas Bhaile an Easpaig

Tá an Príomh-Champas a bhfuil achar 35 heicteár ann suite i mBaile an Easpaig agus cuimsíonn sé Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, an Dámh Ghnó & Daonnachtaí, Príomh-Leabharlann CIT, Saoráidí Spóirt agus oifigí an Uachtaráin, an Chláraitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla, Leas-Uachtaráin d'Fhorbairt agus an Leas-Uachtaráin do Chúrsaí Airgeadais & Riaracháin.

Tá Lárionad Rubicon agus Lárionad Nimbus suite ar an gcampas seo freisin.

### Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CIT CCAD)

Is foirgneamh liostaithe é Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT atá ann ó go luath sna 1900aidí i Sráid Sharman Crawford agus cuimsíonn sé na ranna Mínealaín & Dearadh Ceirmeach, Oideachas Ealaíne & Dearaidh agus Teiripe Ealaíne & Amharc-Oideachas Leantach. Is cuid de CIT CCAD freisin í Roinn na Meán Cumarsáide atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig.


### Ceolscoil Chorcaí CIT (CIT CSM)

Téann stair CIT CSM siar go dtí 1878 agus tá sí suite anois i saoráid úrscothach ó Mheán Fómhair 2007. Cuimsíonn sí na ranna Staidéar Méarcháir, Staidéar Sreinge, Gaothuirlisí, Cnaguirlisí, Staidéar Gutha & Drámaíochta agus Staidéar Ceoltóireachta & Acadúil.

### Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI)

Tá an coláiste úrscothach seo, atá ag feidhmiú ó 2004, suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí. Cuireann sé oiliúint agus oideachas ar fáil don loingeas tráchtála agus do riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann (INS). Is iad Seirbhísí NMCI an chuid tráchtála den Choláiste.

## 1.5 Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide



## 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta a fheidhmíonn laistigh den Institiúid

*Feidhmíonn na Lárionaid agus an tAonad seo a leanas faoi choimirce an Leas-Uachtarán don Fhorbairt:*

**1. Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCCD)**

Trí bhíthin RCCD, tá CIT ag athrú dearcaí i leith na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta go dearfach agus é mar aidhm aici aitheantas agus meas uirthi mar lárionad dearscnaitheachta i dtaighde agus in oideachas agus i bhfor-rochtain san eolaíocht a bhaint amach. Trí mheán na réalteolaíochta cuireann RCCD lárionad dearscnaitheachta ar fáil do phobal Chorcaí agus don mhór-réigiún san eolaíocht, rud a chothaíonn spéis san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tugann 25,000 cuairteoir cuairt ar RCCD in aghaidh na bliana.

**2. Lárionad Nimbus do Thaighde i gCórais Leabaithe Líonraithe**

Is foirgneamh taighde úrscothach a tógadh le sainchuspóir é Lárionad Nimbus de 1,800m$^2$ arb é an Grúpa Taighde Straitéiseach um Chórais Leabaithe Líonraithe a chnámh droma. Cuimsíonn Nimbus an Grúpa Córas Oiriúnaitheachta Gan Sreang, an Grúpa Córas Cliste Comhtháite agus an Lárionad Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC). Feidhmíonn Lárionad TEC mar an comhéadan príomhúil tionscail le Rubicon agus cuireann "siopa aon stad" ar fáil don nuálaíocht i gcórais leabaithe le haghaidh tionscail sa réigiún. Cuireann Lárionad Rubicon deis ar fáil do thionscal úsáid a bhaint as saotharlanna tionscail agus teacht ar chláir thacaíochta. Beidh foireann de 80 idir thaighdeoirí agus mhic léinn iarchéime lonnaithe ann nuair a bheidh sé lán.

**3. Lárionad Rubicon**

Is Lárionad Goir ar champas CIT é Lárionad Rubicon. Lonnaithe anseo tá 50 cuideachta tosaithe eolasbhunaithe agus céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Ar an gcéim choincheapa atá cuid de na cliaint, roinnt eile agus a gcéad orduithe ó chustaiméirí á gcur i gcrích acu agus cuid mhaith eile agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta cheana féin. Ó osclaíodh doirse Lárionad Rubicon in Eanáir 2006, tá sé tár éis áit a bhaint amach mar chatalaíoch don nuálaíocht agus don fhiontraíocht i gCorcaigh. Chuaigh síneadh leis an bhfoirgneamh i mbun oibríochta i Meitheamh 2010, rud a chuir méadú ar an spás iomlán goir go 2,100m$^2$. Is é is ról do Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le deilbhiú agus forás gnólachtaí dianeolais go luath ina saol trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí Institiúide a chur ar fáil. Tá mar sprioc ag an Lárionad timpeallacht na cruthaíochta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas i gcónaí ar fhás gnólachtaí eolasbhunaithe agus taighde tráchtála a chothú i Réigiún an Iar-dheiscirt.

**4. Aonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha**

Cuireadh an tAonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar Thionscadail an Chiste Nuálaíochta Straitéise (SIF) atá á dtreorú ag CIT An tOideachas san Fhostaíocht (Timthriall 1) agus Mapa Bóthair do Chomhpháirtíochtaí Fostaíochta-Acadúla (Timthriall 2). Is éard atá i gceist leis ná 9 nInstitiúid Teicneolaíochta agus 2 Ollscoil comhpháirtíochta i gcomhar. Tá an tAonad freagrach freisin as an mbaint atá ag CIT le roinnt tionscadal SIF gaolmhara ar a n-áirítear Aistriú Eolais sa Churaclam atá á threorú ag WIT, an Tionscadal Foghlama Solúbtha atá á threorú ag IOTI agus an tionscadal IDEAS agus é á threorú ag UL. Chomh maith le haschuir agus gnéithe airgeadais na dtionscadal a bhainistiú, tá an tAonad freagrach freisin as aschur na dtionscadal a scaipeadh agus as gníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus bainteachta a phríomhshruthú

*Feidhmíonn na Lárionaid seo a leanas faoi choimirce Cheann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta:*

**1. An Bhraisle Straitéiseach Bhith-Fhionnachtana (Bio-Explore)**

Is é atá sa Ghrúpa Straitéiseach Bith-Fhionnachtana ná grúpa ildisciplíneach taighdeoirí ina bhfuil baill ó na Bitheolaíochtaí, ó Cheimic, Fhisic agus Ionstraimíocht Fheidhmeach agus Innealtóireacht Bhithleighis. Aslonnóidh taighdeoirí Bith-Fhionnachtana go dtí foirgneamh nua in 2013. Cuirfidh an Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) timpeallacht ildisciplíneach agus teacht go héasca ar fáil do thionscal agus do thaighdeoirí cuairte.

Cuimsíonn Bio-Explore:

- MEDIC – an Lárionad d'Innealtóireacht Dearaidh agus Nuálaíochta Leighis. Tá ionstraimí nua agus cur chuige á bhforbairt a thabharfaidh roinnt coincheap táirgí leighis go dtí staid an réamhthráchtálaithe gach bliain. Dhá sprioc ardleibhéil atá ag MEDIC, cur le hacmhainn Taighde Bithleighis agus Eolaíochta Feidhmí CIT agus teicneolaíochtaí agus le táirgí leighis a bhfuil acmhainn tráchtála iontu. Déanfaidh MEDIC na feistí agus na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt go dtí an staid ina mbeidh siad inaistrithe go dtí aonán tráchtálaithe (e.g. cuideachta atá ann trí mheán chomhaontú ceadúnais NÓ eischuideachtaí campais). Díreoidh MEDIC ar thrí shnáithe taighde: feistí leighis SMART (comhtháthú micrileictreonaice

i bhfeistí leighis amhail ionchlannáin ortaipéideacha); Athshlánú Cuidithe (úsáid a bhaint as anailís ar an siúl chun táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh athshlánú íobartach stróic agus/nó feabhas a chur ar fhorbairt fhisiceach le haghaidh leanaí ar a bhfuil parailís cheirbreach; agus Leigheas Teiripeach agus Athghiniúnach – dírithe ar bheangáin ortaipéideacha cnáimhe, comhdhúilí athghiniúnacha agus antabhaictéireacha;

- Taighde Micribhitheolaíochta/Víreolaíochta – dírithe ar scagadh, leithlisiú agus a comhdhúile nua antaimiocróbacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shláinte an duine;
- Taighde ar an mBithfhaisnéisíocht – dírithe ar thacú le faisnéis a bhaint as taiscí sonraí bitheolaíocha;
- Taighde ar Bhia – dírithe ar fhabhtú fungasach agus baictéarach a smachtú i dtáirgí déiríochta agus feola, síneadh a chur le seilfré tháirgí úra agus réamhbhitheachtaí a fhorbairt;
- Taighde ar Mhais-Speictriméadracht agus ar Bhith-Ghníomhaithe – dírithe ar leithlisiú, thréithriú agus ar úsáid comhdhúile bithghníomhacha (ar a n-áirítear luibheanna) i raon leathan feidhmeanna. Baintear úsáid as teicnící mais-speictriméadrachta a bhfuil na taighdeoirí chun tosaigh go domhanda inti, do chuid mhaith den taighde fiosraithe. Tá taighdeoirí CIT ar thús cadhnaíochta san Eoraip sa réimse sin i gcúrsaí bith-thocsainí bia-iompartha.

### 2. An Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta (CAMMS)

Tá an lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta nasctha le Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí agus le Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla in CIT. Baineann an Lárionad leas as saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochtaithe na Ranna sin chun fadhbanna a réiteach do thionscal agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teastasuithe atá ar fáil tá City and Guilds, American Society for Quality agus Cumann na nInnealtóirí Déantúsaíochta. Is Comhbhall é an Lárionad den Institiúid Idirnáisiúnta do Thaighde Innealtóireachta Táirgthe (CIRP) agus Soláthraí aitheanta Oiliúna d'Fhorbairt Leantach Ghairmiúil Innealtóirí Éireann. Féadfar cláir shaindeartha a sheachadadh sa láthair oibre nó ag CIT.

### 3. An Lárionad d'Anailís Dromchla & Comhéadain (CSIA)

Tá an lárionad d'Anailís Dromchla & Comhéadain (CSIA) bunaithe i Roinn na Fisice Feidhmí agus na hIonstraimíochta, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Forbraíodh an Lárionad seo le cistiú rialtais agus Aontais Eorpaigh, mar shainsaoráid d'anailís dromchla agus cláréadáin ábhar. Cuireann an Lárionad an raon seirbhísí seo a leanas ar fáil ar bhonn tráchtála:

- Seirbhísí Anailíseacha: seirbhís tráchtála anailíse dromchla atá dírithe ar úsáideoirí tionscail agus úsáideoirí eile, a bhfuil i gceist léi iompú thart tapa i réiteach fadhbanna a bhaineann le dearbhú cáilíochta, aimsiú saincheisteanna próisis agus táirgeachta eile;
- T & F Conartha: T & F réamhiomaíoch agus iomaíoch trí bheith rannpháirteach ar bhonn comhpháirtíochta i dtionscadail a eascraíonn ó laistigh de thionscal;
- Oideachas agus Oiliúint: cúrsaí gearra a chur ar fáil ar theicneolaíochtaí anailíseacha agus ar thopaicí gaolmhara;
- Comhairliúchán: rochtain ar shainchomhairle a chur ar fáil, bíodh sí sin trí shaineolas intí nó trí bhunachair sonraí agus líonra de chonarthaí seachtracha;
- Baintear leas as teicneolaíochtaí amháil speictreascópacht leictreoin Auger (AES), speictreascópacht fhótaleictreoin X-gha (XPS) agus scannadh micreascópachta leictreoin (SEM) chun anailís a dhéanamh ar cheimicí dromchla agus fodhromchla de shamplaí faoi riochtaí UHV.

### 4. Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí (CCAE)

Is comhfhiontar é idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí a bunaíodh in 2006. Agus Comhairle Chathair Chorcaí agus gairm na hailtireachta laistigh den réigiún ag tacú leis, is fiontar uathúil é Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus is forbairt nádúrtha é ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhpháirtíocht thrasinstitiúideach.

Cuireann sé fochéimeanna agus iarchéimeanna comhdháfa (múinte agus taighde) in Ailtireacht ar fáil.

### 5. An Lárionad Glan-Teicneolaíochta (CTC)

Cuireadh CTC, atá suite ag Campas Bhaile an Easpaig, ar bun in 1992 mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus é dírithe ar chuir chuige choisctheacha do chosaint an chomhshaoil. Is uathúil mar a tháinig an CTC ar an bhfód agus mar ar tugadh tacaíocht dó. I ngach tír ina bhfuil lárionad dearscnaitheach dá leithéid, is ag nó i gcomhar le rialtas áitiúil nó leis an rialtas náisiúnta amháin a

bunaíodh iad. Ach ba mhar thoradh ar fhadbhreathnaitheacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cruthaíodh CTC go príomha agus mar léiriú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach tionscail.

Is comhlacht neamhspleách é an CTC, arb é a misean comhairle agus cabhair a thabhairt do thionscal,don Rialtas agus don tsochaí araon maidir le patrún inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta. Cinntíonn iontaofacht agus cáil an CTC measúnú neamhchlaonta ar shaincheisteanna comhshaoil. Is é atá mar sprioc aige tomhaltas agus patrúin táirgeachta a bhogadh i dtreo chur chuige atá níos coiscthigh, trí Tháirgeacht Níos Glaine agus úsáid na Teicneolaíochta Níos Glaine. Baineann buntáistí eacnamaíochta, sóisialta, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil le táirgeadh níos glaine. Ó shin i leith, tá forás tagtha air sin go "táirgeacht inbhuanaithe" a bhfuil san áireamh inti gnéithe amhail freagracht shóisialta chorparáideach.

Óna thús, aithníodh CTC mar lárionad dearscnaitheacha i réimse an bhainistithe comhshaoil agus mar cheann den dream is mó a chuireann chun cinn an táirgeacht níos glaine agus na cuir chuige choisctheacha le haghaidh chosaint an chomhshaoil in Éirinn agus san Eoraip. Bhí sé gníomhach riamh i dtaighde agus sainchomhairleacht i gcúrsaí comhshaoil chun comhairle mhaith agus cabhair a chur ar fáil do raon leathan cliant náisiúnta agus idirnáisiúnta. Orthu siúd áirítear cuideachtaí aonair, grúpaí earnálacha, agus scátheagraíochtaí tionsclaíocha. Tá punann tionsclaíoch de bhreis agus 250 cuideachta ag CTC. Ar na cliaint eile tá údaráis áitiúla, áisínteachtaí náisiúnta, Ranna Rialtais chomh maith le roinnt Stiúrthóireachtaí Ginearálta de chuid Choimisiún na hEorpa. Chuir CTC 120 tionscadal taighde ar an gcomhshaol i ngníomh le breis agus 100 comhpháirtí as breis is 30 tír.

### 6. Lárionad Náisiúnta na hÉireann don Teicneolaíocht Seicne (INCMT)

Tá Lárionad Náisiúnta na hÉireann don Teicneolaíocht Seicne (INCMT) bunaithe i Roinn na hInnealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair.

Cuireadh an INCMT ar bun chun taighde acadúil a chothú i gcur i bhfeidhm na teicneolaíochta seicne agus chun aistriú na teicneolaíochta a chur chun cinn sa réimse sin. Is é ráiteas misin an INCMT ná:

(i) Úsáid na teicneolaíochta seicne ag tionscal a chur chun cinn in Éirinn,

(ii) Tionscadail T & F a chur i ngníomh a chothóidh aistriú na teicneolaíochta in Éirinn agus cur le tuiscint acadúil, agus

(iii) Líonra náisiúnta a chruthú a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na hearnálacha ábhartha tionscail, lucht acadúil, soláthraithe seicne agus córas seicne, agus páirtithe leasmhara eile.

Tá líonra beomhar bunaithe ag INCMT a bhfuil suim acu i réimse na teicneolaíochta deighilte seicne trí shraith de chomhdhálacha gearra ar éirigh thar barr leo, agus a raibh tinreamh orthu ó 50 go 100 rannpháirtí ó na hearnálacha bithchógaisíochta, míncheimiceáin, bia, comhairleachta dearaidh agus acadúla. Faoi láthair tá an Lárionad ag oibriú i dtreo chomhoibrithe foirmiúla a bhunú le heagraíochtaí taighde eile atá gníomhach i réimsí a bhaineann go hábhartha lena réimse taighde féin agus le grúpaí earnála. Tá mar aidhm aige freisin Coiste Stiúrtha a bhunú a mbeidh a chuid taighde dírithe ar riachtanais tionscail d'fhonn a chuid taighde a thráchtálú.

Nascann fócas INCMT ar dheighiltí seicne le fócas Lárionad Glanteicneolaíocht CIT ar fhorbairt polasaí agus ar thacaíocht thionsclaíoch i réimse na dteicneolaíochtaí glana.

### 7. An Bhraisle Straitéiseach Taighde ar an bhFótónaic

Cuimsíonn an Grúpa Straitéiseach Taighde ar an bhFótónaic an Lárionad d'Ard-Fhótónaic agus Anailís Próisis (CAPPA) agus an Grúpa Réalteolaíochta agus Ionstraimíochta (AIG). Feidhmíonn CAPPA lárionad cláréadain-tionscail ó Campas Bhaile an Easpaig agus bunaíodh é faoin Scéim um Fheabhsú Taighde Fheidhmigh de chuid Fhiontar Éireann in 2008 agus é mar phríomhchuspóir ag an lárionad anailís a dhéanamh ar Cháilíocht Fhíorama phróisis déantúsaíochta tionscail gan gá a bheith ann cur isteach ar an bpróiseas. Tá thart ar 30 taighdeoir ag CAPPA, seachtar ar Champas Bhaile an Easpaig agus 23 ina chuid saotharlanna in Institiúid Náisiúnta Tyndall. Agus an phróifíl réigiúnach thionsclaíoch agus a cuid riachtanas á gcur san áireamh, cuimsíonn na spriocearnálacha do CAPPA feistí leighis, cúrsaí chógaiseolaíocha, an leictreonaic, agus ar ndóigh an fhótónaic féin. Tá 15 chomhpháirtí tionscail ag CAPPA, ar a n-áirítear Alcon Ireland, Logitech agus Epi-Light.

Is Cuideachta Ilnáisiúnta Feistí Leighis é Alcon atá bunaithe i gCorcaigh a dhéanann lionsaí in-súile lena gcur in ionad lionsaí nádúrtha na súile le linn máinliachta catarachta. Is treoraí domhanda é Logitech i gcúrsaí aonad forimeallach pearsanta, agus é ag tiomáint na nuálaíochta i nascleanúint PC, cumarsáid idirlín, ceol digiteach, rialú siamsaíochta baile, feistí cluichí gan sreang. Is cuideachta dhúchasach thosaithe í Epi-Light atá bunaithe i gCorcaigh, a fhorbraíonn ardchórais soilsithe LED d'earnálacha na hEolaíochta Beatha, na Cógaiseolaíochta agus na bhFeistí Leighis.

Déanfar an lárionad comhéadain-tionscail CAPPA a athlonnú go dtí foirgneamh nua úrscothach taighde in 2013 mar thoradh ar rath sa chlár PRTLI V.


*Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann:*

**1. Seirbhísí Tráchtála Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCIS)**

Is é NMCIS rannóg tráchtála NMCIS. Tá mar sprioc aige seirbhís d'ardchaighdeán a bhaint amach agus a sheachadadh do na bonncustaiméirí atá aige faoi láthair nó a bheidh aige sa todhchaí. Is é an fheidhm phríomhúil ná gníomhaíochtaí tráchtála uile an Choláiste a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá sceideal bliantúil tráchtála de chúrsaí gearra gairmiúla muirí ullmhaithe ag NMCIS, ina bhfuil liosta de na cúrsaí gearra uile atá ar sceideal na bliana. Cuireann sí sainchúrsaí grúpa ar fáil freisin do chuideachtaí sa tionscal. Déanfaidh mairnéalaigh ghairmiúla d'ardchaighdeán a cuid cliant go léir a oileadh go dtí na caighdeáin is airde.

- **GAC Training & Services Solutions Limited (GTSS)**
  Is cuideachta chomhfhiontair í GAC GTSS a seoladh ar 11 Feabhra 2010 idir GAC agus NMCI. Cuireann sí sábháil chostais agus réitigh nuálaíocha oiliúna ar fáil do na hearnálacha Muirí, Iompar agus Tráchtearraí. Nascann GTSS líonra GAC, teagmhálacha tráchtála, saineolas agus eolas ar chúrsaí loingis dhomhanda, loighistic agus tionscal na mara le saoráidí thar barr NMCI. Tá an chomhpháirtíocht seo dírithe ar phunann iomlán cúrsaí oiliúna a sheachadadh do mhairnéalaigh agus do phearsanra loingis talamhbhunaithe agus oibríochtaí tráchtearraí. Feidhmíonn GTSS faoi Roinn Tráchtála an Choláiste, NMCIS, agus tá sí á comhordú ar an talamh ag Feidhmeannach Margaíochta GTSS faoi stiúir Bhainisteoir Seirbhísí NMCI i gcomhpháirtíocht le Leas-Uachtarán Solutions GAC. Tá a cuid Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíocháin ar an mBord ag príomhbhaill foirne ón dá scairshealbhóir. Tá an post Stiúrthóir Bainistíochta/Rúnaí Cuideachta ag Bainisteoir NMCIS.
- **SEFtec NMCI Offshore Limited (SNO)**
  Is cuideachta chomhfhiontair í SNO idir NMCI agus SEFtec Global Training Ireland Limited (SGT). Is é a príomhról ná mar fheithicil chun saineolas ar oiliúint fharraige SGT, atá ar chaighdeán domhanda, ar mhaithe le caighdeáin agus creidiúnú do chúrsaí OPITO don tionscal farraige a bhaint amach. Oibríonn SNO faoi roinn tráchtála an Choláiste, NMCIS, agus déanann Comhordnóir Cúrsaí Farraige í a bhainistiú ar an talamh faoi stiúir Bhainisteoir NMCIS. Tá a cuid Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíochán ag príomhbhaill foirne ón dá scairshealbhóir ar an mBord. Is ag Bainisteoir NMCIS atá an post Stiúrthóir Bainistíochta SNO. Is é Bainisteoir Airgeadais CIT an Rúnaí Cuideachta.

## Aonaid agus Lárionaid Speisialta a oibríonn laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide.



## 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

D'ainneoin fhairsingiú na hInstitiúide i dtéarmaí líon na mac léinn ó osclaíodh í in 1974, ba ghann iad na saoráidí spóirt agus go háirithe saoráidí spóirt lasmuigh nach raibh iontu ach páirc aonair CLG, páirc rugbaí agus cúirteanna tarmac leadóige i lár na 1990dí.

Chun an t-easnamh sin sna saoráidí spóirt a chúiteamh, thug an Institiúid faoi fhorbairt a mhair deich mbliana a d'athraigh sócmhainní spóirt na hInstitiúide ó thús lag go dtí an staid ina bhfuil siad sa lá inniu nuair is ábhar éada saoráidí spóirt CIT lasmuigh don earnáil oideachais tríú leibhéal ar fud na tíre.

Ba é an chéad chuid den mháistirphlean don fhorbairt spóirt a dhréachtaigh Michael Horgan Uas. de chuid Horganlynch Consulting Engineers ná páirc nua rugbaí a thógáil agus í suite ar an taobh thiar den champas agus gar do pháirc CLG. D'fhág tógáil na páirce sin go raibh an suíomh ar an tseanpháirc rugbaí saor agus osclaíodh páirc uile-aimsire shintéiseach ansin in 2000. Is léir an rath atá ar an bpáirc uile-aimsire, ar féidir léi freastal ar hacaí, sacar agus CLG, ón síor-úsáid a bhaineann mic léinn, baill foirne agus cumainn sheachtracha agus grúpaí aisti.

Ba é an chéad chéim eile agus an chéim ba uaillmhianaí den mháistirphlean ná gur ceannaíodh le haghaidh chúrsaí spóirt thart ar 8.91 heicteár taobh thiar d'Abhainn an Churraichín ar ar tugadh "Rock Farm". I ngeall ar a ghaire don abhainn bhí an talamh íseal i mbaol tuilte. Dá bhrí sin ar feadh tréimhse trí bliana cuireadh clár líonta ar siúl chun an t-achar i gcoitinne a ardú de thart ar 2 mhéadar. Ar chríochnú dó, baineadh as an líonra leitheadach línte BSL a bhí ag trasnú an tsuímh agus bhíothas in ann ansin 6 pháirc ghaineamh-bhunaithe a thógáil le haghaidh CLG, sacair agus rugbaí. Rinne sé sin líon iomlán de 9 bpáirc imeartha féir nuair a chuirtear an raon lúthchleasaíochta istigh sa pháirc san áireamh.

Chun freastal a dhéanamh ar na páirceanna imeartha sin agus chun ionad úrscothach do na féachadóirí a chur ar fáil, tógadh ardán clúdaithe in 2007 le suíocháin a raibh cóir suí ann de 1,150 chomh maith le 6 sheomra gléasta, seomra réiteora, seomra leighis, giomnáisiam agus achar sóisialta.

Chomh maith leis na forbairtí atá liostaithe thuas, tá lán-tuilsoilsiú ag 3 pháirc imeartha chun gur féidir cluichí agus oiliúint oíche a bheith ar siúl iontu agus tógadh cúirt leadóige le cairpéad sintéiseach freisin. Tá cóiríocht ann do spórt agus oiliúint laistigh i halla mór spóirt atá trealmhaithe go maith agus giomnáisian lán-trealmhaithe, atá suite go lárnach ar champas.

Oscailt Oifigiúil an tSeastáin Nua ag Lárionad Spóirt na hInstitiúide, Baile an Easpaig a tharla ar 4 Meitheamh 2010. Ba é an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe, T.D. a rinne an oscailt.



Sa bhliain acadúil 2010/2011, ghlac an Institiúid páirt shuntasach i roinnt imeachtaí a raibh an rath orthu go minic. Bhí na páirceanna agus na saoráidí dea-ullmhaithe mar óstach d'an-chuid comórtas i rith na bliana, ar a n-áirítear cluichí scoile, Craobh Camógaíochta Chontae Chorcaí na scoileanna, Spóirt Chathair Chorcaí, Míle GOAL, Craobhacha Trastíre Scoileanna na Mumhan & na nOllscoileanna, WSCAI Idir-Ollscoileanna Cadhcáil Idir-Ollscoileanna, Dornálaíocht Nóibhíseach Idir-Ollscoileanna, agus Craobhacha Rugbaí Choláistí Uile-Éireann. Chuir CIT áiseanna traenála ar fáil do roinnt foirne idirchontae, ar a n-áirítear Peileadóirí agus Camógaíocht na mBan Chorcaí ó faoin aois go Leibhéal na Sinsear, foireann Chorn Kennedy Chorcaí, Scoileanna Barr Feabhais i gCamógaíocht, Sacar na mBan, agus CLG.

I mBealtaine 2011, shínigh CIT comhaontú 4 bliana le Rugbaí na Mumhan faoinar bunaíodh baill scuad Gairmiúil na Mumhan agus an Acadaimh i Halla Gleacaíochta Elite de chuid CIT mar cheann cheathrú ar Champas Bhaile an Easpaig.

Chomh maith le freastal ar an lúthchleasaí iomaíoch, leagann an Institiúid béim mhór ar an rannpháirtíocht agus ar an spraoi agus léirítear é sin sa líon mac léinn atá ag dul i méid a ghlacann páirt.

In Eanáir 2012, shínigh CIT comhaontú le Bord Chontae Chorcaí faoinar lonnaíodh ceann ceathrú phainéal Iománaíochta Sinseartaí Chorcaí ag Campas Bhaile an Easpaig. Úsáideann siad na seirbhísí spóirt agus na seirbhísí coimhdeacha le haghaidh a gcuid oiliúna agus forbartha.

Is fada agus is rathúil é traidisiún CIT agus í ag iarraidh cabhrú le cuid de na pearsana tréitheacha spóirt is mó in Éirinn a fhorbairt. Ba mhian léi an traidisiún sin a neartú agus a chur chun cinn trí thacaíocht shuntasach a thabhairt don Lúthchleasaí Tréitheach Mic Léinn agus d'Fhoirne Ardfheidhmíochta.



# 2. Rialachas




2.1 Ballraíocht an Bhord Rialaithe

2.2 Cruinnithe an Bhord Rialaithe

2.3 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)

2.4 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

## 2.1 Ballraíocht an Bhord Rialaithe

Is iad na hAchtanna Coláistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 agus 1994, a chinneann comhdhéanamh an Bhord Rialaithe. Ceaptar na gnáthbhaill seachas beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse cúig bliana.

Ceaptar beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse d'aon bhliain amháin suas go dtí 30 Meán Fómhair.

Is í ballraíocht an Bhord Rialaithe ó 1 Meán Fómhair 2011 mar seo a leanas:

Bob Savage Uas., Cathaoirleach (Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna)

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán, CIT (Ex Officio)

**Baill an Bhoird Rialaithe de réir Alt 4 d'Acht 1994**

**Seisear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(a) agus (b)**

An Comh. Catherine Clancy (Ainmní de chuid CGO Chathair Chorcaí)
An Comh. James A. Corr (Ainmní de chuid CGO Chathair Chorcaí)
Ted Owens Uas. (Ainmní de chuid CGO Chathair Chorcaí)
Barra Ó Briain Uas. (Ainmní de chuid CGO Chontae Chorcaí)
An Comh. Mary Hegarty (Ainmní de chuid CGO Chontae Chorcaí)
An Canónach G. A. Salter (Ainmní de chuid CGO Chontae Chorcaí)

**Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(c)**

An Dr Áine Ní Shé (Ainmní de chuid na Foirne Acadúla)
John O'Sullivan Uas. (Ainmní de chuid na Foirne Acadúla)

**Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(d)**

Eoin Deane Uas. (Ainmní de chuid na Foirne Neamh-Acadúla)

**Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(e)**

John Lane Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2011
Vicki Fitzpatrick Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2011
Chris Scanlon Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2012
Niamh Hayes Uas. (Ainmní de chuid Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2012

**Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(f)**

Ann Piggott Uas. (Ainmní de chuid Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann)

**Cúigear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(g)**

Valerie Gleeson Uas. (Ainmní de chuid na Comhairle Ealaíon)
Mary Keane Uas. (Ainmní de chuid Chumann Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí na Scoileanna Iarbhunoideachais)
Billy O'Neill Uas. (Ainmní de chuid Institiúid Innealtóirí na hÉireann)
Mark Whitaker Uas. (Ainmní de chuid Chumann Tráchtála Chorcaí)
Jim Woulfe Uas. (Ainmní de chuid an Irish Co-Operative Organisation Society Ltd.)

## 2.2 Cruinnithe Bord Rialaithe

Le linn na tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2011 go 31 Lúnasa 2012, bhuail an Bord Rialaithe le chéile naoi n-uaire. Bhuail siad le chéile ar na dátaí seo a leanas:

Déardaoin 29 Meán Fómhair 2011

Déardaoin 3 Samhain 2011

Déardaoin 1 Nollaig 2011

Déardaoin 2 Feabhra 2012

Déardaoin 1 Márta 2012

Déardaoin 5 Aibreán 2012

Déárdaoin 3 Bealtaine 2012

Déardaoin 7 Meitheamh 2012

Déardaoin 5 Iúil 2012

## 2.3 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)

Cuireadh Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide ar bun agus thionóil sé a chéad chruinniú i mí an Mhárta 2004. Is iad a ról agus a chuid feidhmeanna mar seo a leanas:

Is coiste neamh-reachtúil de chuid na hInstitiúide é Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide. Is é ról Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide ná cabhrú leis an Uachtarán i mbainistiú na hInstitiúide agus polasaí Institiúide a cheapadh le haghaidh faofa ag an mBord Rialaithe, ar a n-áirítear gnóthaí acadúla, saincheisteanna oibríochtúla, na tuairiscí bliantula, agus cláir agus buiséid na hInstitiúide. Dá bhrí sin is uirlis sheasta é Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide de chomhchomhairle inmheánach idir Oifig an Stiúrthóra agus an fhoireann shinsearach thar fheidhmeanna uile acadúla agus riaracháin na hInstitiúide.

Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide:

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán
An Dr Barry O'Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla
Paul Gallagher Uas., Leas-Uachtarán d'Airgeadas & Riarachán
Michael Delaney Uas., Leas-Uachtarán d'Fhorbairt agus Ceann Gníomhach ar Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
Michael Loftus Uas., Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta
Damien Courtney Uas., Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí
An Dr Geoffrey Spratt, Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT
Orla Flynn Uas., Ceann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Tadhg Leane Uas., Ceann na Forbartha Straitéisí

Buaileann Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide le chéile uair sa choicís agus ar uaireanta eile a meastar a bheith riachtanach. Déanann an tUachtarán nó ainmní de chuid an Uachtaráin laistigh den Bhord cathaoirleacht air. Bíonn Rúnaí Taifeadta i láthair ag gach cruinniú chun mionsonraí cruinnithe a thaifeadadh. Scaiptear tuairiscí óna gcuid cruinnithe ar an mBord Rialaithe agus bíonn siad le fáil ag an bhfoireann ar inlíon na foirne.

## 2.4 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

Is comhscoileanna de chuid CIT iad Ceolscoil Chorcaí CIT, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann.

| | |
|---|---|
| **Uachtarán** | An Dr Brendan J. Murphy, BA, MA, PhD, FSS, FICS, CEng, FIEI |
| **Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide** | |
| Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla | An Dr Barry O'Connor, BE, MEngSc, PhD, BCL, CEng, MIEI |
| Leas-Uachtarán d'Airgeadas & Riarachán | Paul Gallagher Uas., MSc, FCMA |
| Leas-Uachtarán d'Fhorbairt | Michael Delaney Uas., MSc, MEd, MIBioll, HDipEd, MICI, MESAI, ATCL |
| Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta | Michael Loftus Uas., BE, MEngSc, MICS |
| Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí | Damien Courtney Uas., BA, MA(Louv), MPhil(Louv), MIUSSP |
| Ceann Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (Gníomhach) | Michael Delaney Uas., MSc, MEd, MIBioll, HDipEd, MICI, MESAI, ATCL |
| Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT | An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD |
| Ceann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT | Orla Flynn Uas., MSc, MA, MICS, MIDI |
| Ceann na Forbartha Straitéisí | Tadhg Leane Uas., BA. MSc |
| **Ceann Taighde** | An Dr Niall Smith, BSc, PhD |
| **Déan d'Fheabhsúchán Cáilíochta Acadúla** | An Dr Stephen Cassidy, BE, MEngSc, PhD, CEng, Eur Ing, MIEI |
| **Ceann Champas Leathnaithe CIT** | An Dr Irene Sheridan, BE, MEngSc, PhD |
| **Ceann Lárionad Nimbus** | An Dr Dirk Pesch, Dipl.Ing, PhD, IEEE, IEI, ACM |
| **Bainisteoirí Príomhsheirbhísí** | |
| Bainisteoir Riaracháin & Gnóthaí Mac Léinn | An Dr Dan Collins, MEd, BA, BD, PhD |
| Bainisteoir Foirgneamh & Eastát | Kevin McCarthy Uas, MSc, CEng, MIEI |
| Bainisteoir Airgeadais | John Cogan Uas. |
| Bainisteoir Acmhainní Daonna | Anthony Collins Uas., BA |
| Bainisteoir Idirchaidrimh Tionscail | Josette O'Mullane Uas., BComm, ACMA |
| Bainisteoir TF | Gerard Culley Uas., BEng, MIEI, CCNA, CISSP |
| **Leabharlannaí** | Derry Delaney Uas., BA, DLIS |

### Campas Bhaile an Easpaig:
### DÁMH NA hINNEALTÓIREACHTA & NA hEOLAÍOCHTA

| | |
|---|---|
| Ceann na Dáimhe | Michael Loftus Uas., BE, MEngSc, MICS |
| **Scoil Foirgníochta & Innealtóireachta Sibhialta:** | |
| Ceann na Scoile | An Dr Joseph Harrington, BE, MS, PhD, CEng, FIEI, EurIng, PE |
| Ceann na Roinne Ailtireachta | Katherine Keane Uas., BSc in Arch, MArch, ARIAI |
| Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil | Desmond Walsh Uas., BE, MSc, DIC, CEng, MIEI, MICE |
| Ceann na Roinne Foirgníochta | An Dr Daniel Cahill, MSc, PhD, MRICS |
| **Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis:** | |
| Ceann na Scoile | Matt Cotterell Uas., BE, MED, CMfgE, MIEI, AMIMechE |
| Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaice | An Dr Joe Connell, BSc (Eng), MSc (Eng), PhD, CEng, FIEI, MIEEE |

| | |
|---|---|
| Ceann na Roinne Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta | Daithí Fallon Uas., BE, MEngSc, CEng, MIEI, CQE |
| Ceann na Roinne Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair | An Dr Michael J. O'Mahony, BE, MEngSc, PhD, MIEI |

**Scoil na hEolaíochta & na Faisnéisíochta:**

| | |
|---|---|
| Ceann na Scoile (Gníomhach) | An Dr Hugh McGlynn, BSc, PhD, FHEA |
| Ceann na Roinne Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta | An Dr Liam McDonnell, BSc, PhD, CPhys, FInstP |
| Ceann na Roinne Eolaíochtaí Bitheacha (Gníomhach) | An Dr Brendan O'Connell, BSc (Onór), PhD |
| Ceann na Roinne Ceimice | An Dr John Wood, BSc, PhD, CChem, MRSC, FIC |
| Ceann na Roinne Ríomhaireachta | Jim O'Dwyer Uas., BA(Mod), HDipEd, CEng, FICS, MBCS |
| Ceann na Roinne Matamaitice | An Dr Áine Ní Shé, BEd, MA, PhD, LRSM, LTCL |

## DÁMH GHNÓ & DAONNACHTAÍ

| | |
|---|---|
| Ceann na Dáimhe | Damien Courtney Uas., BA, MA(Louv), MPhil(Louv), MIUSSP |

**Scoil Ghnó:**

| | |
|---|---|
| Ceann na Scoile | Gerard O'Donovan Uas., BComm, MBA, MMII, MICS |
| Ceann na Roinne Cuntasaíochta & Córas Faisnéise | Caroline O'Reilly Uas., BComm, MBus |
| Ceann na Roinne Oideachais Leantaigh (Gníomhach) | Don Crowley Uas., BBus, GDE(B), Grad. Dip IT |
| Ceann na Roinne Bainistíochta & Margaíochta | Brian McGrath Uas., BComm, FCA, MMII |

**Scoil na nDaonnachtaí:**

| | |
|---|---|
| Ceann na Scoile (Gníomhach) | An Dr Margaret Linehan, BBus, MBus, PhD |
| Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta & Ginearálta | Jim Walsh Uas., BA, HDipEd, BCL, LLB, MEMI |
| Ceann na Roinne Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais | Adrian Gregan Uas., BA, MBus, Dip H&C Mgmt, FIHI, Iarchéime Oid Fáilt |

**Scoil Staidéar Iarchéime**

| | |
|---|---|
| Déan Staidéar Iarchéime | An Dr Eamonn Cashell, BA(Mod), BSc, PhD, CPhys, MInstP |

## CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

| | |
|---|---|
| Stiúrthóir | An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD |
| Ceann na Scoile | Aiveen Kearney Uas., MA, BMus, HDE, ATCL |
| Ceann na Roinne Staidéar Méarchláir | An Dr Gabriela Mayer, DMA, MMus, BMus, Dip Berlin Hochschule |
| Ceann na Roinne Ceoltóireachta & Staidéar Acadúil | Maria Judge Uas., BMus, Dip Kodály Intézet Hungary |
| Ceann na Roinne Staidéar Téaduirlisí | Joan Scannell Uas., MA, BMus, DipCSM, LTCL |
| Ceann na Roinne Staidéar Gaothuirlisí, Cnaguirlisí, Gutha & Drámaíochta | John O'Connor Uas., MA, BMus, HDE, FTCL, LRSM |

## COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT

| | |
|---|---|
| Ceann | Orla Flynn Uas., MSc, MA, MICS, MIDI |
| Ceann na Roinne Oideachas Ealaíne & Dearaidh | Albert Walsh Uas., MEd, Dip ADT, ND Design |
| Ceann na Roinne Teiripe Ealaíne & Amharcoideachais Leantaigh | Edward Kuczaj Uas., MA, Dip Art Th, RNMS |
| Ceann na Roinne Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh (Gníomhach) | Trish Brennan Uas., MA, BA |
| Ceann Roinn na Meán Cumarsáide | Rose McGrath Uas., MA, Dip Ed, BDes |

## COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN

| | |
|---|---|
| Ceann (Gníomhach) | Michael Delaney Uas., MSc, MEd, MIBioll, HDipEd, MICI, MESAI, ATCL |
| Ceann Staidéar Acadúil | An Dr Noel Barry, BE, ME, PhD, CEng, MIEI, MPES, MIAS |





# 3. Gnóthaí Acadúla & Mic Léinn



3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla

3.2 Ballraíocht Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla

3.3 Coistí na Comhairle Acadúla

3.4 Forbairt Acadúil

3.5 Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha

3.6 Cúrsaí Faofa – Páirtaimseartha

3.7 Údaráis Bhailíochtaithe

3.8 Scrúdaitheoirí Seachtracha

3.9 Staitisticí Mic Léinn

3.10 Duaiseanna na Mic Léinn

3.11 Ombudsman na Mac Léinn

## 3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla

Ceapadh baill reatha na Comhairle Acadúla i mí an Mheithimh 2010 agus fanfaidh siad in oifig ar feadh tréimhse trí bliana. Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile ocht n-uaire le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair 2011 go 31 Lúnasa 2012 mar seo a leanas:

Dé Céadaoin, 21 Meán Fómhair 2011
Dé Céadaoin, 5 Deireadh Fómhair 2011
Dé Céadaoin, 23 Samhain 2011
Dé Céadaoin, 18 Eanáir 2012
Dé Céadaoin, 29 Feabhra 2012
Dé Céadaoin, 25 Aibreán 2012
Dé hAoine, 8 Meitheamh 2012
Dé Céadaoin, 20 Meitheamh 2012

**UACHTARÁN**

Brendan J. Murphy

**FOIREANN ACADÚIL SHINSEARACH**

| | |
|---|---|
| Adrian Gregan | Ceann na Roinne Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais |
| Áine Ní Shé | Ceann Roinn na Matamaitice |
| Aiveen Kearney | Ceann Cheolscoil Chorcaí CIT |
| Albert Walsh | Ceann na Roinne Oideachais Ealaíne & Dearaidh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT |
| Brendan O'Connell | Ceann na Roinne Eolaíochtaí Bitheacha (Gníomhach) |
| Brian McGrath | Ceann na Roinne Bainistíochta & Margaíochta |
| Caroline O'Reilly | Ceann na Roinne Cuntasaíochta & Córas Faisnéise |
| Daithí Fallon | Ceann na Roinne Innealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí |
| Damien Courtney | Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí |
| Daniel Cahill | Ceann na Roinne Foirgníochta |
| Desmond Walsh | Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil |
| Don Crowley | Ceann na Roinne Oideachais Leantaigh (Gníomhach) |
| Eamonn Cashell | Déan Staidéar Iarchéime |
| Edward Kuczaj | Ceann na Roinne Teiripe Ealaíne & Amharcoideachais Leantaigh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT |
| Gabriela Mayer | Ceann na Roinne Staidéar Méarchláir, Ceolscoil Chorcaí CIT |
| Geoffrey Spratt | Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT |
| Gerard O'Donovan | Ceann na Scoile Gnó |
| Hugh McGlynn | Ceann na Roinne Eolaíochtaí & Faisnéisíochta (Gníomhach) |
| Irene Sheridan | Ceann Campas Leathnaithe CIT |
| Jim O'Dwyer | Ceann na Roinne Ríomhaireachta |
| Jim Walsh | Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta & Ginearálta |
| Joan Scannell | Ceann na Roinne Staidéar Téaduirlisí (Gníomhach), Ceolscoil Chorcaí CIT |
| Joe Connell | Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaice |
| Joe Harrington | Ceann na Scoile Innealtóireachta Sibhialta & Foirgníochta |
| John O'Connor | Ceann na Roinne Staidéar Gaothuirlisí, Cnaguirlisí, Gutha & Drámaíochta, Ceolscoil Chorcaí CIT |
| John Wood | Ceann na Roinne Ceimice |
| Katherine Keane | Ceann na Roinne Ailtireachta |
| Liam McDonnell | Ceann na Roinne Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta |
| Margaret Linehan | Ceann Scoil na nDaonnachtaí (Gníomhach) |
| Maria Judge | Ceann na Roinne Ceoltóireachta & Staidéir Acadúil |
| Matt Cotterel | Ceann Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis |
| Michael Delaney | Ceann, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (Gníomhach) |
| Michael Loftus | Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta |
| Michael J. O'Mahony | Roinn na hInnealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair |
| Niall Smith | Ceann Taighde |
| Noel Barry | Ceann Staidéar Acadúil, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann |
| Orla Flynn | Ceann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT |
| Rose McGrath | Ceann Roinne na Meán Cumarsáide |
| Stephen Cassidy | Déan Feabhsú Cáilíochta Acadúla |
| Tadhg Leane | Ceann Forbartha Straitéise |
| Trish Brennan | Ceann na Roinne Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh (Gníomhach), Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT |

**FEIDHMEANNAS SINSEARACH**

| | |
|---|---|
| Barry O'Connor | Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla |
| Michael Delaney | Leas-Uachtarán d'Fhorbairt |
| Paul Gallagher | Leas-Uachtarán d'Airgeadas & Riarachán |

**FOIREANN EX-OFFICIO**

| | |
|---|---|
| Caherine Frehill | Modhnóir Modúil |
| Derry Delaney | Leabharlannaí |
| Dan Collins | Bainisteoir Riaracháin Acadúil & Gnóthaí Mic Léinn |
| Eva Juhl | Éascaitheoir d'Athbhreithniú Institiúideach |
| John Twohig | Ceann Lárionad do Staidéar Ceirde |
| Ceann. David Barry | Comh-Cheann, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann |

**IONADAITHE MIC LÉINN**

| | |
|---|---|
| Chris Scanlon | Uachtarán Aontas na Mac Léinn, CIT |
| Killian Hughes | Leas-Uachtarán don Oideachas Aontas na Mac Léinn, CIT |

**FOIREANN ACADÚIL TOFA**

**Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta**

| | |
|---|---|
| Brian O'Rourke | Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil |
| Chris Gibbons | Innealtóireacht Mheicniúil |
| David Cadogan | Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil |
| Garrett O'Sullivan | Ailtireacht |
| Gerard Kelly | Innealtóireacht Déantúsaíochta, Bhithleighis & Saoráidí |
| Guillaume Huyet | Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht |
| Harvey Makin | Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht |
| Ian O'Sullivan | Innealtóireacht Cheimiceach & Próisis |
| John Barrett | Innealtóireacht Leictreonach |
| John Justin Murphy | Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil |
| Marc Ó Riain | Ailtireacht |
| Michael Brennan | Matamaitic |
| Michael J. O'Mahony | Innealtóireacht Mheicniúil |
| Niamh Power | Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil |
| Ray Looney | Innealtóireacht Leictreach |
| Seamus Farrell | Foirgníocht |
| Siobhán O'Sullivan | Eolaíochtaí Bitheacha |
| Tim Horgan | Ríomhaireacht |
| Tom O'Mahony | Innealtóireacht Leictreonach |
| Colin Manning | Matamaitic |
| Paul Walsh | Ríomhaireacht |

**Dámh Ghnó & Daonnachtaí**

| | |
|---|---|
| Áine de Róiste | Staidéár Sóisialta & Ginearálta |
| Breda Fogarty | Bainistíocht & Margaíocht |
| Carmel Buttimer | Cuntasaíocht & Faisnéis |
| Catherine Murphy | Cuntasaíocht & Faisnéis |
| Gearóid Ó Súilleabháin | DEIS |
| Mary Cooney | Staidéar Sóisialta & Ginearálta |
| Maurice Murphy | Bainistíocht & Margaíocht |
| Ruth Vance | Cuntasaíocht & Faisnéis |
| Tom O'Connor | Staidéar Sóisialta & Ginearálta |

**COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT**

| | |
|---|---|
| Ann Wilson | Meáin Chumarsáide |
| Catherine Hehir | Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT |
| Paul Green | Meáin Chumarsáide |
| Susanna Broderick | Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT |

**CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT**

| | |
|---|---|
| Aileen Donnelly | CSC CIT |
| Carbry O'Sullivan | CSC CIT |
| David Whitla | CSC CIT |
| Dermot Walsh | CSC CIT |
| Hugh McCarthy | CSC CIT |
| Nicholas O'Halloran | CSC CIT |
| Regina Crowley | CSC CIT |

**COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN**

| | |
|---|---|
| William Kavanagh | CNMÉ |

## 3.2 Ballraíocht Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla

Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla:

1. An tUachtarán (ex-officio)
2. An Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla (ex-officio)
3. Cathaoirligh Choistí na Comhairle Acadúla
4. Seachtar ball ainmnithe de chuid na Comhairle Acadúla, ar ionadaí de chuid na mac léinn duine díobh

Is iad feidhmeanna an Choiste Fheidhmiúcháin ná:

- Gnó na Comhairle Acadúla a chur in eagar, ar a n-áirítear gach mír ghnó a sheoladh ón gComhairle Acadúil agus a cuid Coistí agus ar ais chucu;
- Ábhair ábhartha a chur faoi bhráid Choistí na Comhairle Acadúla;
- Obair Choistí na Comhairle Acadúla a chomhordú;
- Cuidiú le cur i ngníomh chinntí na Comhairle Acadúla.

Cruinnithe de Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla:

- Déanfar iad a thionól de ghnáth dhá sheachtain roimh agus dhá sheachtain i ndiaidh chruinniú na Comhairle Acadúla agus ar a leithéid d'amanna eile a meastar gá a bheith leo;
- Beidh córam ann ach leath de bhallraíocht an Choiste Feidhmiúcháin ar a laghad a bheith i láthair;
- Beidh an tUachtarán nó ainmní an Uachtaráin ón gCoiste Feidhmiúcháin ina Chathaoirleach. I gcás go mbeadh an tUachtarán, nó ainmní an Uachtaráin, as láthair ceapfaidh na baill atá i láthair Cathaoirleach gníomhach as measc an Choiste Feidhmiúcháin;
- Déanfaidh an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla a bheidh mar Rúnaí ar an gCoiste Feidhmiúcháin an taifeadadh. I gcás go mbeadh an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla as láthair ainmneoidh na baill atá i láthair Rúnaí gníomhach as measc an Choiste Feidhmiúcháin.

## 3.3 Coistí na Comhairle Acadúla



D'fhaomh an Chomhairle Acadúil cruthú na gcoistí seo a leanas:

**Coiste Pleanála & Athbhreithnithe Acadúil**
Tadhg Leane (Cathaoirleach)

**Coiste Iontrálacha**
Matt Cotterel (Cathaoirleach)

**Coiste Acmhainní Foghlama**
An Dr Siobhán O'Sullivan (Cathaoirleach)

**Coiste Rialachán**
Ann Wilson (Cathaoirleach)

**Coiste Taighde & Forbartha**
An Dr Niall Smith (Cathaoirleach)

**Coiste na mBuan-Orduithe**
Jim Walsh (Cathaoirleach)

## 3.4 Forbairt Acadúil

**Údarás Tarmligthe le hAghaidh Comh-Dhámhachtainí le Coláiste Ollscoile Chorcaí**

Ar 28 Deireadh Fómhair 2011, thug sainphainéal faoi cheannas Jack O'Herlihy Uas. cuairt ar CIT chun athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a bhí ag buntacú lena hiarratas ar tharmligean údaráis le haghaidh comh-dhámhachtainí le UCC.

Le linn roinnt seisiún, bhuail an painéal le hionadaithe ón mbainistíocht shinsearach agus ón bhfoireann cláir ó CIT agus UCC araon a mbeadh baint acu le seachadadh, bainistiú agus dearbhú cáilíochta sholáthar an chláir i gcomhar. Bhuail an painéal freisin le hionadaithe foghlaimeora ó chomhchláir Ailtireachta agus Eolaíocht Bhithleighis. I gcaitheamh na seisiún sin, bhí mar aidhm ag an bpainéal a chinntiú go gcomhlíonfadh socruithe agus cleachtais na hInstitiúide le haghaidh bhainistiú, sheachadadh, mheasúnú agus dhearbhú cáilíochta na gcomhchlár agus na gcomhdhámhachtainí a dhéanamh na critéir le cur leis an údarás tarmligthe chun comhdhámhachtainí le UCC a chuimsiú.

Ar mholadh ón bpainéal, thug HETAC tarmligean foirmiúil údaráis le haghaidh comhdhámhachtainí idir CIT agus UCC.

**Cruthú Coiste Eitice Taighde**

Le linn na bliana acadúla 2011/2012, bunaíodh Coiste um Eitic Thaighde chun tabhairt faoi na feidhmeanna seo a leanas:

- Comhairle a chur maidir le gach ábhar a bhaineann le heitic thaighde i ngníomhaíocht taighde (baill foirne agus fochéimithe);
- Maoirseacht, cothú agus spreagadh a dhéanamh ar chaighdeáin eiticiúla i ngníomhaíocht taighde chomh maith le cultúr taighde a chothú a bheidh bunaithe ar an scothchleachtas agus ar fhorbairtí nua in eitic thaighde;
- Tacú le taighde CIT a bheith comhall leis an scothchleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta agus leis an reachtaíocht náisiúnta (nuair is ann di);
- Polasaithe eitice taighde a ullmhú agus a athbhreithniú.

**Athbhreithnithe Cláir**

Le linn na bliana adadúla 2011/2012, cuireadh na hathruithe cláir seo a leanas i gcrích:

- Scoil Eolaíochta CIT: agus an Dr Dermot Douglas, Iar-Stiúrthóir Gnóthaí Acadúla, Institiúidí Teicneolaíochta Éireann (IOTI) mar Chathaoirleach.

**Forbairt Clár Nua**

Lean an Institiúid dá punann cláir a fhorbairt agus a éagsúlú. Is díol suntais é líon na gclár nua a forbraíodh agus a fhaomhadh le linn na bliana acadúla thar raon leathan disciplíní.

*Leibhéal na Fochéime*

BSc i dTeicneolaíocht Ceirde (Adhmad) le Gnó; BA (Onór) i mBainistíocht Acmhainní Daonna; BA (Onór) i gCeol Móréilimh; Ard-Diop in Eolaíocht i bhForbairt Bogearraí; Ard-Diop in Eolaíocht i Néalríomhaireacht; Ard-Diop in Eolaíocht i bhForbairt Bogearraí Néalríomhaireachta agus Móibíleacha; agus an BA (Onór) in Oideachas Montessori.

*Leibhéal na hIarchéime*

PGDip in Eolaíocht i mBainistíocht Tionscadal Foirgníochta; MSc i mBainistíocht Tionscadal Foirgníochta; MSc i gCleachtas Margaíochta; MEng in Innealtóireacht Mheicniúil; MEng in Innealtóireacht Cheimiceach & Bhithchógaisíochta; agus an MSc i mBitheolaíocht Ríomhaireachtach.

*Dámhachtainí Sainchuspóireacha*

Teastas in Oibríochtaí Próisis Cheimicigh; Teastas in Innealtóireacht Chomhshaoil & Fuinnimh; Teastas i nDearadh & Forbairt Meán Digiteach; Teastas i Suirbhéireacht Chainníochta Meicniúla & Leictrí; Teastas in Oibríochtaí i gCeannasaíocht Shinsearach; Teastas Lean Six Sigma Green Belt; Teastas i nDéantús Feistí Bithleighis; Teastas in Innealtóireacht Cheimiceach agus Bhithchógais; Dioplóma i gCórais Innealtóireachta Meicniúla; 3D CAD i Samhaltú Solaid.

**Polasaithe Acadúla**

*Soláthar comhoibritheach agus Polasaí Comhdhámhachtainí*

Le linn na bliana acadúla 2011–2012, d'fhaomh an Institiúid polasaí chun forbairt agus oibriú gach clár comhoibríoch agus comhdhámhachtainí idir CIT agus soláthraithe eile náisiúnta nó trasnáisiúnta clár ardoideachais agus oiliúna a rialú.

## 3.5 Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha

### SCOIL NA hINNEALTÓIREACHTA FOIRGNÍOCHTA & SHIBHIALTA

**Roinn na hInnealtóireachta Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil**
Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Innealtóireacht (Iontráil Choiteann Onór)
MEng
PhD

**Roinn Ailtireachta**
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i dTeicneolaíocht Ailtireachta
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Ailtireacht (comhchlár le UCC)
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Ailtireacht Istigh
Baitsiléir Eolaíochta i dTeicneolaíocht Ailtireachta
Baitsiléir Eolaíochta in Ailtireacht Istigh
M Arch Ailtireacht (Comhchlár le UCC)
MSc (Arch) trí Thaighde
PhD Ailtireacht (Comhchlár le UCC)

5. Ghnóthaigh beirt intéirneach de chuid CIT, **John Caplice**, Innealtóireacht Mheicniúil, agus **Marlene Clarke**, Innealtóireacht Cheimiceach agus Bhithchógaisíochta, Duaiseanna Intéirneachta Abbott Ireland 2011. Bhí tríocha is a naoi mac léinn Intéirneachta, Abbott Ireland san áireamh ar fud na tíre don duais seo ach chuir John agus Marlene obair eisceachtúil i gcrích le Abbott Ireland.

   Bhronn Abbott na duaiseanna ar Intéirnigh CIT ag Seastán Abbott ag Aonach Gairmeacha CIT Dé Máirt 4 Deireadh Fómhair 2011.

6. Bhí an 41ú World Skills 2011 ar siúl i Londain ó 5 go 8 Deireadh Fómhair 2011. Roghnaíodh Foireann na hÉireann (ar a raibh aon cheardaí déag) ó bhuaiteoirí Chraobhacha Náisiúnta na gComórtas Scileanna 2011, a d'óstaigh CIT, agus bhí siad sa 6ú háit ar an iomlán agus rud inmholta a bhí ansin. Ghnóthaigh siad 3 Bhonn Óir agus 5 Mhéadáille don Bharr Feabhais. Ghnóthaigh **Kieran Doherty**, a rinne a chuid oiliúna printíseachta ag CIT Bonn Óir d'Éirinn as Suiteálacha Leictreacha.

7. Bhain an Giotáraí Clasaiceach, **David Keating**, mac léinn 4ú Bliana na Céime Ceoil i gCeolscoil Chorcaí CIT, an tríú háit i gCraobh Chomórtas do Cheoltóir Óg na Bliana de chuid Mhásúin na hÉireann a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath ar an Satharn 8 Deireadh Fómhair 2011. Bronnadh Duais Chuimhneacháin John Vallery ar David as an Scothléiriú ab fhearr le Téadcheoltóir sa chomórtas. Ba é an t-aon iomaitheoir craoibhe é as lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

8. Ghnóthaigh an céimí BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha 2011, **Gerry Murphy**, "Duais Mhic léinn Institiúid Innealtóirí Struchtúrtha na hÉireann." Rinneadh na láithreoireachtaí comórtais Dé Máirt 11 Deireadh Fómhair 2011 san Áras Turasóireachta & Fáilteachais, in DIT, Sráid Bolton. Ba é an teideal a bhí ar thionscadal Gerry ná "Experimental investigation of foundation solutions for offshore wind turbines."

9. D'óstaigh an Dámh Ghnó & Daonnachtaí Searmanas Duaiseanna Bliana dá gcuid tráthnóna Déardaoin 20 Deireadh Fómhair 2011 san Áras Turasóireachta & Fáilteachais, Campas Bhaile an Easpaig CIT. Bronnadh tríocha is a haon duais, ar a n-áirítear Duais Chuimhneacháin Des Roche, os comhair lucht éisteachta a bhí mór agus léirthuisceanach.

10. Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile i gCampas Bhaile an Easpaig CIT ar an Aoine 21 Deireadh Fómhair 2011 dóibh seo a leanas:
    - Scoil Ghnó
    - Scoil na nDaonnachtaí
    - Roinn an Oideachais Leantaigh

    Bhí ceithre sheisiún bronnta ann agus fuair 1,160 réamhchéimí a gcuid pár.

11. Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile i gCampas Bhaile an Easpaig CIT ar an Luan 24 Deireadh Fómhair 2011 dóibh seo a leanas:

    - Scoil na Foirgníochta & na hInnealtóireachta Sibhialta
    - Scoil na hEolaíochta & na Faisnéisíochta
    - Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próisis
    - Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaice
    - Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

    Bhí ceithre sheisiún bronnta ann agus fuair 1,314 réamhchéimí a gcuid pár.

12. Bronnadh Céimeanna dóibh seo a leanas i gCeolscoil Chorcaí CIT Déardaoin 27 Deireadh Fómhair 2011:
    - Ceolscoil Chorcaí CIT
    - An Lárionad d'Oideachas Ailtireachta

    Fuair 78 réamhchéimí a gcuid pár.

13. Bhí an tUachtarán i láthair ag na Duaiseanna Fochéime agus nuair a bhronn Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, Duais William Butler ar an mac léinn **Rian Edman** de chuid CIT ar an Aoine 28 Deireadh Fómhair 2011.

14. Thaistil Club Rámhaíochta CIT go dtí Coláiste na Tríonóide chun páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas Rámhaíochta na hÉireann Laistigh i mí na Samhna. Tháinig na foirne Céad Bhliana ar ais tar éis an 1ú agus 2ú háit a bhaint amach sa rás sealaíochta 2000m don Institiúid.

15. Ghnóthaigh Foireann Hacaí na bhFear de chuid na hInstitiúide an "Mauritius Plate" de chuid Chumann Hacaí Ollscoileanna na hÉireann ag na Cluichí Idir-Ollscoileanna ar 1 Samhain 2011 nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 4 – 3.

16. Bhuaigh Foireann Seoltóireachta CIT an Bonn Cré-umha ag La Trinité-sur-Mer i gCraobhchomórtas Luamhaireachta Domhanda na mac léinn. Ba iad a bhí ar an bhfoireann:
    - **George Kenefick** (Céimí i Staidéar Gnó)
    - **Joe Bruen** (Céimí in Innealtóireacht Mheicniúil)
    - **Donagh Good** (3ú Bliain i Staidéar Gnó)
    - **Kevin Goulding** (3ú Bliain in Innealtóireacht Cheimiceach & Bhithchógaisíochta)
    - **Maria Connolly** (2ú Bliain i mBainistíocht Teicneolaíochta Faisnéise)
    - **Gemma Twohig** (1ú Bliain i gCúram Sóisialta)
    - **Judy O'Brien** (Bliain Sosa)
    - **Aidan McLaverty** (Ball Foirne neamh-CIT)

    D'éirigh go maith le Club Seoltóireachta CIT i gcónaí ar ardán an domhain agus chríochnaigh siad sa 2ú háit in 2007, san 1ú in 2008, sa 4ú in 2009 agus anois sa 3ú in 2011.

17. Ar 4 Samhain 2011, chuir MEETA (an Irish Maintenance and Asset Management Association) in iúl don Institiúid gur measadh Foireann Mhic Léinn CIT, **Danny Allen**, **Richard Childs** agus **Patrick Byrnes** mar Bhuaiteoirí Aonair Glan Amach Duais Náisiúnta Mic Léinn MEETA 2011 dá dtionscadal ar dhearadh, fhorbairt, dhéanamh, choimisiúnú agus thastáil chóras uathoibrithe le haghaidh gaineamhrois do mhuineál gualainne próistéití, a rinneadh i gcomhar le Croom Precision Medical as Cromadh, Co. Luimnigh.

18. Gnóthaíodh na Duaiseanna seo a leanas do CIT ag Duaiseanna Innealtóirí BSL don Bharr Feabhais 2011 a tionóladh i mBaile Átha Cliath ar 4 Samhain 2011:
    - Ghnóthaigh an mhóraighneacht "Engineering an Innovation Eco-System" an duais don "Ceann is Fearr sa Rang" in oideachas innealtóireachta 2011.
    - Bronnadh an duais tionscnaimh ESB Outstanding Contribution to Engineering 2011 ar an Léachtóir Sinsearach, Seán F. O'Leary, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla.
    - Bronnadh Duais d'Innealtóir Cairte na Bliana 2011 ar Louise Connolly. Bhain Louise amach céim ónóracha ó CIT in 2004 in Innealtóireacht Mheicniúil agus chuaigh sí le BSL mar innealtóir céimí. Faoi láthair tá sí ag obair mar Innealtóir Comhairleach in ESBI agus í ag obair ar thionscadail Éireannacha agus Idirnáisiúnta chumhachta agus píblíne gáis.

19. Léirigh Foireann Eitpheile na mBan CIT scil agus diongbháilteacht thar barr nuair a ghnóthaigh siad an "Intervarsities Plate" ag na Cluichí Idir-Ollscoileanna a d'óstaigh NUIG ó 16 – 19 Samhain 2011. Éacht iontach é sin agus an caighdeán ard ag na Cluichí Idir-Ollscoileanna á chur san áireamh.

20. Reáchtáladh ócáid ar an Aoine 18 Samhain 2011 sa Bhialann, Áras Turasóireachta & Fáilteachais mar cheiliúradh ar éacht **Kieran Doherty**, a ghnóthaigh Bonn Óir, agus a mhaoir, Michael Hourihan, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictrí. Bhí an ócáid ar siúl chun sáréacht Kieran a onórú nuair a ghnóthaigh sé an Bonn Óir i Suiteáil Leictreach ag an 41ú WorldSkills Londain 2011.

21. Bhí Duaiseanna Dhámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta 2011 ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig ar 24 Samhain 2011. Tugann an searmanas aitheantas agus admháil do na mic léinn ab fhearr a bhain céim amach in 2011 ó Dhámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta. Bronnadh 38 duais ar fad.

22. Bhí Sparántachtaí Spóirt 2011/12 de chuid Instiúid Teicneolaíochta Chorcaí ar siúl ar 30 Samhain 2011 in Óstán Oriel House. Bhronn Sue Ronan, Bainisteoir Sacar na mBan de chuid Phoblacht na hÉireann, 105 sparántacht spóirt ar shár-lúthchleasaithe na hInstitiúide as raon leathan spóirt. Bronntar na Sparántachtaí seo ar mhic léinn a léiríonn leibhéil arda éachta agus tiomantas don spórt atá roghnaithe acu agus go mór mór dílseacht don spórt sin laistigh den Institiúid.

23. Ba é buaiteoir "Sparántacht Chliona Magner" ná **Andrew Cotter**, mac léinn 4ú Bliana na Céime san Innealtóireacht Mheicniúil. Tá Andrew mar dhuine de scothghrúpa mac léinn/céimithe a bhfuil éachtaí móra á mbaint amach acu mar ambasadóirí don sparántacht.

Ba mar thoradh ar bhás tragóideach an mhic léinn Cliona Magner, a bhronn a tuismitheoirí sparántacht de €5,000 ar an Institiúid, i mí na Samhna 2004, lena bheith mar sparántacht bhliantúil i gcuimhne ar a n-iníon.

24. Reáchtáladh fáiltiú chun onórú a dhéanamh ar Bhuaiteoirí Corcaíocha Duaiseanna Náisiúnta Innealtóirí Éireann don Bhliain 2011 (ar tháinig sé cinn as ocht díobh go dtí an Deisceart) agus ar Dhuaiseoirí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta Innealtóirí CIT ar 20 Nollaig 2011 i Seomra na Comhairle, an tÁras Riaracháin. Ba iad na faighteoirí mar seo a leanas:

**Buaiteoirí Corcaíocha Duaiseanna Náisiúnta agus Idirnáisiúnta Innealtóirí Éireann don Bharr Feabhais 2011**

| Duais | Teideal an Tionscadail | Faighteoir |
|---|---|---|
| Tionscadal Innealtóireachta na Bliana 2011 | Droichead Coise Charn Uí Néid | **Noel O'Keeffe,** Innealtóir Contae, Comhairle Chontae Chorcaí |
| Páipéar/Láithreoireacht na Bliana 2011 ab Fhearr | Dearadh agus Tógáil Dhroichead Coise Charn Uí Néid | **Kieran Ruane**, RPS agus Scoil na Foirgníochta & Innealtóireachta Shibhialta CIT |
| Scéala Innealtóireachta na Bliana 2011 | Irish Examiner | **Mark Twomey**, Irish Examiner Céimí CIT i Leictreonaic Mhuirí |
| Innealtóir Cairte na Bliana 2011 | | **Louise Connolly**, ESB1, Céimí 2004 CIT in Innealtóireacht Mheicniúil; Céad Bhuaiteoir Baineann Mórchlú Urraim Innealtóir Cairte na Bliana |
| Duais Tionscnaimh Oideachas Innealtóireachta ab Fhearr sa Rang 2011 | Eicea-chóras Nuálaíochta Mic Léinn a Eagrú – Saotharlanna Forbartha Táirge Nuálaíoch; Modúil Ildisciplíneacha | **Matt Cotterell**, Ceann Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próisis, CIT |
| Duais BSL don Sárchion Innealtóireachta 2011 | | An Léachtóir Sinsearach **Seán F. O'Leary**, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Próisis, CIT |

**Mic Léinn Innealtóireachta de chuid CIT a Ghnóthaigh Gradaim Idirnáisiúnta/Náisiúnta**

**Duaiseanna Dúbailte Náisiúnta Innealtóirí Éireann a Bhuaigh Mic Léinn 2011**
- Mac Léinn Nuálaíoch na Bliana de chuid Innealtóirí Éireann
- Duaiseoir Náisiúnta sa Chéad Áit 2011
- MEETA, The Asset Managers Association
- Duaiseoir Náisiúnta Mic Léinn sa Chéad Áit 2011

**Daniel Allen, Patrick Byrnes** agus **Richard Childs**, Innealtóireacht Mheicniúil, CIT
Teideal an Tionscadail: "Automation of Prosthetic Shoulder Stem Sandblasting Process" i gcomhar le Croom Precision Medical.

Duais Seán de Courcy de chuid Cumann Coincréite na hÉireann 2011
**Michael Minihane**, Civil, Structural & Environmental Engineering, CIT
Project Title: "Reinforced Concrete Beam-Column Connections"

Duais Mhic Léinn Innealtóirí Struchtúrtha na hÉireann 2011
**Gerry Murphy**, Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil, CIT
Teideal an Tionscadail: "Experimental Investigation into Foundation Solutions for Offshore Wind Turbines"

**Buaiteoir Dúbailte Duais Eorpach/ Mic Léinn 2011 Náisiúnta**
- Craobhchomórtais Eorpacha Eolaíochta, Innealtóireachta & Teicneolaíochta SET, Óstán Millennium, Londain
- Duais Babcock Céad Áit don Mac Léinn Innealtóireachta Meicniúla Eorpach is Fearr 2011
- Duaiseanna Fochéime Éireann agus Tuaisceart Éireann, Caisleán Bhaile Átha Cliath
- Bonn Óir Oscar Wilde 2011 – Eolaíochtaí Innealtóireachta Meicniúla

**Rian Edman**, Innealtóireacht Mheicniúil, CIT
Teideal an Tionscadail: "Thermodynamic Analysis, Testing and Evaluation of a Concept 6 Stroke Engine"

25. D'óstaigh an Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais an 15ú Comórtas Bliantúil Knorr Chef ar 22 Feabhra 2012. Bhí deichniúr cócairí óga san iomaíocht ó Institiúidí Teicneolaíochta ó gach aird d'Éirinn don phríomhdhuais, arbh í turas go Londain chun taitneamh a bhaint as eispéaras grianghrafadóireachta bia leis an ngrianghrafadóir cáiliúil bia, Gareth

Morgans agus tráthnóna de scoth an bhia i mbialann The Fat Duck de chuid Heston Blumenthal, áit a bhuaigh an-chuid duaiseanna.

Ba é an mac léinn **Shane Deane** a ghnóthaigh an Cócaire Mic léinn ab Fhearr in Éirinn agus bhain sé an mhórdhuais a raibh i gceist léi buantrófaí a coimisiúnaíodh go speisialta chun 15ú bliain an chomórtais a chomóradh.

Agus é ina 15ú bliain, is é Cócaire Mic Léinn Knorr na Bliana an comórtas is mó dá leithéid in Éirinn agus is comórtas é a bhfuil meas air agus dianiomaíocht ann dó i saol na cócaireachta in Éirinn.

26. Bhí Craobhchomórtas €uroStar 2012 de chuid CIT ar siúl in Amharclann Rory Gallagher, Campas Bhaile an Easpaig ar 28 Feabhra 2012. Ba é sin an 9ú Bliain den Chomórtas agus léiríonn sé an tallann is fearr i CIT.

    Bhí dhá chatagóir ann, bunaidh agus clúdach, agus chuaigh na buaiteoirí i ngach catagóir ar aghaidh chun seasamh ar son CIT sa National IT Factor. Ba í buaiteoir na ranna clúdaigh ná **Muriel Foley** (1ú Bliain san MA i gCaidreamh Daonna), agus ba iad buaiteoirí na ranna bunaidh ná **Cian Sweeny** agus **Brinny O'Toole** (2ú Bliain CSM CIT).

27. Tar éis lá an-fhada de láithreoireachtaí agus taispeántais os comhair painéil oirirc de bhreithiúna tionsclaíocha agus acadúla ag an 24ú Craobhchomórtas i dTionscadal Idirnáisiúnta Innealtóireachta Leighis a tionóladh sa Birdcage, Westminister, Londain, ar 29 Feabhra 2012, fuair siad siúd a leanas ceann de na trí dhuais ab airde i nDuais Vicon don Tionscadal Innealtóireachta Leighis ab Fhearr:

    Duais an Iomaitheora Ceannais
    "Prosthetic Shoulder Stem Sandblasting Process Automation"
    Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
    **Daniel Allen, Patrick Byrnes** agus **Richard Childs**

    Tá Duais Vicon don Tionscadal Innealtóireacht Leighis is Fearr oscailte do mhic léinn na céime Máistir, do chéimithe úra agus do mhic léinn fhochéime sa tríú/cheathrú bliain a bhfuil tionscadal in innealtóireacht leighis curtha i gcrích nó atá i mbun a leithéid.

    Is éacht iontach é seo do CIT agus do na mic léinn tríú bliain agus iad in iomaíocht le scoth mac léinn idirnáisiúnta na bliana deiridh agus mic léinn Máistir.

28. Ar 7 Márta 2012, chraobhscaoil RTÉ Nationwide clár faoi Ghléasraí príobháideacha Fuinnimh Ghaoithe agus Ghrianphainéil. Taispeánadh **Richard Moxley**, mac léinn Innealtóireachta Leictrí agus é ag cur síos ar an obair atá déanta aige sa bhaile lena ghineadóir fuinnimh agus a ghrianphainéil. Rinne Richard a phrintíseacht leictreach in CIT agus faoi láthair de bhrí gur mac léinn lánaimseartha innealtóireachta leictrí é, thug RTÉ cuairt ar CIT agus labhair le roinnt ball foirne a bhí tar éis comhairle agus cabhair a thabhairt do Richard ina thionscadal.

29. Bhí Duais CIT don Nuálaíocht agus urraíocht á déanamh uirthi ag Boird Fhiontair Chontae agus Chathair Chorcaí, agus an Searmanas Taispeántais agus Duaiseanna 2012 ar siúl ar 9 Márta 2012 i Lárionad Nexus na Mac Léinn. Is comórtas é seo faoina mbronntar duaiseanna airgid orthu siúd a meastar na haireagáin agus na smaointe gnó dá gcuid a bheith ar na cinn is cruthaithí, is úire, is nuálaí agus is dóchúla go n-éireoidh leo in áit an mhargaidh. Tá an comórtas oscailte do gach roinn san Institiúid agus féadfaidh mic léinn leas a bhaint as tionscadal ar cuid dá n-obair chúrsa don bhliain é mar iontráil dá gcuid ar chomórtas. Ba é comhbhunaitheoir ghluaiseacht CoderDojo, Bill Liao, an príomhchainteoir agus ba iad seo a leanas buaiteoirí na nduaiseanna:

    **a.** Ba é a thuill an Chéad Duais agus teideal Fiontraí CIT na Bliana ná Cool Counter, gléas fuaraithe deochanna ar féidir a chomhtháthú isteach i mbarr beáir agus a choinníonn deochanna fionnuar. Ar bhaill na foirne a fuair seic ar €4,000 bhí na mic léinn Innealtóireachta Meicniúla agus Déantúsaíochta, Innealtóireachta Meicniúla agus Staidéar Gnó Ann-Marie Cullinane, Daniel Goulding, Shane Fogarty, Cian O'Leary, Mohamed Slimane, Darren Dawson agus Cian Hurley.

    **b.** Ba é a thuill an Duais ba Nuálaí de €2,000 ná an Táscaire ar Strus Matáin a chuireann anailís fhíorama ar fáil agus a chuireann i gcomhchoibhneas an gaol idir matán atá faoi strus agus an teas a ghintear dá bharr. Bhí mic léinn ó Innealtóireacht Bhithleighis agus Mheicniúil agus mic léinn de chuid na Bainistíochta agus na Margaíochta ar an bhfoireann.

    **c.** Bronnadh an Plean Gnó agus an Cur i Láthair ab fhearr agus duais de €1,000 ar Pyra Aid, feisteas ceangail do rothchathaoir atá in ann tabhairt faoi na colbhaí agus na cosáin.

    **d.** Tugadh duais na Meán Nua d'Orla Finn de chuid Recipe Rights. Is mac léinn ilmheán í Orla atá 22 bliain d'aois agus arb as Droichead na Bandan, Co. Chorcaí í. Is aip mhóibíleach é Recipe Rights a thugann rochtain ar roinnt oideas simplí nach bhfuil iontu ach seacht gcomhábhar chun béile folláin agus saor a dhéanamh.

    **e.** Tugadh duais don Iontráil Nua Margaidh do Grip to Stick, arbh greim nua ar Chamán é ar féidir a chur ar Chamán caighdeánach go tapa agus go héasca. Tá an fhoireann comhdhéanta de mhic léinn de chuid na hInnealtóireachta Bithleighis agus Meicniúla agus Staidéar Gnó. Fuair an fhoireann duais airgid de €1,000.

- **f.** Tugadh duais ardmholta speisialta don iontráil ba nuálaí Fog Off atá ceaptha chun an fhadhb a bhaineann le ceo ar spéaclaí a réiteach. Mic léinn Innealtóireachta Meicniúla a bhí ar an bhfoireann a fuair duais de €500.
- **g.** Fuair Road Network Solutions, foireann mac léinn as Innealtóireacht Mheicniúil agus Bhithleighis agus Staidéar Gnó, duais airgid de €1,000 as An Seastán Taispeántais ar Lá na Nuálaíochta.

30. Bhí Duaiseanna Cumainn agus Gníomhaíochtaí na Mac Léinn ar siúl Déardaoin 22 Márta 2012 i Lárionad Nexus na Mac léinn. Bhronn an Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla Teastas Tuilleamais ar 173 mac léinn i gcumainn agus coistí mar aitheantas ar an gcion a thug siad do chumainn i rith na bliana. Bronnadh roinnt duaiseanna speisialta (Cumann na Bliana, an Cumann Nua is Fearr, an Cumann is Feabhsaithe, an Ócáid is Fearr, an Cumann Cúrsabhunaithe is Fearr, Duaiseanna Aonair agus Scothdhuine Aonair).

31. Bhí Searmanas Bronnta Duaiseanna na hInstitiúíde ar siúl i Seomra na Comhdhála, an tÁras Riaracháin ar 28 Márta 2012. Onóraíonn an bronnadh bliantúil duaiseanna seo sárchéimithe 2011. Bronnadh duaiseanna ar na mic léinn seo a leanas:

    - **Tom Gearóid Dalton** – BMac Léinn Céime Onóracha is Fearr agus Sár-Fhaighteoir Duaise Dámhachtaine HETAC in Ealaín & Dearadh i gColáiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT - Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Mínealaín
    - **Caoimhe de Paor** – Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr - Baitsiléir Ceoil (Onór)
    - **Deirdre Donovan** –Mac Léinn na Ceíme MA múinte is Fearr - Máistir Gnó
    - **Dara Doolan** – Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr - Máistir Ealaíon - múineadh Amharcealaíne d'Oideachas Bunscoile & Luathbhlianta
    - **Brian Driver** – Mac Léinn Onóracha is Fearr - Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i dTeicneolaíocht Próisis Ghléasra
    - **Stephen Hugh Dunlop** – Mac Léinn Baitsiléara is Fearr - Baitsiléir Innealtóireachta in Eolaíocht Mhuirí
    - **Clare Falvey** – Mac Léinn Baitsiléara is Fearr - Baitsiléir Eolaíochta i gCeimic Anailíseach & Cógaisíocht
    - **Colin James Harrington** – Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr - Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Mhuirí
    - **John Harrington** – Mac Léinn Máistir múinte is Fearr - MSc i Líonrú & Slándáil
    - **Jane Healy** – Mac Léinn Baitsiléara is Fearr - Baitsiléir Ealaíon in Ealaíona Cócaireachta
    - **Martin Johnson** – Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr - Máistir Ceoil (Léiriú Ceoil)
    - **Martin Peter Johnson** – Mac Léinn is Fearr Foriomlán - Máistir Ceoil (Léiriú Ceoil)
    - **Shane Kiely** – Mac Léinn Baitsiléara is Fearr - Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Leictreach
    - **Michael Minehane** – Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr - MEng in Innealtóireacht Struchtúrtha
    - **Margaret Anne O'Carroll** – Duais Marshall Hutson - Mac Léinn Oideachais is Fearr - Ard-Dioplóma in Ealaíona - Oideachas Ealaíne & Dearaidh
    - **Gary O'Halloran** – Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr agus Duais do Mhac Léinn HETAC na Bliana don Sár-Fhaighteoir Dámhachtain HETAC is Fearr - Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhFisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
    - **Marius Stepsys** – Mac Léinn Baitsiléara is Fearr - Baitsiléir Ealaíon i gCumarsáid Dearaidh
    - **Brigid Walsh** – Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr - Baitsiléir Gnó i mBainistíocht Fáilteachais

32. Bhí Searmanas Taispeántais Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta agus Bithleighis Chorcaí 2012 ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig Déardaoin 26 Aibreán 2012. Ba é an téama do thaispeántas na bliana seo ná "Innealtóireacht Cheimiceach - Innealtóireacht Uilíoch" agus bhí 190 seastán ann. Rinneadh na láithreoireachtaí seo a leanas:

<table>
<tr><th>Uimh</th><th>Gradam</th><th>Faighteoir</th></tr>
<tr><td>1</td><td>Bronnadh na Bliana 2012<br>Duais Chuimhneacháin Tim Sexton le Donal O'Connor Uas., Comhpháirtí Sinsearach, Cruickshank Intellectual Property</td><td>Mr Rian Edman (Baitsiléir Innealtóireachta inInnealtóireacht Mheicniúil (Onóracha)<br>• Duais Babcock don Mac Léinn Innealtóireachta Meicniúla Eorpach Is Fear<br>• Duaiseanna Eolaíochta,Innealtóireachta agus Teicneolaíochta, Millennium Hotel, Londain 2011<br>• Bonn Óir Oscar Wilde – Duaiseanna Fochéime Éireann Agus Tuaisceart Éireann<br>• Céad Áit Eolaíochtaí Innealtóireachta agus Meicniúla - Caisleán Bhaile Átha Cliath 2011<br><br>Louise Connolly Uas. ((Baitsiléir Innealtóireachta CIT in Innealtóireacht Mheicniúil (Onór)<br>• ESB International<br>• Innealtóirí Éireann Cairte Innealtóir na Bliana 2011<br><br>Daniel Allen Uas., Patrick Byrnes Uas, Richard Childs Uas.<br>(Mic Léinn Innealtóireachta Meicniúla)<br>• Siemans Engineers Ireland Mac Léinn Nuálach na Bliana 2011 - Céad Áit<br>• Duais Mhic Léinn MEETA Asset Managers 2011 – Céad Áit<br>• Duais Vicon don Dámhachtain Craoibhe do Thionscadal Innealtóireachta Leighis<br>• Craobhchomórtais Idirnáisiúnta Innealtóireachta Leighis, Westminster, Londain 2012</td></tr>
<tr><td>2</td><td>Bronnadh na Bliana 2012<br>Duais Chuimhneacháin Richard Hale le Gerry Collins Uas., Cathaoirleach, Pharmaceutical Ireland</td><td>Pádraig Herbert Uas. (Baitsiléir Innealtóireachta CIT in Innealtóireacht Bhithleighis (Onór)<br>• Duais JRI don Tionscadal Innealtóireachta Leighis is Fearr a Taispeánadh agus a Cuireadh i Láthair<br>• Comh-Dhara hÁit Fhoriomlán agus an Mac Léinn Fochéime a Cuireadh sa Chéad Áit<br>• "Dorsiflexion Assistance and Stability Control of a Talocrural Joint in a Subject with Post Polio Syndrome"<br>• Craobhchomórtais Leighis Idirnáisiúnta,Westminster, Londain 2011<br><br>Katy Ryan Uas. (Baitsiléir Innealtóireachta CIT in Innealtóireacht Bhithleighis (Onór)<br>• Céad Onóracha agus Céad Áit i Rang Céime 2011<br>• Ardlua do Chomhthionscadal le FSS agus Saotharlann Rialaithe Gluaisne CIT<br>• "Design Protocol for Evaluating Microclimate of Foam Hospital Support Surfaces"</td></tr>
<tr><td>3</td><td>Bronnadh Gradam MSD Ireland don Tionscadal Taighde Ceimiciceach agus Bithchógaisíochta is Fearr le Dermot O'Brien Uas., Ceannaire Tionscadal Tráchtálaithe MSD Ireland (Ballydine)</td><td>John Coakley Uas. (Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Cheimiceach & Bhithchógaisíochta (Onóracha)<br>• "Optimisation of an Automated Cleaning System" i gcomhar le Pfizer Ireland Pharmaceuticals</td></tr>
</table>

33. Fógraíodh buaiteoir Duaiseanna Céime Earcaíochta Gradireland agus Duaiseanna Iarchéime Postgradireland na Bliana 2012 ar an gCéadaoin 25 Aibreán 2012 ag mórdhinnéar i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath. Is mic léinn a dhéanann vótáil do na gradaim seo agus déanann painéal neamhspleách de shaineolaithe tionscail an roghnú. Tugann na duaiseanna seo aitheantas do na hearcaitheoirí is mó tóir in Éirinn thar raon d'earnálacha fostaíochta.

Ghnóthaigh céimí CIT **Connor Barry** (Abbott) Gradam d'Fhostaí Céimí na Bliana.

Bhain Connor céim amach le Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil ag CIT in 2010. Ina dhiaidh sin fuair sé áit ar Chlár Forbartha Gairme Abbott Ireland, gradam a roghnaítear go cúramach.

34. Déardaoin 26 Aibreán 2012, bhronn an tAire Pat Rabitte, T.D., Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Céad Duais agus duais airgid de €3,000 ar **Kieran O'Callaghan** de chuid CIT as a chuid Táirgí Cumasaithe, AquaEye agus VisionREag Duaiseanna Taispeántais Teicneolaíochta Cuimsithí na Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI) a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath.

 Bhí naonúr dearthóirí teicneolaíochta cuimsitheacha in iomaíocht le chéile i Sártaispeántas. Ba é an Misean cuimsitheacht dhigiteach a chur chun cinn in Éirinn agus sainfhócas ar radharc na súl agus ar cháilliúint an radhairc.

35. Fuair mic léinn na nEolaíochtaí Bitheacha de chuid CIT, **Emma Marie Gabriel** agus **Shirley Ross**, scoláireachtaí ardchlú IRCSET (Comhairle Taighde na hÉireann in Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht). Is fiú €72,000 ar fad an duais cheithre bliana do gach iarrthóir agus cuirfidh sé ar a gcumas clár iarchéime PhD a chur i gcrích. Is mar thoradh ar bhabhta cuimsitheach agus an-iomaíoch scagtha agus gearrliostaithe ag IRCSET iad na duaiseanna agus léiríonn siad ardchumas na n-aighneachtaí taighe a rinne an bheirt iomaitheoirí.

36. Ghnóthaigh Peileadóirí Sinsearacha Chorcaí an tSraithchomórtas Náisiúnta Peile Roinn 1 i bPáirc an Chrócaigh ar 29 Aibreán 2012. Bainteach, bhí na céimithe de chuid CIT **Ray Carey** (laoch na himeartha), **James Fitzpatrick, Colm O'Neill, Daniel Goulding, Donncha O'Connor, Paul Kerrigan, Conor O'Driscoll** agus an captaen **Graham Canty**. Bhí an mac léinn reatha Aidan Walsh ar an bhfoireann freisin agus mar chion uaidh scóráil sé an-chúl.

37. Bhí Gradaim Spóirt Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí 2012 ar siúl Dé Céadaoin 2 Bealtaine 2012 in Áras na Turasóireachta & an Fháilteachais. Tá na Gradaim ar siúl ó 1993 agus tugann siad deis mhaith don Institiúid aitheantas a thabhairt do na mic léinn a bhain barr feabhais amach sa spórt atá roghnaithe acu le linn na bliana acadúla roimhe sin. Tá na gradaim bunaithe ar shároéachtaí ina spórt agus/nó i riaradh clubanna laistigh den Institiúid chomh maith le haitheantas a thabhairt do laochra reatha spóirt, tugann na gradaim deis aitheantas a thabhairt dár gcéimithe. Bronnadh na gradaim seo a leanas ar an lá:

**10 Buaiteoirí Gradam Aonair**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | **Gavin McCarthy**, Fóillíocht & Áineas 3 | Sacar |
| 2. | **Amanda Boland**, Cúram Sóisialta 3 | Rugbaí na mBan |
| 3. | **Denis Good**, Staidéar Gnó 4 | Seoltóireacht |
| 4. | **Mary McDonnell**, Staidéar Gnó 4 | Sacar na mBan |
| 5. | **Stephen White**, Staidéar Gnó 4 | Iománaíocht |
| 6. | **Roseanne Phelan**, Eolaíochtaí Bitheacha Feidhmeacha 2 | Curachóireacht |
| 7. | **John Hickey**, Córais Faisnéise Gnó 1 | Galf |
| 8. | **Sinead McMahon**, Staidéar Gnó 4 | Peil na mBan |
| 9. | **Eanna Farrell**, BEng i bhFuinneamh Inbhuanaithe | Lúthchleasaíocht |
| 10. | **Michael Flavin**, Bainistíocht Beáir | Rugbaí |

**Mac Léinn Céad Bhliana na Bliana**

| | |
|---|---|
| Emma Farmer, Fóillíocht & Áineas 1 | Sacar na mBan |

**Gradam Éachta Céimí**
Pat Mulcahy, iariománaí Sinsearach Chorcaí agus iománaí de chuid Baile Nua Sheandroma.

**Foireann na Bliana**
Rugbaí na mBan

**Club na Bliana**
Sacar na bhFear

**Gradam Éachta Idirnáisiúnta**
Bronnadh é ar na baill seo a leanas d'Fhoireann Seoltóireachta Corn Domhanda CIT a chríochnaigh sa tríú háit ag Corn Domhanda Luamhaireachta na Mac Léinn sa Fhrainc in 2011:
**Denis Good, George Kenefick, Aidan McLaverty, Joseph Bruen, Maria Connolly, Kevin Goulding, Gemma Twohig** agus **Judy O'Brien.**

**Gradam Éachta**

a) **Cliodhna Sargent** (Hacaí). Bronnadh ar Chliodhna ar mac léinn Máistir í mar aitheantas ar an 100ú caipín idirnáisiúnta a ghnóthaigh sí sa bhliain acadúil seo.
b) **Colin Fennelly** (Iománaíocht). Bronnadh ar Colin ar mac léinn é sa 4ú Bliain i mBainistíocht Foirgníochta, mar aitheantas ar bonn Uile-Éireann san Iománaíocht Shinsearach in 2011 le Foireann Sinsearach Chill Chainnigh.
c) **Jenny Luddy** (Peil na mBan). Bronnadh ar Jenny ar mac léinn í sa 2ú Bliain i bhFóillíocht & Áineas, mar aitheantas ar bhonn Uile-Éireann i bPeil Shinsearach na mBan le Foireann Shinsearach Chorcaí in 2011.

38. Ghnóthaigh **Mairéad Hickey**, Mac Léinn i gCeolscoil Chorcaí CIT, an chéad áit (sa chatagóir 14 – 18 d'aois) sa 19ú Comórtas Bheidhlín Idirnáisiúnta Jeunesses i mBucharest ar 17 Bealtaine 2012. Bhí 138 iomaitheoir ar fad as 38 tír páirteach sna comórtais.

39. Ghnóthaigh an Mac Léinn **David Keating** atá sa bhliain dheiridh den Chéim BMus i gCeolscoil Chorcaí CIT Comórtas Ceadail Shinsearaigh Cheolscoil Chorcaí CIT 2012 ar 18 Bealtaine 2012.

40. Rinneadh dhá Fhoireann Ildisciplíneacha de chuid CIT a onórú ag Craobhchomórtais Nuálaíochta Think Outside the Box Fhiontar Éireann/Invest Northern Ireland a bhí ar siúl in DCU, Baile Átha Cliath Deárdaoin 7 Meitheamh 2012.

| Uimh | Foireann | Teideal | Mic leinn | Gradam |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Foireann Ildisciplíneach Mac Léinn as Innealtóireacht Meicniúil agus Bhithleighis, Cuntasaíocht agus Margaíocht | PyraAid - Dearadh agus Feabhsúchán Soghluaisteacht Rothchathaoireach | **Siobhán Hickey, Laura Hannon, Sandra Hayes, Alan O'Reilly, John Roberts, Thomas Thornton,** agus **Stephen O'Brien** | Breithníodh go raibh an Gradam Náisiúnta Think Outside the Box tuillte acu |
| 2 | Foireann Ildisciplíneach Mac Léinn as Innealtóireacht Meicniúil agus Bithleighis Cuntasaíocht agus Margaíocht | MSI - Dearadh agus Forbairt Táscaire ar Strus Matáin | **Rebecca Lyall, Richard Childs, Daniel Corkery, Seán Leahy, Declan Cotter, Richard O'Sullivan** agus **Colm Keane** | Breithníodh go raibh an Gradam Náisiúnta Think Outside the Box tuillte acu |

Bronnadh Trófaithe de Chriostal na Gaillimhe agus duaiseanna airgid ar an dá fhoireann ag an searmanas gradaim.

Ag an searmanas gradaim, d'éirigh le CIT freisin an Duais don Nuálaíocht Acadúil 2012 a fháil. Ba é sin an dara huair ar bronnadh an gradam sin ar CIT. Bronnadh cheana é in 2009.

41. Ghnóthaigh **Martin Evans** an "Chéad Áit agus Innealtóir Nuálach Mic Léinn na Bliana 2012" ag Craobhchomórtais Ghradam Innealtóir Nuálach Mic Léinn Innealtóirí Éireann 2012 a bhí urraithe ag Siemens Engineers Ireland. Bhí searmanas na ngradam ar siúl ar 18 Meitheamh 2012 i gCeanncheathrú EI, Baile Átha Cliath. Ba mhac léinn Baitsiléara Innealtóireachta (Onór) é Martin in Innealtóireacht Mheicniúil. Ba é teideal a thionscadail ná "Design and Development of an Advanced Scrum Machine". Tar éis gur bronnadh an Trófaí don Innealtóir Nuálach Mic Léinn air, thug Martin óráid líofa agus chuí don lucht éisteachta mór a bhí i láthair, agus é ag labhairt faoi chomh bródúil agus a bhí sé bheith ag seasamh do Rugbaí CIT agus na Mumhan.

## 3.11 Ombudsman na Mac Léinn

D'fhaomh an Bord Rialaithe an Polasaí Gearáin Mic Léinn ag cruinniú dá gcuid ar 1 Iúil 2010. D'éiligh an polasaí sin go mbunófaí ról nua "Ombudsman na Mac Léinn" in CIT agus leag amach téarmaí tagartha dá ról, a bheadh ag tuairisciú don Uachtarán.

Cuireann Ombudsman na Mac Léinn comhairle ar mhic léinn agus cuidíonn leo maidir le réiteach a aimsiú ar fhadhbanna nó ábhair ghearáin a bhaineann le baill foirne nó seirbhísí de chuid na hInstitiúide ar bhealach neamhfhoirmiúil.

D'fhéadfadh na seirbhísí a chuireann Ombudsman na Mac Léinn ar fáil saincheisteanna ábhartha mic léinn a atreorú le haghaidh réitigh ag na seirbhísí sin de réir mar is iomchuí.

Tá gach fiosrúchán d'Ombudsman na Mac Léinn faoi rún, ach amháin i gcás go mbeadh bagairt thromchúiseach ann ar bheatha nó ar mhaoin.

**Ceapachán Ombudsman na Mac Léinn**

Iarradh ainmniúcháin ón bhfoireann acadúil. Rinne an tUachtarán an ceapachán tar éis athbhreithnithe a raibh baint ag an gCláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Uachtarán Comhaltas na Mac Léinn leis.

- Ceapadh Paul Sliney Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 24/9/2010 go 31/1/2012.
- Ceapadh Kevin Kelly Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2012.


*Réadlann Chaisleán na Carraige*

# 4. Taighde & Forbairt



4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

4.2 Gníomhaíochtaí Taighde

4.3 Naisc Sheachtracha Forbartha

4.4 Forbairt Champais

4.5 Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí

## 4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

**Tacaíocht CIT do Chuideachtaí**

Tá CIT tiomanta do chabhair a thabhairt d'fhiontraithe agus do thosuithe nua gnó sa Réigiún. Cuirtear tacaí agus deiseanna ar fáil freisin do chuideachtaí atá ann cheana lena gcuideachtaí a chur chun cinn go dtí an chéad leibhéal eile. Déantar é sin go mór mór trí Lárionad Rubicon agus trí na cláir a reáchtáltar ón Lárionad, agus freisin tríd an gClár Technology Gateways (Clár an Lárionad Taighde Fheidhmigh (ARE) mar a bhíodh air.

**Lárionad Rubicon**

Cuireann Lárionad Rubicon cóiríocht ar fáil do 220 duine, agus iad ag obair i 57 cuideachta tosaithe. Is é seo an comhchruinniú cuideachtaí tosaithe is mó in Éirinn. Tá naisc le CIT ag níos mó ná 50% de na cuideachtaí atá bunaithe sa Rubicon. Baineann na naisc sin le socrúcháin mhic léinn, tionscadail mhic léinn nó le comhthaighde agus forbairt.

Bhronn Áisínteacht Spáis na hEorpa conradh €1m ar Radisens, ceann de na cuideachtaí atá lonnaithe sa Lárionad. Luaigh siad an Grúpa Taighde ar an bhFótónaic a bheith lonnaithe ag CIT mar an phríomhchúis lena rath leanúnach.

Lean Lárionad Rubicon de chláir fhorbartha a reáchtáil i rith na bliana.

**Clár Fiontraíochta Genesis/ Clár New Frontiers (Céim 2)**

Le linn na bliana athbhrandáladh Clár Genesis, arbh é Clár Ardán Fiontair na hInstitiúide é faoin mbranda náisiúnta – New Frontiers. Tá tionchar imeartha ag Clár New Frontiers ar cheantar Chorcaí i dtéarmaí na dtosuithe gnólachtaí. Ina seal, chuaigh roinnt mhaith cuideachtaí "céimí" New Frontiers ar aghaidh chun céimithe CIT a fhostú, is foinse rialta socrúchán iad do mhic léinn CIT agus tá tionscadail chomhoibritheacha chonartha taighde ag cuid mhaith díobh le CIT.

I mí an Mhárta, bhí Seán Sherlock, T.D., Aire Stáit do Thaighde agus Nuálaíocht, i gceannas ag na Gradaim agus ag an Taispeántas Bliantúil. Cuireann an searmanas gradaim críoch le bliain na rannpháirtithe ar an gclár. Tháinig na 17 rannpháirtí as raon earnálacha ar a n-áirítear cluichíocht, micrileictreonaic, cineálacha nua meán, bia, feistí leighis agus seirbhísí a thrádáltar go hidirnáisiúnta.

Ba é an chéad duais ná infheistíocht de €50,000 ó Enterprise Equity (AIB Seed Capital Fund).

Bhí breis is 200 duine i láthair ag Taispeántas & Gradaim Genesis 2012 as comhlachtaí forbartha Réigiúnacha, rannpháirtithe reatha agus iar-rannpháirtithe Genesis, caipitlithe fiontair, infheisteoirí príobháideacha, an pobal ardoideachais agus an pobal mór gnó sa réigiún Thiar Theas. Bronnadh Gradam Alumni Genesis 2012 ar SOMEX (Clár Genesis 2004/2005). Bronntar an gradam go bliantúil ar an alumnus de chuid Chlár Genesis a rinne éachtaí suntasacha ina réimse tráchtála nó a chuir ar bhealach suntasach le forbairt eacnamaíochta gnólachtaí eolasbhunaithe sa réigiún. Tá an-cháil ar SOMEX as táirgí nuálacha a fhorbairt, go mór mór d'earnáil na dí. Faoi láthair tá custaiméirí ag an gCuideachta i 45 tír ar 4 mhór-roinn.

**New Frontiers (Céim 1)/Enterprise Start**

Lean CIT den chlár Enterprise Start a reáchtáil i gcaitheamh na bliana faoina bhrandáil nua, New Frontiers (Céim 1). Cuidíonn Tosú Fiontair le fiontraithe folaigh cinní a dhéanamh maidir le hindéantacht a smaoinimh agus tugann léargas ar na gnéithe bunriachtanacha a bhaineann le fiontar nua a chruthú. Ag deireadh an chláir, tugtar an deis do gach rannpháirtí a bplean gnó a chur i láthair phainéal saineolaithe agus áisínteachtaí tacaíochta. Ar chríochnú an chláir dóibh, leanann tuairim is 80% díobh ar aghaidh chun a gcoincheap gnó a fhorbairt ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha. Baintear úsáid as an gClár seo freisin faoi thosca dúnadh cuideachta agus cuireadh roinnt clár i gcrích áit a raibh cuideachtaí ilnáisiúnta i mbaol líon a gcuid fostaithe a laghdú.

**PINC**

Lean CIT de PINC a reáchtáil, ar clár tiomnaithe é d'fhiontraithe baineanna. Is dianchlár é PINC le haghaidh fiontraithe baineanna a dteastaíonn uathu a gcuid smaointe gnó a fhorbairt go dtí an chéad chéim eile. Reáchtáltar an clár go páirtaimseartha i gcaitheamh 10 seachtaine, rud a ligeann do na rannpháirtithe a gcuid cúram teaghlaigh a chothromú agus iad ag an am céanna i mbun pleanála agus forbartha a gcuid fiontar gnó. Is é an smaoineamh a spreagann PINC ná deis a thabhairt do na rannpháirtithe díriú ar a smaoineamh gnó i ngrúpthimpeallacht struchtúrtha agus meantóireacht a fháil duine le duine ag an am céanna ar gach gné dá ngnó.

**Tionscadail AE agus Tosuithe**

Tá baint ag an Intitiúid leis an tionscadal AE TESLA. Is tionscadal comhoibritheach Eorpach é TESLA atá dírithe ar thacaíocht nuálach do chuideachtaí teicneolaíochta agus iad ina gcéad chéimeanna. I gcomhar leis na comhpháirtithe, Comhthionól Réigiúnach na Teorann, Lárthíre agus an Iarthair, an Bheilg, An Fhrainc, an Bhreatain Bheag, an Ghearmáin agus an Íslitír, tá CIT freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann le hidirnáisiúnú, forbairt táirgí nua agus fiontraíocht i gcuideachtaí móra.

**Tionscnamh Beacon**

Tá Tionscnamh Beacon á mhaoiniú ag Comhairle Chontae Chorcaí agus é mar aidhm aige naisc níos láidre a chothú idir gníomhaíochtaí taighde agus fiontair na hInstitiúide agus cuideachtaí i mór-réigiún Chorcaí. Bhí deis ag breis is 100 cuideachta idirghníomhú le Tionscnamh Beacon agus sainaithníodh roinnt deiseanna forbartha do chuideachtaí atá ann cheana féin. Orthu siúd tá fás na fostaíochta, díolacháin idirnáisiúnta a mhéadú agus tionscadail fholaigh taighde agus forbartha.

**Aistriú Nuálaíochta agus Teicneolaíochta**

Leanann an acmhainn tiomnaithe Aistriú Teicneolaíochta de ról dílis a imirt i dtacú le breis idirghníomhaíochta le tionscal i ngach roinn ar fud na hInstitiúide. Fuarthas maoiniú de €150,000 ó Fhiontar Éireann chun leanúint den ghníomhaíocht seo. In 2011, bhí breis agus 200 idirghníomhaíocht le tionscal a d'éiligh comhaontuithe amhail comhaontaithe neamhnochta a dhréachtú. Gineadh an chuid ba mhó den ghníomhaíocht sin trí thrí cinn de Lárionaid Fheabhsaithe Taighde Fheidhmigh (TEC, CAPPA & MEDIC) de réir mar a chuireann siad le leibhéal na gníomhaíochta le tionscal sa réigiún.

Le linn na bliana acadúla 2011/2012, baineadh amach an ghníomhaíocht aistrithe teicneolaíochta seo a leanas amach:

- Ceadúnais, Roghanna 5
- Nochtaí Fionnachtana 21
- Paitinní 5

Dréachtaíodh Polasaí nua Maoine Intleachtúla (IP) agus cuireadh i bhfeidhm é le linn na bliana. Reáchtáladh roinnt sainchúrsaí oiliúna le linn na bliana don phobal taighde chun a bhfeasacht ar chúrsaí IP a mhéadú. Taispeánadh dóibh conas IP a chosaint agus na roghanna atá ann chun IP a shaothrú agus a thráchtálú.

**Fiontraíocht Mhic Léinn**

**Gníomhaíochtaí Fiontraíocha Fochéime**

Tá CIT ag cur lena gníomhaíocht fochéime i réimse na fiontraíochta bliain i ndiaidh bliana. D'imir an Oifig um Chaidreamh le Tionscal ról ceannasach sa réimse seo chomh maith leis na ranna acadúla. Is buntáiste mór é Lárionad Rubicon i gcur chun cinn an chláir seo.

**Duais CIT 2012 Bhoird Fhiontraíochta Chontae agus Chathair Chorcaí don Nuálaíocht**

Bhí an 10ú Duais CIT don Nuálaíocht ar siúl i gCúirt Lárionad Nexus na Mac Léinn ar 9 Márta 2012 agus thug Bill Liao Uas., fiontraí srathach agus chomhbhunaitheoir ghluaiseacht CoderDojo, an príomhaitheasc.

Chuir "Fiontraithe" (21 bhfoireann ina raibh breis agus 121 mac léinn) a gcuid gnólachtaí ar taispeáint le linn an taispeántais agus bronnadh ciste duaise de €10,000 ar fad ar na hiontrálacha buachacha. Rinne Boird Fhiontair Chontae agus Chathair Chorcaí urraíocht ar an gcomórtas agus le hais na nduaiseanna airgid tá buanchorn ar taispeáint i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta.

D'óstaigh an Institiúid Clár Fiontair Scoileanna Chorcaí freisin a bhí ar siul le linn na "Duaise don Nuálaíocht". Tá mar aidhm ag Clár Fiontar Scoileanna Chorcaí oideachas a chur ar mhic léinn dara leibhéal maidir leis na fíricí a bhaineann le gnólacht a chur ar bun agus a reáchtáil.

**Duaiseanna don Smaointeoireacht as an nGnách (Outside the Box) (Duaiseanna Mic Léinn mar a bhíodh)**

Cuireadh deich dtionscadal as Duais CIT don Nuálaíocht isteach ar na Duaiseanna Uile-Éireann don Smaointeoireacht as an nGnách, rud a thug deis do mhic léinn tríú leibhéal ar fud na hÉireann dul san iomaíocht don teideal santaithe Fiontraithe Coláiste na Bliana agus scair den chiste duaise de €50,000 a ghnóthú. Éiríonn go maith le CIT sa chomórtas seo agus bhain an duais mhór in 2004, Duais Cruickshank & Co Teicneolaíocht don Nuálaíocht in 2005, Duais Choláiste in 2006, an duais fhoriomlán in 2007, Duais Cruickshank & Co Teicneolaíocht don Nuálaíocht in 2008 agus an 2ú háit in 2010.

As na cúig thionscadal déag ar fad a roghnaíodh don ghearrliosta le haghaidh na gComórtas Ceannais Náisiúnta Smaointeoireachta as an nGnách, roghnaíodh trí thionscadal de chuid CIT.

**Intéirnigh Fhiontair**

Tá beirt Intéirneach Fiontair ag CIT a chuireann an fhiontraíocht chun cinn i measc phobal na mac léinn. Tá Intéirneach amháin bunaithe san Oifig Forbartha agus an dara duine i Lárionad Rubicon. Tá teacht ag an mbeirt Intéirneach ar an bhFoireann Acadúil agus ar fhoireann Lárionad Rubicon agus ar na 57 cuideachta tosaithe atá bunaithe ansin. Caitheann na hIntéirnigh 20 uair an chloig i mbun chur chun cinn na fiontraíochta ar an gcampas le linn dóibh a bheith i mbun céim Máistir a dhéanamh in CIT freisin. Reáchtáil na hIntéirnigh roinnt comórtas le linn na bliana, ar a n-áirítear comórtas do mhic léinn dara leibhéal a bhí ar siúl ar an Lá Oscailte. Tá na poist seo á maoiniú trí Bhoird Fhiontair Chontae agus Chathair Chorcaí agus CIT.

**Clár Intéirneachta Samhraidh (Gorlann)**

Le linn mhíonna an tsamhraidh, rinne cúig thionscadal mic léinn, a chuimsigh seisear mac léinn, freastal ar an Rubicon go lánaimseartha agus a smaointe gnó á bhforbairt acu. Le linn an ama sin rinne siad freastal ar cheardlanna seachtainiúla a chuimsigh roinnt mhaith topaicí, rud a chuir ar a gcumas plean gnó críochnaithe a bheith déanta acu faoi 1 Meán Fómhair. Fuair na mic léinn meantóireacht ó thionscal agus cabhair airgid ón Scoil Ghnó agus ón Scoil Innealtóireachta & Eolaíochta, agus cóiríocht oifige ón Rubicon. Cuireadh an clár intéirneachta i gcrích i Meán Fómhair 2012 nuair a cuireadh na gnólachtaí mic léinn a cruthaíodh le linn mhíonna an tsamhraidh i láthair agus nuair a seoladh iad don Fhoireann Shinsearach.

**Fiontraí Cónaitheach**

D'imir ceapachán Kieran Moynihan mar Fhiontraí Cónaithe CIT i Meán Fómhair 2010 tionchar dearfach ar na mic léinn, ar an bhfoireann agus ar na cuideachtaí atá bunaithe i Lárionad Rubicon. Chomh maith le treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do na cuideachtaí sa Rubicon agus infheistíocht á lorg acu, tá Kieran tar éis bualadh le foireann agus mic léinn CIT ar fud an champais agus an nuálaíocht agus an fhiontraíocht á gcur chun cinn aige. Rinne Kieran ionadaíocht freisin don Institiúid ag imeachtaí réigiúnacha agus náisiunta, e.g. Treoirlínte Náisiúnta don Oideachas Fiontraíochta.

**Nuálaíonn Corcaigh**

Tá Fóram bunaithe ag Cumann Tráchtála Chorcaí, Nuálaíonn Corcaigh, le scrúdú a dhéanamh ar conas an fhiontraíocht a spreagadh sa réigiún. Tá ionadaí de chuid CIT ar thrí fhochoiste de chuid na heagraíochta seo. Agus saol na heacnamaíochta mar atá, tá sé ríthábhachtach go gcruthódh Corcaigh comhshaol fabhrach d'fhorás na fiontraíochta agus d'fhorbairt gnólachtaí dúchasacha a d'fhéadfadh fostaíocht a chruthú agus easpórtálacha na hÉireann a mhéadú. Is é atá mar chuspóir ag an gCoiste ná teachtaireacht chomhtháite ghlé a fhorbairt ó na páirtithe leasmhara go léir le cultúr na fiontraíochta agus tacaíocht d'fhiontraithe an réigiúin a chur chun cinn.

**Seachtain na Nuálaíochta**

Bhí Seachtain na Nuálaíochta ar siúl ó 5 - 9 Márta 2012 agus reáchtáladh 16 imeacht éagsúla le linn na seachtaine. Reáchtáladh imeachtaí ar Champas Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT. Thart ar 1,200 duine a rinne freastal ar na himeachtaí nó a chuir isteach ar cheann den iliomad comórtas le linn Sheachtain na Nuálaíochta.

## 4.2 Gníomhaíochtaí Taighde



**Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha - Buaicphointí**

Sa bhliain acadúil 2011/12, bhain taighdeoirí na hInstitiúide amach thart ar €10,456,000 i ndeontais taighde a bhí foinsithe go seachtrach.

Chuaigh an próiseas tairisceana don Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) atá á mhaoiniú ag PRTLI-V, ar aghaidh go dtí an dara céim agus meastar dáta an tsínithe a bheith go déanach in 2012.

Fuair CIT cistiú le haghaidh TEC agus CAPPA faoin gClár nua Technology Gateway (ar a dtugtaí roimhe seo an Scéim um Fheabhsúchán Taighde Fheidhmigh), a bhfuil trí lárionad ag CIT ann) dar luach €2.2m. Táthar ag súil le cinneadh ar an tríú hiarratas MEDIC go luath in 2013.

Faoin scéim scoláireachta PhD de chuid Chomhairle Taighde na hÉireann, fuair CIT seacht gcinn ar fad, rud a sheasann don fheidhmíocht ab fhearr riamh don Institiúid agus ráta ratha de 80%.

Is comhpháirtithe iad CAPPA agus Nimbus in dhá ghlao de chuid Lárionad Taighde SFI. Tá taighdeoirí ó Bio-Ex agus NMCI rannpháirteach in dhá iarratas eile.

Mhéadaigh ioncam na hInstitiúide ón AE go dtí €2,469,836, rud a chiallaíonn gurb iad tionscadail atá maoinithe ag an AE an gineadóir aonair ioncaim is mó sa tréimhse thuairiscithe.

Bronnadh thart ar €540,000 ar thaighdeoirí na hInstitiúide faoi Ghlao Bonneagar Thaighde SFI.

D'éirigh le MEDIC i dtrí iarratas ar Chiste Tráchtálaithe Fhiontar Éireann arbh fhiú €1.2m iad.

D'fhoilsigh taighdeoirí CIT timpeall is 160 páipéar comhdhála, agus 65 páipéar irise piara-léirmheasta; lean dá gcaidreamh láidir leis an tionsclaíocht, agus baint acu le breis is 210 cuideachta i dtionscadail T&F; agus chuir níos mó ná 400 tionscadal fochéime i gcrích le comhpháirtithe tionsclaíocha.

Tionscnaíodh scoláireachtaí PhD Rísam na hInstitiúide in 2012 faoina dtairgtear 10 lán-scoláireacht agus roinnt scoláireachtaí le tarscaoileadh táille.

Rinne Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT ceiliúradh i Lúnasa 2012 as a bheith ar oscailt don phobal ar feadh 5 bliana. Tháinig méadú ar mheánlíon tairsigh na gcuairteoirí ar an tsaoráid go dtí 100,000 in aghaidh na bliana.

### PRTLI V

**(i) Foirgneamh Taighde CREATE**

Is é atá i gcoincheap an Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach ná foireann ildisciplíneach chomhoibritheach taighde a chur le chéile san fhoirgneamh úrscothach céanna a cheanglaíonn na trí réimse de na teicneolaíochtaí bitheacha, teicneolaíochtaí bithleighis agus ard-bhithíomháú chun taighde in Ard-Innealtóireacht Theiripeach a chur chun cinn. Tógfar an foirgneamh, atá nua-fhaofa, ag deireadh Bhloc-C agus beidh sé dhá stór ar airde agus táthar ag súil le hollachar urláir de 1,533m$^2$ a bheith ann. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair go luath in 2003 agus go mbeidh sí críochnaithe go luath in 2014.

As dhá cheann de Bhraislí Taighde Straitéisigh de chuid na hInstitiúide (SRCanna) a thagann trí shnáithe chomhlántacha taighde CREATE, agus cuireann siad ar fáil coinbhéirseacht ar thaighde aistritheach sláinte thar an speictream ó chúram othair go forbairt táirge. Baineann **fionnachtain bhithmhóilíneach** le hanailís agus innealtóireacht peiptíde ar a n-áirítear bithfhaisnéisíocht & diagnóisic mhóilíneach agus í dírithe ar fheidhmeanna teiripeacha i ngalraí tógálacha, sláinte putóige agus ailse. Díríonn **innealtóireacht bhithleighis** ar ardáin na teicneolaíochtaí ionphlandaithe, ar a n-áirítear feistí máinliachta SMART, athshlánú iarobráide agus bithábhair le haghaidh teiripe in-vivo agus athghiniúint, i gcomhar le cliniceoirí agus tionscail. Díríonn **ardíomháú** ar fheistí nua a fhorbairt d'fheidhmeanna íomháithe optacha i mbithleigheas agus anailís phróisis i gcomhar le lucht tionscail agus acadúil.

Tá CREATE tar éis díriú ar roinnt réimsí atá sainaitheanta a bheith ríthábhachtach d'fhorbairt na hacmhainne náisiúnta T&F, amhail "nu-eolaíochtaí bitheacha, teicneolaíocht na faisnéise, bithinnealtóireacht agus forbairt drugaí" agus mar thoradh air sin, a thabharfaidh tacaíocht agus a chuirfidh saineolaithe ar fáil do na hearnálacha siúd ina bhfuil tosaíocht tugtha d'fhorbairt T & F. Imreoidh sé ról tábhachtach trí thacaíocht agus feabhas a chur ar fáil do na príomhthionscail réigiúnacha, go mór mór na tionscail bhithchógaisíochta agus feistí leighis a bhí ag brath ar smaointe nuálacha agus chéimithe ardsciliúla. Trí chlár rochtana a bheidh pleanáilte agus bainistithe go cúramach ar an tsaoráid ag HEIanna agus tionscal, cuideoidh CREATE chun an acmhainn T&F a neartú sa réigiún agus go náisiúnta.

Féadfaidh taighdeoirí na hInstitiúide leas a bhaint cheana féin as an "CREATE ADVANTAGE" lenar féidir le hiarratais ar mhaoiniú nó ar chomhoibrithe breis luacha a aimsiú trí rochtain éasca a bheith acu ar shaotharlann agus ar shaineolaithe ildisciplíneacha thar roinnt disciplíní comhlonnaithe san aon fhoirgneamh amháin. Táthar ag súil go mbeidh mar thoradh ar na sineirgí a bheidh cruthaithe taighde agus táirgeacht fheabhsaithe.

**(ii) Cláir Struchtúrtha PhD Ed4Life agus INSPIRE**

Is clár struchtúrtha PhD é **Ed4Life** (Oideachas do na Bitheolaíochtaí) sna heolaíochtaí beatha atá á threorú ag CIT, le lucht comhoibrithe in UCC agus Teagasc, An Chloch Liath. Tá an dara cohórt mac léinn le bheith cláraithe i Meán Fómhair 2012. Tá modúil i scileanna cineálacha á mbeachtú agus beidh siad creidiúnaithe ag Comhairle Acadúil na hInstitiúide chomh maith le modúil shainábhair do na heolaíochtaí beatha. Tá an Institiúid ag smaoineamh ar mhodúil ón gclár Comhaontais Taighde (a bhfuil baint ag na 13 Choláiste Teicneolaíochta go léir leis agus creidiúnaithe trí Chomhairle Acadúil Institiúid Teicneolaíochta Shligigh).

Tá baint ag CIT agus Coláiste Ollscoile Chorcaigh/Institiúid Náisiúnta Tyndall, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus Ollscoil Luimnigh leis an gClár Náisiúnta Oideachais Chéimí i nanai-eolaíocht agus nanaitheicneolaíocht **(INSPIRE)**. Tógann an clár céimí seo ar chomhoibriú an Ardáin Chomhtháite Nanai-eolaíocht d'Éirinn, atá maoinithe PRTLI-4 agus ar éirigh go maith leis (NANOTEIRE). Tá INSPIRE ag forbairt modúl (cineálacha agus sainábhar) agus déanfar measúnú ar a n-uas-úsáid chomh maith leis na modúil atá á bhforbairt do Ed4Life.

**PRTLI IV – Cur i gCrích an Chláir**

Lean céimeanna deiridh chlár PRTLI IV ar aghaidh in 2012. Cé go bhfuil na ráitis dheiridh maidir le haschuir PRTLI IV le sainscagadh fós, is léir gur gnóthaíodh cuid mhaith den méid a cumasaíodh i ngeall ar an infheistíocht:

a) Tá an Lárionad Nimbus do thaighde ar Chórais Leabaithe Líonraithe curtha i gcrích agus 50 go 65 taighdeoir ann am ar bith, agus ioncam inbhuanaithe aige a eascraíonn as foinsí éagsúla don leibhéal gníomhaíochta sin.

b) Roghnaíodh foirgneamh Nimbus mar leaba tástála do mhicrighreille, i gcomhar leis an United Technologies Research Centre, an chéad leaba tástála dá leithéid in Éirinn.

c) Fostófar PI Fuinnimh chun forbairt na leapa tástála fuinnimh a chur chun cinn agus beidh an duine sin ina b(h)all den Bhraisle Taighde ar Fhuinneamh agus Chomhshaol Inbhuanaithe atá nua-chomhdhéanta.

d) Rinneadh grúpa nua atá ag obair i réimse na gcóras uisce a chomhdhéanamh le tacaíocht ó dhá údarás áitiúla.

e) Thug an dul chun cinn iontach a rinneadh sa chlár Struchtúrtha PhD NANATEIRE (á threorú laistigh de CIT ag CAPPA) tacaíocht do chlár rathúil leantach in PRTLI-V.

f) Bhain an Clár um Chomhshaol agus Athrú Aeráide gach ceann dá mhórchlocha míle amach chomh maith leis na bunspriocanna inghnóthaithe.

**CIT@Tyndall**

D'éirigh go maith i gcónaí le pearsanra CAPPA dul chun cinn a dhéanamh agus iad ag obair in Institiúid Náisiúnta Tyndall faoin teideal CIT@Tyndall. D'éirigh leo:

- An Dr Ian O'Driscoll a mhealladh faoin Deontas Taighde d'Imscrúdaitheoir Tosaithe SFI (deontas ardchlú 4-bliana)
- Bheith ina gcomhpháirtí suntasach in iarratas fótónaice faoi ghlao Lárionad Taighde SFI, rud atá an-iomaíoch.

**Taighde le hOllscoileanna Indiacha**

Chaith na mic léinn PhD Neha Despande (Ollscoil Pune) agus E. Himaspurti (Institiúid Teicneolaíochta na hIndia, Delhi) dhá mhí i Lárionad Taighde Nimbus i Meitheamh/Iúil 2012 mar chuid dá staidéar PhD.

**An Oifig Taighde**

Tá bunachar sonraí faoi chúrsaí maoinithe ceannaithe ag an Oifig Taighde. Cuireann an bunachar sonraí ar chumas taighdeora ar bith san Institiúid deiseanna maoinithe a lorg ar fud na cruinne agus a gcuid cuardach a shaincheapadh ar an mbealach is oiriúnaí do riachtanais a gcuid disciplíní.

Tá Córas Bainistithe Taighde á thástáil ag an Oifig Taighde atá bunaithe ar ardán de chuid Microsoft Dynamics agus é saincheaptha go háitiúil. Cuirfidh an córas ar chumas na hInstitiúide gníomhaíocht taighde a lár-rianú agus féadfaidh taighdeoirí a gcuid taighde féin a bhainistiú.

Is é Ceann Taighde an t-urraitheoir le haghaidh Thabhairt Isteach Creat Gairme Taighdeora. Dheimhnigh an chéad aischothú an gá le aghaidh a thabhairt ar struchtúr gairme do thaighdeoirí ar chonradh thar lánspeictream na gníomhaíochta ó chúntóir taighde go comhalta sinsearach taighde.

**Glao Bonneagar Taighde SFI**

Bronnadh thart ar €540,000 ar CIT faoi Ghlao Bonneagar Taighde SFI chun dhá phíosa trealaimh a cheannach i réimsí na ceimice anailíse agus na baictéareolaíochta. Ba iad CIT agus WIT na haon Institiúidí Teicneolaíochta a fuair maoiniú faoin scéim. Bhí an rath ar shé cinn de na seacht n-ollscoil freisin.

**Buaicphointí Lárionad Taighde**

**(i) ICT – Lárionad Taighde NIMBUS**

- I mí an Mheithimh, chuir Nimbus fáilte roimh an Ollamh Sajal K. Das ó Ollscoil Texas ag Arlington, a fuair Comhaltacht ardchlú E.T.S. Walton SFI chun oibriú le Nimbus ar feadh 9 mí ar an tionscadal "Occupancy and Activity Detection for Smart Building Energy Management". Is Stiúrthóir Lárionaid é an tOllamh Das do CreWMaN, (Lárionad Taighde i Soghluaisteacht gan Sreang agus Líonrú) ag Ollscoil Texas.
- Cuireadh tús le tionscadal na Comhpháirtíochta um Nuálaíocht de chuid Fhiontar Éireann le Servusnet Ltd. Is é atá i gceist leis an tionscadal ná réiteach ar thuar gaoithe néalóstaithe atá dírithe ar chur le haschur fuinnimh as feirmeacha gaoithe, i gcomhar le NUI Mánuat agus UCC. Buiséad CIT €84k.
- Seoladh tionscadal Lárionad do Chórais Nuálaíochta Mhala chun saoráid tástála allamuigh a chruthú le haghaidh teicneolaíochtaí córas éiritheach agus feidhmeanna líonraithe. Maoinithe ag Comhpháirtíocht Forbartha Mhala. Costas €139k.
- D'óstaigh Nimbus seastáin ag Taispeántas Nuálaíochta na hÉireann i Luimneach in Iúil 2012.
- Chuir taighdeoirí Nimbus comhaontú ceadúnais i gcrích le SEFtec ar an obair a rinneadh ina gComhpháirtíocht Nuálaíochta EI leis an gcuideachta. D'fhorbair an tionscadal sin ardán cliste rianaithe, ar a dtugtar iTracker, a rianaíonn gluaiseacht daoine faoi oiliúint in Aonaid Oiliúna Dóiteáin le linn cleachtaí. Tá Nimbus i mbun oibre le SEFtec anois chun cuidiú lena gclár tráchtálaithe don teicneolaíocht sin.

**(ii) Eolaíochtaí Beatha agus Dea-Bhail - Innealtóireacht Bhiththaiscéalaíochta (Bio-Ex) agus Bhithleighis**

- Bronnadh maoiniú ar Chomhpháirtíocht Marie Curie Tionscail-Acadúil agus Pathways
- (IAPP) ón gclár AE FP7 arbh fhiú thart ar €1.3 milliún é. Ar na baill foirne de chuid CIT atá bainteach leis tá an Dr Paul Walsh (Ríomhaireacht), an Dr Roy Sleator (Eolaíochtaí Bitheacha) agus an Dr Aisling O'Driscoll (Ríomhaireacht). Is í Ollscoil Dhún Éadan an comhpháirtí acadúil agus is í an mhac-chuideachta CIT nSilico an comhpháirtí cuideachta. Is é an tionscadal ná ClouDx-i: Réiteach Bogearraí Néalbhunaithe don Chéad Ghlúin eile Diagnóisice i nGalraí Tógálacha. Cuirfear tús leis an tionscadal an bhliain seo chugainn.
- Faoi láthair tá taighdeoirí Bio-Ex i mbun tionscadal mianadóireachta sonraí a raonú le Foireann Rugbaí na Mumhan (Bryce Cavanagh, Ceann Cothaithe). Is í Helena Stack (Bitheolaíocht) an chéad teagmháil agus tá an tionscadal á mheasúnú faoi láthair ag Coiste Eitice Taighde CIT.
- Chuir céimí PhD Pierre Douarre tús lena phost iardhochtúireachta ag Institiúid Pasteur.
- Tá an Dr Roy Sleator cuimsithe mar IP/PI ar ghlao Lárionaid Taighde SFI a dhéanann foirmiúil ár gcuid nasc leis an API (Institiúid Chógasbhitheach Bia atá comhdhéanta de UCC, CIT agus Teagasc).
- Faomhadh trí iarratas ar mhaoiniú tráchtálaithe teicneolaíochta de chuid MEDIC ag Fiontar Éireann arbh fiú €1,162,000 ar fad iad chun Feistí Leighis a fhorbairt d'fheidhmeanna cliniciúla i nGéarchúram agus Cluas, Srón & Scórnach (ENT). Leis an maoiniú sin bhí ioncam ag MEDIC ar Thaighde agus Fhorbairt Táirge de beagnach €2m le linn an 12-15 mhí seo caite. Is aschur iad na feistí atá i gceist as roinnt ardán teicneolaíochta a bhí á bhforbairt ag MEDIC, agus is toradh iad go díreach ar na dhúth-chomhoibrithe a bhí ag MEDIC le cliniceoirí cleachta agus le tionscal na bhfeistí leighis.

**(iii) Fótónaic - CAPPA**

I ndeireadh Lúnasa, chuir CAPPA fáilte chun an ghrúpa roimh an Imscrúdaitheoir Tosaigh de chuid SFI an Dr Ian O'Driscoll. Fuair an Dr O'Driscoll €400k de mhaoiniú dó féin agus do mhac léinn PhD, faoi mheantóireacht an Dr Guillaume Huyet. Rachaidh sé i mbun a phoist go hoifigiúil in CAPPA ar 1 Meán Fómhair, áit a mbeidh sé ag obair ar Ghiniúint Bíge Ultra-Ghearr i bPoncanna Candamach InAs. Chuaigh triúr mac léinn nua PhD le CAPPA go luath i Lúnasa: Patrick Finch Uas. (a bheidh ag obair in éineacht leis an Dr O'Driscoll), Thomas Butler Uas, agus Ben O'Shaughnessy Uas.

Fuair CAPPA maoiniú ó Fhiontar Éireann le haghaidh Staidéar Féidearthachta le SensL faoin gclár Comhpháirtíochta Nuálaíochta chun imscrúdú a dhéanamh ar ardán tomhais nua d'fheistí comhairimh fótóin.

Tá IDF, a chlúdaíonn an teicneolaíocht meán-infridhearg do dhé-ocsaíd charbóin tuaslagtha a forbraíodh le haghaidh Somex, curtha isteach faoin gclár Comhpháirtíochta Nuálaíochta agus tá athbhreithniú paitinne ar siúl. Faoi láthair tá measúnú á dhéanamh ag Somex ar an teicneolaíocht le haghaidh a tráchtálaithe ar mhargadh na dí.

Is cuid é CAPPA de thairiscint Lárionad Taighde ar Chomhtháthú Fótónaice na hÉireann (I-PIC) atá á threorú ag Instititiúid Náisiúnta Tyndall a bhí ar na haon dá thogra déag ar tugadh cuireadh dóibh lán-aighneacht dara céim a chur isteach ar Ghlao SFI do Lárionaid Taighde. Faoi I-PIC beidh CAPPA ag comhoibriú le taighdeoirí fótónaice in Tyndall, UCC agus DCU chomh maith le heolaithe beatha in UCC agus BDI (DCU) le linn na sé bliana seo chugainn. Tá thart ar 16 chuideachta ag tacú leis an Lárionad agus faoin togra rachaidh CAPPA i mbun taighde tionsclaíoch le Eblana Photonics, Lake Region Medical, SensL, Superlum agus Somex agus é páirtmhaoinithe ag na cuideachtaí iad féin.

D'éirigh le CAPPA in dhá thogra don Lárionad Teicneolaíochta Déantúsaíochta Cógaisíochta atá tionscal-treoraithe agus tacaíocht aige ó Fhiontar Éireann agus ÚFÉ. Déanfaidh CAPPA in éineacht leis an nGrúpa Comhtháite Fótónaice in Tyndall imscrúdú ar chineálacha cur chuige chun crua-earraí agus modheolaíochtaí a fhorbairt do "Real Time Release of API (Comhábhar Gníomhach Cógaisíochta) during Manufacture". Tá an dara comhoibriú ar theicneolaíochtaí leanúnacha próiseála á threorú ag Scoil na Cógaisíochta de chuid UCC i gcomhar leis an Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair de chuid na hInstitiúide agus CAPPA. Tá an dá thionscadal le tosú ag deireadh 2012 agus ar an gcaoi sin beidh an Institiuid gníomhach in dhá cheann de na hocht dtionscadal a bheidh maoinithe ag an gcéim thosaigh sin.

*Láithreoireachtaí ar Cuireadh:*

Ba aoichainteoir é an Dr Guillaume Huyet i Lúnasa ag Scoil Samhraidh I-Now a d'eagraigh Ollscoileanna California Berkeley agus Stanford agus ag an Siompóisiam Idirnáisiúnta ar Leathsheoltóirí Comhdhúile. Ba aoichainteoirí iad Bryan Kelleher agus an Dr Guillaume Huyet ag an gceardlann ar Dhinimic Léasair a eagraíodh ag Institiúid Wieirstrass i mBerlin i Lúnasa. Ba aoichainteoir é an Dr Guillaume Huyet ag Cruinniú Bliantúil Chumann Optach na hEorpa in Obar Dheathain i Lúnasa.

**(iv) Fuinneamh agus Comhshaol Inbhuanaithe**

Bunaíodh Braisle nua Taighde na hInstitiúide chun comhordú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht, atá ag dul i méid, sna réimsí fuinnimh agus comhshaoil inbhuanaithe, agus aird á tabhairt ar an tionchar féideartha a d'fhéadfadh an Institiúid a imirt i ndisciplíní gaolmhara.

Is tionscadal suntasach ar leith é Leaba Tástála Zero2020 arbh é an t-iarfheistiú ag deireadh Bhloc B é. Tá céim 1 den tógáil curtha i gcrích agus tá monatóireacht agus bailiúchán sonraí ar siúl aige anois. Tá an tionscadal le cur i láthair na Comhdhála Náisiúnta ar an Teach Éigníomhach 'See the Light' i Meán Fómhair agus é curtha isteach mar chás-staidéar do pháipéar acadúil. Tugann na chéad sonraí laghdú de 40-60% le fios i nglanúsáid fuinnimh agus cuideoidh an t-eolas atá aimsithe leis an taighde ar oibreacha eile iarfheistithe, go mór mór i mBloc A-D.

**Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT**

Bronnadh síolmhaoiniú le haghaidh taighde ar James Hayes, Léachtóir i gColáiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT idir an Oifig Taighde agus Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT. Chuir sé a chuid oibre ar taispeáint ag Taispeántas IRON-R i Monarcha Náisiúnta na Dealbhóireachta agus moladh go hard í. Cuid den ealaín a cruthaíodh ag IRON-R taispeánadh é in Acadamh Ríoga na hÉireann i mBaile Átha Cliath. Bhí James páirteach sa tionscadal taighde HYBRID in éineacht le comhleacaithe dá chuid in Denver, Colorado. Is é a bhíi i gceist leis na cónaitheacht cheithre sheachtain ag REDLINE Contemporary in Denever, a raibh mar bhuaic air taispeántas de shaothar comhoibritheach le healaíontóirí agus ollúna ollscoile as Éirinn agus SAM.

**Scoil na nDaonnachtaí**

Cuireadh tús leis an tionscadal "Spraoi" i Scoil na nDaonnachtaí i mBealtaine. Is cuid den téama straitéiseach taighde é Spraoi atá sainaitheanta ag an Scoil mar "Cúram Sláinte Comhtháite". Is é an aidhm a bhaineann leis an tionscadal ná measúnú a dhéanamh ar na tosca luath-óige a d'fhéadfadh an murtall a mhaolú.

**Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT – Cloch Mhíle 5ú Bliain Oibriúcháin**

Bhí an réadlann ar oscailt don phobal ar feadh cúig bliana i Lúnasa 2012. Is é meánlíon na gcustaiméirí ar an taispeántas agus ar na himeachtaí oideachasúla eile ná 4,000 agus 6,000 - 8,000 sa bhreis sa bhialann. Is ionann é sin agus líon custaiméirí míosúil de 10,000-12,000 cuairteoir.

**Achoimre ghinearálta ar réimsí reatha Speisialaithe agus Saineolais**

Faoi láthair tá dhá ghrúpa déag taighde go gníomhach i ranna ar fud na hInstitiúide chomh maith le maoirseoirí taighde aonair.

Is cuid de na príomhréimsí taighde iad seo a leanas:

- Teileachumarsáid, Córais Oiriúnaitheachta gan Sreang

- Bitheolaíocht Mhoilíneach/Géinitic Mhóilíneach Feidhmeach, Comhshaol (Muirí agus Fionnuisce), Modheolaíocht Bhith-anailíseach, Diagnóisic Leighis, Sábháilteacht Bhia agus Cáilíocht Táirge
- Éiceatocsaineolaíocht, Próitéamaíocht, Monatóireacht & Rialú Truaillithe, Teicneolaíochtaí Glantáirgíochta, Forbairt Inbhuanaithe, Bainistíocht Chomhshaoil agus Cáilíocht Aeir
- Fisic Dhromchla, Eolaíocht Ábhar, Nanateicneolaíocht, Ionstraimíocht Ríomhairithe, Bithfhisic, Réaltfhisic, Fótónaic/Optaic
- Innealtóireacht Leictreonaice: Próiseáil Nua-aimseartha Comharthaí, Rialú Oiriúnaitheachta, Feidhmeanna i gCórais Chumarsáide, Córais Chumhachta Leictreonaice, Innealtóireacht Bhogearraí, Optaileictreonaic
- Innealtóireacht Mheicniúil, Anailís ar Strustuirse, Fuinneamh in-Athnuachana, Cómhiotail Alúmanaim, Tomhais Chomhpháirteanna Tuirbín, Bithbhreoslaí agus Innealtóireacht Bhithleighis
- Forbairt Bhogearraí, Líonraí Néaracha
- ICT in Oideachas, Foghlaim Ghréasánbhunaithe, Meáin Dhigiteacha, Obairbhunaithe, Foghlaim Oscailte agus Cianfhoghlaim, Teastasú/Creata Cáilíochta agus Anailís ar Riachtanais Scileanna/Cumais
- Cúram sóisialta
- Ealaín agus Dearadh – ábhair nua agus dhúchasacha (taighde ceirmeachta agus teilgcheárta)
- Ceol (Cumadóirí Éireannacha an 20ú hAois)

Tá an taighde sin le cois an taighde agus na comhairleachta a dhéantar laistigh de na Lárionaid Teicneolaíochta san Institiúid. Is lárionaid acmhainní náisiúnta iad na lárionaid sin agus cuireann siad ar fáil saineolas, comhairle agus cúnamh neamhspleách d'earnálacha éagsúla tionscail, gnó agus comhlachtaí rialtais. Orthu sin tá:

- Cuireann an **Lárionad d'Ard-Déantúsaíocht agus Chórais Bhainistíochta (CAMMS)** deiseanna staidéir ar fáil do dhaoine aonair agus do chuideachtaí ar mhaithe le cáilíochtaí gairmiúla a bhaint amach i sainréimsí chomh maith le taighde agus seirbhísí comhairleachta do raon tionscal i réimsí amhail leagan amach monarchan agus optamú próisis.
- Cuireadh an **Lárionad Glanteicneolaíochta** ar bun mar fhreagra ar riachtanas a bhí ag dul i méid ar mhaithe le feidhmíocht chomhshaoil níos fearr a bheith i dtionscal agus sa tsochaí agus an gá le dramhaíl a íoslaghdú ag an bhfoinse seachas cóireáil agus diúscairt dramhaíola. Cuireann an lárionad seo oiliúint agus comhairleacht ar fáil do thionscal chomh maith le taighde a dhéanamh ar theicneolaíochtaí táirgthe níos glaine, aicmiú dramhaíola agus íoslaghdú dramhaíola ag na leibhéil náisiúnta agus AE. In 2011/2012, bhí an láimhdeachas thart ar €1m.

## 4.3 Naisc Sheachtracha Forbartha

**Tionscadal Nuálaíochta Straitéiseach arna Mhaoiniú ag REAP**

**Seoladh tuarascála ar shocrúchán oibre**

I 2011/2012, lean an Institiúid den treochlár don tionscadal Comhpháirtíochta Fostaíochta-Acadúil a threorú. Chuir foireann an tionscadail tuarascáil shuntasach i gcrích ar Shocrúchán Oibre i gCláir Thríú Leibhéal a sheol John Hennessy Uas., Cathaoirleach an ÚAO i gcomhar le IBEC agus USI i mBaile Átha Cliath i Márta 2011. Chuir Institiúidí Ard-Oideachais agus Comhpháirtithe Tionsclaíochta araon fáilte roimh an tuarascáil go forleathan agus bhí sé mar bhonn le cleachtas i socrúchán oibre a fhorbairt. Tá cóipeanna boga den tuarascáil le fáil ó láithreán gréasáin thionscadal REAP www.reap.ie.

**Forbairt Shaincheaptha Foghlama**

Rinne cuibhreannas tionscadal REAP iniúchadh ar an gcleachtas reatha i bhforbairt deiseanna foghlama mar fhreagra ar shainriachtanais foghlama san ionad oibre. Iniúchann an anailís seo aon chás déag de chúrsaí speisialaithe dírithe go domhain agus fuair tuairimí fhostóirí maidir leis an bpróiseas. Tá beartaithe i bhfianaise an tsaothair seo léargas ginearálaithe ar fhorbairt cúrsaí i gcomhpháirt le fostóirí agus déantar treoirlínte a thairiscint. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar láithreán gréasáin thionscadal REAP.

**Oideachas agus Cultúr SG AE**

D'fhoilsigh an Lárionad Taighde Margaíochta Eolaíocht-go-Gnó (2011) 30 cás-staidéar ar scothchleachtas sa réimse Comhoibriú Gnó Ollscoile laistigh den Eoraip, Roghnaíodh Tionscadal REAP mar eiseamláir den dea-chleachtas sa réimse seo. Tá an cás-staidéar iomlán ar fáil ag http://ec.europa.eu/education/higher-education/doc/studies/munstercase_en.pdf

**Creat Náisiúnta don Pháirtíocht**

Tá tionscadal REAP ag obair i gcomhar leis an ÚAO i dtreo Creat Náisiúnta a fhorbairt chun tacú leis an bpáirtíocht. Ba ar fhorbairt sraith straitéisí inaistrithe a bhí foireann an tionscadail dírithe chun tacú leis an bpáirtíocht agus í a spreagadh idir Institiúidí Ard-Oideachais agus fiontair sheachtracha.

**Campas Leathnaithe CIT**

I mí na Samhna 2011, seoladh Campas Leathnaithe CIT agus é mar mhisean aige tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do gach cineál páirtíochta. Is tionscnamh uathúil é seo a thógann ar an rath a bhí ar thionscadal REAP go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Aithníonn sé go raibh an pháirtíocht ina cuid shuntasach riamh de mhisean CIT agus é dírithe ar a chinntiú go bhfuil teacht ar an bpáirtíocht ag ár gcomhpháirtithe seachtracha.

Ó seoladh é, is é atá déanta ag an gCampas Leathnaithe:

- 5 nuachtlitir le ciorclaíocht de thart ar 500 a fhoilsiú
- lucht leanúna Twitter de 420 a fhorbairt
- 12 Chás-staidéar a léiríonn raon gníomhaíochtaí páirtíochta a fhoilsiú
- Rinne 71 treoir de ghníomhaíocht fhéideartha páirtíochta
- D'fhorbair sreabh próisis fheabhsaithe d'fhorbairt foghlama saincheaptha agus solúbtha mar fhreagra ar iarratais ó chuideachtaí
- Rinne freastal ar shraith d'imeachtaí páirtíochta agus líonraithe chun béim a leagan ar ghníomhaíocht agus acmhainn páirtíochta CIT
- D'oibrigh le comhordaitheoirí socrúcháin chun tacú le gníomhaíocht socrúcháin agus acmhainn páirtíochta sa todhchaí a thógáil.

**Bainistíocht do Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) don Pháirtíocht**

Tá Campas Leathnaithe CIT tar éis píolótú a dhéanamh ar shaincheapadh chóras Bainistíochta do Chaidreamh le Custaiméirí a fheidhmíonn chun tacú leis an bpáirtíocht agus a éascaíonn sraith ar fud an náisiúin de chóimheas comhtháite faisnéise gnó le tacú leis an gcinnteoireacht. Tá CIT tar éis an córas a léiriú do roinnt Institiúidí Ard-Oideachais ar a n-áirítear IT Thrá Lí, IT Shligigh, NUI Gaillimh. Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, agus IT Bhaile Átha Luain.

**Springboard**

Rinne Campas Leathnaithe CIT tograí cúrsa Springboard CIT a chur le chéile. Seasann na cúrsaí atá beartaithe don raon agus do cháilíocht na gcúrsaí atá ar fáil agus an deis le cur le hinfhostaitheacht. Cuireadh breis is 260 áit ar fad ar fáil, rud a sheasann do bhreis is €1.2m de mhaoiniú faofa.

**An Lárionad Néalríomhaireachta don Bharr Feabhais**

**Ard-Dioplóma i Scileanna ICT**

Lean an Lárionad Néalríomhaireachta don Bharr Feabhais ar aghaidh ina cheannródaí ar fhorbairt cúrsaí i gcomhar le lucht fiontair i réimsí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn. Le hais clár Máistir agus Baitsiléara i Néalríomhaireacht, tá an Lárionad Néalríomhaireachta don Bharr Feabhais i dtús cadhnaíochta i bhforbairt dhá chlár tiontaithe faoi ghlao an ÚAO do scileanna ICT in 2011/2012. Mheall na cúrsaí sin, an tArd-Dioplóma i Néalríomhaireacht agus an tArd-Dioplóma i bhForbairt Néal-Bhogearraí agus Bogearraí Móibíleacha, breis is 219 iarrthóirí do 80 áit. Rinneadh na cúrsaí a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le fiontar áitiúil agus náisiúnta agus glacadh go maith leo.

**Néalfhorbairtí Oscailte**

Bhí an Lárionad Néalríomhaireachta don Bharr Feabhais ag treorú an dioscúrsa i Néalteicneolaíochtaí Oscailte agus d'éascaigh imeachtaí OpenStack ar thug líon mór cuideachtaí de chuid IDA agus d'Fhiontar Éireann tacaíocht dóibh.

**Comhdháileacha/Gradaim**

**Comhdháil ar Ollscoileanna Fiontraíochta 2012, Münster 25-27 Aibreán**

Sheridan, I. & O'Connor, M. 'Towards a National Approach to Engagement in Irish Higher Education'.

**Comhdháil Acadamh Bainistíocha na hÉireann 2012, NUIM**

Sheridan, I. & Barry-Murphy, C. 2012, 'Partnership development of customised learning solutions to meet specific enterprise learning needs'.

**Comhdháil 25ú Comóradh Bliana EADTU 2012, An Chipir**

Barry-Murphy C., Sheridan I. 'CIT's Extended Campus – an Exemplar of Supported Engagement in Higher Education Ireland'.

**Comhdháil EAIE 2012, Baile Átha Cliath**

Ryan, M., O'Neill, D., Sheridan, I. & Murray, J. 'Ireland's answer to rethinking education and reshaping the economy'.

**Gearrliosta Gradam UIIN**

Tá Campas Leathnaithe CIT gearrliostaithe do Ghradam Ollscoile do Líonra Nuálaíochta Tionscail 2012. Is sinne an t-aon institiúid Éireannach atá ar an ngearrliosta de dheich a chuimsíonn Ollscoil California, Berkeley agus Ollscoil Tohoku sa tSeapáin.

**Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta**

Ní raibh an gá céanna riamh cheana go nglacfadh institiúidí tríú leibhéal leis an idirnáisiúnú. Inter alia, de réir roinnt tráchtairí tá an t-éileamh ar an oideachas idirnáisiúnta, atá ag dul i méid, an glacadh leis an mBéarla mar theanga dhomhanda don oideachas, domhandú chúrsaí gnó, infhaighteacht éasca teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an brú ar institiúidí ardoideachais chun féinmhaoinithe níos mó agus níos mó agus acmhainn airgeadais roinnt ollchumhachtaí domhanda, atá ag fás, tar éis an t-idirnáisiúnú a shuíomh go lárnach i straitéis smaointeoireachta roinnt mhaith institiúidí.

Is fada CIT i mbun caidreamh idirnáisiúnta a fhorbairt ar mhaithe lena cuid mac léinn agus le páirtithe leasmhara eile. Le blianta fada, tá caidreamh tréan forbartha ag CIT le hinstitiúidí idirnáisiúnta (go mór mór san Eoraip) rud a chuir ar fáil deiseanna malartaithe mic léinn, bealaí forbartha foirne agus asraonta taighde nach mbeadh ar fáil go háitiúil ar aon slí eile. Le blianta beaga, tá caidrimh straitéiseacha forbartha ag CIT san India, a bhfuil cuma na maitheasa orthu, agus tá sí gafa go gníomhach le hinstitiúidí ábharthacha sa tSín, i gCeanada agus sa Mheán-Oirthear. Tá CIT tiomanta do chaidreamh straitéiseach fadtéarmach a fhorbairt le hinstitiúidí measúla oideachais lena chinntiú go gcuirfear deiseanna foghlama ar fáil dá cuid mac léinn agus chun forbairt a dhéanamh i gcomhthéacs fíor-idirnáisiúnta.

**Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil/Clár Erasmus**

**Gníomhaíochtaí Soghluaisteachta Erasmus**

Le linn 2011/2012, lean na gníomhaíochtaí faoin gclár LLP Erasmus de bheith ag forbairt. Bronnadh Cairt Ollscoile Leathnaithe Erasmus ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don tréimhse 2007-2013, rud a chuireann ar chumas na hInstitiúide cur isteach ar mhaoiniú soghluaisteachta chun malartuithe agus socrúcháin mhic léinn a airgeadú agus a riar, chomh maith le malartuithe foirne acadúla agus cuairteanna forbartha foirne, ar bhonn bliantúil.

Fuarthas cistiú de €137,692 ina iomláine ón ÚAO (Áisínteacht Náisiúnta Erasmus) le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta le bheith ar siúl le linn na tréimhse ó 1 Iúil 2011 go 30 Meán Fómhair 2012.

**Malartuithe agus Socrúcháin Staidéir Erasmus (Amach)**

I gcaitheamh 2011/2012, ghlac fiche mac léinn páirt sa chlár Malartuithe Staidéir Erasmus: Ceol, Ealaín agus Dearadh, Ilmheáin agus Staidéar Gnó. Rinne na mic léinn sin staidéar ag institiúidí páirtnéireachta Erasmus sna tíortha seo a leanas: An Fhionlainn, An Iodáil, An Ghearmáin, An Bheilg, An Ungáir, An RA, An Spáinn, An tSualainn agus An Danmhairg.

Rinne 36 mac léinn ó na Scoileanna Daonnachtaí, Eolaíochta agus Innealtóireachta socrúcháin a bhí maoinithe ag Erasmus i gcuideachtaí/eagraíochtaí san Fhionlainn, sa Danmhairg, san Íslítír, sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus sa Spáinn.

**Soghluaisteacht Foirne Erasmus**

Rinne 16 léachtóir malartú múinteora Erasmus le linn na bliana. San áireamh ansin bhí cúig chuairt léachtóireachta isteach ag saineolaithe tionscail ó thíortha eile Eorpacha. Tá an-mheas ar an bhforbairt sin atá maoinithe ag Erasmus de bhrí go gcuireann siad ar fáil léargais ar thionscal/speisialaithe do mhic léinn agus lucht foirne atá cothrom le dáta. Maoiníodh roinnt cuairteanna monatóireachta foirne freisin a bhaineann le socrúcháin Erasmus. Chuaigh beirt bhall foirne ar cuairteanna oiliúna a bhí maoinithe ag Erasmus chuig an Rómáin agus an Ungáir. Rinneadh trí chuairt ullmhúcháin freisin d'fhonn comhaontaithe déthaobhacha nua a chur ar bun. Tháinig rannpháirtithe na gcuairteanna sin ó Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus ón Roinn Staidéar Sóisialta agus Ginearálta.

Chuir CIT fáilte freisin roimh 190 mac léinn Erasmus isteach le haghaidh malartuithe staidéir agus socrúchán le linn 2011/2012.

Is iad seo a leanas na ranna/coláistí a raibh baint acu leis an gclár malartaithe le linn na Bliana Acadúla:

- Córais Chuntasaíochta & Faisnéise
- Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
- Ailtireacht
- Eolaíochtaí Bitheacha
- Ceolscoil Chorcaí CIT
- Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
- Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Imshaoil
- Ríomhaireacht
- Foirgníocht
- Innealtóireacht Phróisis, Fhuinnimh & Iompair
- Ceimic
- Innealtóireacht Leictreonaice

- Bainistíocht & Margaíocht
- Innealtóireacht Mheicniúil, Bhithleighis & Déantúsaíochta
- Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais

**Comhpháirtíochtaí Malartaithe**

Faoi láthair tá breis is 100 comhaontú malartaithe Erasmus ag CIT le hinstitiúidí comhpháirtíochta Eorpacha. Bhí an Institiúid ina comhpháirtí in iarratais rathúla ar dhá Dhianchlár Erasmus a raibh na Ranna Meáin Chumarsáide, Bainistíocht & Margaíocht, Ealaín & Dearadh, Ceol agus Staidéar Sóisialta & Ginearálta páirteach iontu. Beidh an deis ag mic léinn ó na ranna sin freastal ar chúrsaí seachtaine in institiúidí comhpháirtíocha sna trí bliana seo chugainn. Síníodh comhaontuithe nua in 2011/12 leis na hinstitiúidí seo a leanas:

- Arts University College, Bournemouth, RA
- Birmingham Conservatoire, RA
- Yasar Universitesi, Izmir, An Tuirc
- Conservatorio di Musica Lorezo Perosi, Campobasso, An Iodáil
- Academia de Muzica Gheorghe Dima, Kluj, An Rómáin
- Southampton Solent University, RA

**Dianchlár Erasmus**

D'éirigh leis an Institiúid ina hiarratas ar mhaoiniú chun dhá Dhianchlár Erasmus a chomhordú do na trí bliana seo chugainn. Is é an chéad cheann díobh ná "European Creative Futures", a bhfuil comhpháirtithe san Iorua, san Ísiltír, san Fhionnlainn, agus sa RA. Is é an dara ceann díobh ná "Creative Live Learning", a bheidh á chomhordú freisin ag Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT. Is é an buiséad iomlán don chéad bhliain den dá chlár seo ná beagán níos lú ná €90,000.

Is comhpháirtí í CIT freisin i dtrí Dhianchlár eile ar éirigh leo maoiniú a fháil lena n-aghaidh, a bhfuil baint ag na Ranna Staidéar Gnó, Staidéar Sóisialta agus Ginearálta agus Ceolscoil Chorcaí CIT leo.

**Scoláireacht Síochána George J. Mitchell**

Lean CIT dá rannpháirtíocht sa chlár scoláireachta malartaithe seo, a bunaíodh le comóradh a dhéanamh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta. Cuireann an Scoláireacht deis ar fáil le haghaidh malartuithe aon seimeastar do bheirt mhac léinn idir CIT agus na coláistí i gCóras na gColáistí Pobail in Maine.

## 4.4 Forbairt Champais

### TIONSCADAIL CAIPITIL





#### MÁISTIRPHLEAN

**Cur Síos:**

Tá an máistirphlean forbartha. Tugadh chun críche é agus d'fhaomh an Coiste Forbartha é ag a gcruinniú ar 25 Meitheamh 2012.

**Stádas an Tionscadail:**

Tá an tuarascáil ar an máistirphlean críochnaithe.





#### PPP LRC - AN LÁRIONAD ACMHAINNÍ FOGHLAMA

**Cur Síos:**

Bhí an tionscadal seo réidh chun tosú ar an suíomh, ach i ngeall ar na tosca deacra eacnamaíochta agus airgeadais atá ann chuir Aonad Foirgníochta na Roinne Oideachais ar ceal é i mí na Samhna 2011.

**Stádas an Tionscadail:**

An tionscadal ar ceal.



#### TUARASCÁIL COADY AR AN bPRÍOMHFHOIRGNEAMH 1974

**Cur Síos:**

Ba é an moladh ba phráinne sa tuarascáil seo ná na cáblaí caite leictreacha ar an díon a athsholáthar. Cuireann na cáblaí sin an príomhsholáthar leictreachais ar fáil don fhoirgneamh. Tá cuntas ar na hoibreacha a rinneadh le fáil sa tuarascáil seo faoi Oibreacha Reatha, Obair Leictreach & Mheicniúil.

**Stádas an Tionscadail:**

Tá an Obair Leictreach & Mheicniúil á cur chun cinn ar an suíomh.



An tSaoráid Spóirt Laistigh

## AN tSAORÁID SPÓIRT LAISTIGH


**Cur Síos:**

Rinneadh staidéar féidearthachta ar an bhforbairt fholaigh a bhainfeadh le soláthar do spórt laistigh ag an Institiúid féachaint cérbh iad na tosaíochtaí agus na leibhéil chaipitil ba ghá d'fhorbairt chéimnithe.

**Stádas an Tionscadail:**

Cuireadh an Staidéar deiridh Féidearthachta i gcrích i Meitheamh 2012 agus cuireadh i láthair an Bhord Rialaithe é.




## PÁIRC EOLAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHTA CHORCAÍ

**Cur Síos:**

Tá an Pháirc Eolaíochta agus Nuálaíochta le cur ar bun ar imeall thiar theorainn na cathrach i gCurraichín. Táthar ag súil go ndíreoidh an Pháirc ar fhuinneamh glas agus ar chur chun cinn taighde a chomhlánóidh an obair atá á déanamh ag institiúidí éagsúla, amhail Lárionad Rubicon.

**Stádas an Tionscadail:**

Tá grúpa cur i bhfeidhm bunaithe agus tá Máistirphlean agus Plean Gnó forbartha.

## OIBREACHA REATHA:



### TIONSCADAL IARFHEISTITHE PRD74

**Cur Síos:**

Tá uasghrádú déanta ag an tionscadal ar 310$m^2$ den bhunfhoirgneamh na bliana 1974 agus rinneadh an spás chomh gar agus is féidir d'fhoirgneamh éighníomhach. Cuireann an tionscadal ar fáil timpeallacht bheo rialaithe leaba tástála chun feidhmíocht fuinnimh agus acmhainní a iniúchadh agus léiríonn sé úsáid nialais fuinnimh i bhfoirgneamh oibriúcháin earnála poiblí. Soláthraíonn Céim 2 do leathnú a dhéanamh ar an gcumhdra go dtí an talamh.

**Stádas an Tionscadail:**

Cuireadh Céim 1 i gcrích i mBealtaine agus tá Céim 2 le bheith críochnaithe i Meán Fómhair.



### FOIRGNEAMH CREATE (PRTLI)

**Cur Síos:**

Is éard atá sa tionscadal don Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach ná foirgneamh neamhspleách dhá stór d'achar iomlán 1,533$m^2$.

**Stádas an Tionscadail:**

Cuireadh an próiseas dearaidh i gcrích in Earrach na bliana 2012 agus cuireadh an tionscadal amach chun tairisceana i Meitheamh tar éis próiseas réamhcháiliúcháin ar chonraitheoirí.



### AN SÍNEADH AR BHLOC A NA bPRINTÍSEACH A AISDIÚICHIÚ

**Cur Síos:**

B'éard a bhí sa tionscadal ná síneadh de 820$m^2$ a thógáil taobh thiar de Bhloc A maraon le roinnt ceardlanna printísigh a athchóiriú agus a athmhúnlú chun na printísigh a aisdiúichiú ó Pháirc Ghnó Northpoint go dtí Campas Bhaile an Easpaig.

**Stádas an Tionscadail:**

Cuireadh an tionscadal i gcrích i bhFeabhra 2012.







## TUARASCÁIL COADY – CÉIM 1 d'OIBREACHA UASGHRÁDAITHE AR PHRÍOMHFHOIRGNEAMH 1974

**Cur Síos:**

Is cuid é an tionscadal seo den 1ú céim de chur i Dréimire nua píobáin bhfeidhm Thuarascáil Coady 1974. Éilíonn uasghrádú chun na príomhcháblaí anua ar na fo-phríomhcháblaí atá ann faoi láthair a thógáil dhéanann freastal ar an bPríomhfhoirgneamh d'acmhainn an lae inniu agus sa todhchaí uasghrádú ar chláir fhodháileacháin agus píobdhroichead a thógáil. Píobdhroichead a cheanglódh an Príomhfhoirgneamh leis an lascsheomra LV.

**Stádas an Tionscadail:**

Ullmhaíodh na cáipéisí conartha le linn earrach na bliana 2012 agus rinneadh tairiscintí go luath sa samhradh. Cuireadh tús leis an obair in Iúil agus tá sí le bheith críochnaithe i nDeireadh Fómhair.



## SÍNEADH LEIS NA SAORÁIDÍ CEAINTÍN CIT (BISTRO)

**Cur Síos:**

Tógáil achar seachtrach plaza de 200m$^2$ le pábháil choincréite, troscáin suímh, soithí plandaí agus díon seoil.

**Stádas an Tionscadail:**

Cuireadh tús leis an tionscadal ar an suíomh i Lúnasa 2012 agus tá sé le bheith críochnaithe i Samhain 2012.



## STRUCHTÚR BÓTHAIR NUA – UASGHRÁDÚ AR BHLOC CHARRCHLÓIS

**Cur Síos:**

Ailíniú líonra bóthair agus saoráidí carrpháirceála mic léinn le bacainn nua iontrála/amach agus oibreacha gaolmhara suímh.

**Stádas an Tionscadail:**

Cuireadh tús leis an tionscadal ar an suíomh ag deireadh Meithimh 2012 agus tá sé le bheith curtha i gcrích i Meán Fómhair 2012.



## ATHCHÓIRIÚ AR FHOIRGNIMH MELBOURN (TYCO) ) CÉIM 2

**Cur Síos:**

Is éard atá san obair ná athchóiriú ar 4,000m$^2$ den seanfhoirgneamh Tyco, atá athainmnithe Foirgneamh Melbourn. Tá Céim 2 ar siúl anois agus cuimsíonn sí oibreacha le cóiríocht a chur ar fáil do Halla Scrúdaithe agus an Roinn Ailtireachta.

**Stádas an Tionscadail:**

Tá an tionscadal ar an suíomh agus é le bheith curtha i gcrích ag deireadh mhí na Samhna 2012.



## CÉIMEANNA - ACHAR AN PHRÍOMHSTAIDIAM SPÓIRT

**Cur Síos:**

Is éard atá sa tionscadal ná ardán coincréite géar a thógáil le haghaidh lucht féachana ag Staidiam Spóirt CIT a chuirfidh le hacmhainn an staidiam go dtí thart ar 5,500. Tá an-éileamh ó chlubanna, scoileanna agus coláistí i gCathair agus Contae Chorcaí ar úsáid na saoráidí seo.

**Stádas an Tionscadail:**

Cuireadh an obair i gcrích i Lúnasa 2012.



## SAORÁID STÓRÁLA I gCLÓS SEIRBHÍSE BHLOC A

**Cur Síos:**

Saoráid stórála de 360m² le bheith suite sa chlós seirbhíse atá in aice le Bloc A.

**Stádas an Tionscadail:**

Tá an cead pleanála, an teastas dóiteáin agus na teastais rochtana míchumais tugtha. Chuaigh an tionscadal chun tairisceana ag deireamh mhí an Mheithimh agus tá sé curtha ar feitheamh ó shin go dtí an lá inniu.



## UASGHRÁDÚ FUAIME NEXUS

**Cur Síos:**

Bhí mar aidhm ag an tionscadal seo feabhas a chur ar fheidhmíocht fuaime Halla Nexus mar ionad ilchuspóireach go háirithe lena úsáid mar ionad don fhocal labhartha. Bhí sé sin le baint amach trí thart ar 600m² cr de chúr fuaime a chur isteach laistigh de na giarsaí cruach agus feadh an bhalla lánadhmaid agus dallóga uathoibrithe fuaime feadh na mballaí thuaidh agus theas.

**Stádas an Tionscadail:**

Ullmhaíodh na cáipéisí conartha le linn earrach na bliana 2012 agus rinneadh na tairiscintí go luath sa samhradh. Cuireadh tús leis an obair in Iúil agus tá sí le bheith críochnaithe i Meán Fómhair.

## 4.5 Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí

Ba thosaíocht don Institiúid i gcónaí é le linn 2011/12 feasacht ar chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta. I mbliana is ar oibriú go dlúth le conraitheoirí a bhí an fócas d'fhonn a gcáipéisíocht sábháilteachta agus a gcaighdeáin sábháilteachta ar shuíomhanna CIT a fheabhsú. Tá dul chun cinn á dhéanamh leis na conraitheoirí agus cuirfear tuilleadh feabhais ar chúrsaí le tabhairt isteach sainfhoirmeacha tógála dín.

Rinneadh lánmheasúnú riosca ar ár soláthairtí uisce agus ina dhiaidh sin rinneadh sampláil uisce do Legionella. D'aibhsigh an obair sin na réimsí a raibh gá acu le sainaire agus tugadh aghaidh láithreach ar na réimsí sin. Tá clár monatóireachta do Legionella ar bun anois.

### Coistí Sábháilteachta

Bhí cruinnithe rialta coiste sábháilteachta ar siúl  le linn na bliana i mBaile an Easpaig, i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Ceolscoil Chorcaí CIT. Tá athbhreithnithe ar Théarmaí Tagartha agus ar bhallraíocht an Choiste Sábháilteachta ar siúl faoi láthair. Táthar ag súil go mbeidh sé sin curtha i gcrích go luath in 2013.

### Aslonnú Éigeandála & Tástáil Aláram Dóiteáin

Rinneadh cleachtaí aslonnaithe éigeandála mar a bhí sceidealaithe ag Campas Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann le linn na bliana acadúla 2011/2012. Cuireadh na tástálacha ar aláraim dóiteáin agus ar na soilse éigeandála go léir i gcrích agus rinneadh teastasú orthu. Cuireadh gach seiceáil i gcrích ar na múchtóirí dóiteáin agus ar na spóil phíobán éigeandála ag teacht leis an gcomhaontú seirbhíse agus faomhadh agus críochnaíodh gach athsholáthar ba ghá. Déantar Clár Dóiteáin CIT a uasghrádú go rialta chun na gníomhaíochtaí sin a léiriú.

### Sábháilteacht Ghinearálta & Oiliúint

Le linn na bliana reáchtáladh cúrsaí oiliúna foirne sna réimsí:  Teicneoir Leighis Éigeandála, Céad Fhreagróirí Éigeandála (Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann), Garchabhair Cheirde, Oiliúint ar Mhaoir Dóiteáin (Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Ceolscoil Chorcaí CIT), Sainaithint Guaise agus Measúnú Riosca, VDU agus Eirgeanamaíocht Stáisiún Oibre,  Feasacht ar Shábháilteacht Cheimiceáin, Feasacht ar Obair go hArd.

Reáchtáladh cúrsaí oiliúna in Uath-Dhífhibrileoirí Seachtracha (HeartSaver AED) agus i mBuntacaíocht Bheatha don lucht foirne agus do na mic léinn le linn Sheachtain na Sábháilteachta in CIT. Oileadh 140 duine agus chuaigh siad ar ais go dtí a gcuid pobal agus an scil tarrthála beatha sin acu.  Le linn na dtrí bliana seo caite oileadh beagnach 700 ball foirne agus mac léinn trí na himeachtaí sin chun AEDanna a úsáid.

Ar Fhoireann Freagartha Éigeandála CIT tá 21 ball. Cuimsíonn sé sin 1 Altra, 3 Theicneoir Leighis Éigeandála, 3 Chéad Fhreagróir agus 14 Lucht Garchabhrach Gairme. Thug an fhoireann freagra ar 25 éigeandáil leighis ar Champas Bhaile an Easpaig anuraidh chomh maith le roinnt mhaith gníomhachtúchán aláraim dóiteáin. Cleachtaíonn baill an ERT a gcuid scileanna ar feadh aon uair amháin ar fhormhór na dtráthnónta Aoine le linn na bliana acadúla mar chuid dá gclár oiliúna.

Tá foireann ERT Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ag obair go maith agus ag tabhairt freagra nuair a chuirtear fios orthu. Cháiligh ceathrar ball freisin mar Chéad Fhreagróirí Éigeandála i mbliana.

### Measúnuithe Guaise agus Riosca

Tá roinnt ranna ag obair i gcomhar le sainchomhairleoirí sábháilteachta chun a gcuid measúnuithe riosca a chur i gcrích agus leanann tuilleadh díobh ar aghaidh chun a sainaithint guaise agus measúnú guaise a athbhreithniú ar bhonn leanúnach, agus cuireadh breis oiliúna ar fáil do bhaill foirne nuair a iarradh í sin.




*Lárionad Taighde Nimbus*



# 5. Tuairisc ar Acmhainní Daonna



5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna

5.2 Líon na Foirne

5.3 Éachtaí na Foirne

## 5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna

### Líon na Foirne

Le linn na bliana acadúla 2011/12, ba é líon iomlán na Foirne ná 1,425 arbh ionann é sin agus 962.29 Cóibhéiseach Lánaimseartha (CLA). Ba í an chatagóir foirne ba mó ná an Fhoireann Acadúil arbh ionann í sin agus 58% den líon iomlán (60% CLA).

As Filleacháin Ráithiúla na hEarnála Poiblí a tógadh na figiúirí a thaispeántar sa roinn seo mar a bhí ar 31 Nollaig 2011.

### Imithe ar Scor

D'éirigh na baill foirne seo a leanas as oifig i rith na bliana:


Pat Allen, Airíoch, Foirgnimh & Eastáit
Trudy Byron-Fahy, Léachtóir Páirt-Aimseartha Pro-Rata, CSC CIT
Kay Chesby, Glantóir, Foirgnimh & Eastáit
Helen Clancy, Léachtóir, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
An Captaen John Clarence, Ceann, CNMÉ
Mary Coleman, Léachtóir, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
Tony Conway, Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
Phil Copley, Oifigeach Teicniúil, Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair
Bill Corr, Léachtóir Sinsearach, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
Seán Cotter, Léachtóir, Roinn na Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
Maureen Creed, Glantóir, Foirgnimh & Eastáit
Gary Cronin, Léachtóir Cúnta Páirt-Aimseartha Pro-Rata, CSC CIT
Sue Cunliffe, Léachtóir CEDC CIT
Billy Dillon, Príomhairíoch, Foirgnimh & Eastáit
Patricia Dillon, Oifigeach Foirne Cúnta, Roinn Oideachais Leantaigh
Jim Doyle, Léachtóir, Roinn Ríomhaireachta
An Dr Brendan Doyle, Léachtóir, Roinn Ceimice
Jacinta Duff, Léachtóir, CEDC CIT
An Dr David Flannery, Ceann Gníomhach, Roinn na Matamaitice
James Foley, Léachtóir, Roinn Foirgníochta
John Gibson, Léachtóir, CSC CIT
Irene Green, Glantóir, Foirgnimh & Eastáit
Richard Guinee, Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaice
Seán Healy, Oifigeach Teicniúil, Roinn Foirgníochta
Seán Kelleher, Léachtóir Struchtúrtha, Lárionad do Staidéar Ceirde
Tom Kenrick, Oifigeach Teicniúil, Roinn Ailtireachta
Denis J. Kiely, Léachtóir, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
Tom Knox, Léachtóir, Lárionad Staidéar Ceirde
Albert McGrath, Léachtóir Sinsearach, CNMÉ
Seán McKiernan, Léachtóir, CEDC CIT
Noel McMoran, Léachtóir, CEDC CIT
John P. Murphy, Léachtóir Sinsearach, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
Andrew Murphy, Léachtóir Cúnta Páirt-Aimseartha Pro-Rata, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
Clair Nadkar, Oifigeach Foirne Sinsearach, Dámh na hInnealtóireachta & Eolaíochta
Liam Noonan, Léachtóir Struchtúrtha, Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais
Doreen Nunan, Léachtóir, Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais
Eric O'Brien, Léachtóir Sinsearach, Staidéar Bainistíochta & Margaíochta
Tony O'Callaghan, Léachtóir, Lárionad do Staidéar Ceirde
Tom O'Leary, Léachtóir, Matamaitic
Barry O'Neill, Oifigeach Teicniúil, CEDC CIT
John Rea, Freastalaí d'Ord Níos Airde, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
Edmond Riordan, Leas-Chláraitheoir & Ceann Cáilíochta Acadúla
Vera Ryan, Léachtóir Sinsearach, CEDC CIT
Jeanne Stynes, Léachtóir Sinsearach, Roinn Ríomhaireachta
Michael P Walsh, Léachtóir Sinsearach, Roinn Bainistíochta & Margaíochta
Constantin Zanidache, Léachtóir, CSC CIT

## 5.2 Líon na Foirne

**Líon Iomlán na Foirne**

| | CLA | Líon |
|---|---|---|
| Buan | 756.82 | 834 |
| Sealadach | 205.47 | 591 |
| **IOMLÁN** | **962.29** | **1,425** |


### Líon Iomlán na Foirne (CLA)




**Foireann de réir Catagóire**

| | CLA | Líon |
|---|---|---|
| Bainistíocht | 10.00 | 10 |
| Acadúil | 580.80 | 824 |
| Riarachán & Leabharlann | 145.56 | 177 |
| Teicneoir | 84.75 | 86 |
| Tacaíocht | 53.89 | 89 |
| Seirbhísí Mic Léinn | 34.80 | 169 |
| Taighdeoirí | 52.49 | 70 |
| **IOMLÁN** | **962.29** | **1,425** |


### Foireann de réir Catagóire (CLA)



**Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana**

| | 08/09 | 09/10 | 10/11 | 11/12 |
|---|---|---|---|---|
| Bainistíocht | 10.00 | 10.00 | 10.00 | 10.00 |
| Acadúil | 656.17 | 608.34 | 600.08 | 580.8 |
| Riarachán & Leabharlann | 148.84 | 136.08 | 138.46 | 145.56 |
| Teicneoir | 80.76 | 77.87 | 80.73 | 84.75 |
| Tacaíocht | 59.25 | 56.22 | 32.39 | 53.89 |
| Seirbhísí Mic Léinn | 29.14 | 29.71 | 57.77 | 34.80 |
| Taighdeoirí | 25.5 | 36.85 | 41.2 | 52.49 |
| **IOMLÁN** | **1,009.66** | **955.07** | **960.63** | **962.29** |

## Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana (CLA)



## 5.3 Éachtaí na Foirne



**Rinneadh comhghairdeas leo seo a leanas:**

- An Dr Eamonn Cashell, Ceann na Scoile Staidéar Iarchéime, a ceapadh ina chathaoirleach ar an gCoiste d'Eolaíochtaí Ceimiceacha agus Fisiceacha de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann.
- An Dr Helen O'Shea ar a ceapachán mar Scrúdaitheoir Seachtrach ag Ollscoil Cambridge agus ag Coláiste Ollscoile Chorcaí.
- Seoladh Campas Leathnaithe CIT agus é mar mhisean aige tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do gach cineál páirtíochta. Aithníonn sé go raibh an pháirtíocht ina cuid shuntasach riamh i misean CIT agus tá sé dírithe ar a chinntiú go mbeidh rochtain ar an bpáirtíocht ann do chomhpháirtithe seachtracha CIT. Ba iad seo a leanas foireann an Champais Leathnaithe:
  - Vera Barrett
  - Deirdre Goggin
  - Tim Horgan
  - Shirley Kingston
  - Colm Barry-Murphy
  - John P Murphy
  - Ros O'Brien
  - Ruth O'Donnell
  - Phil O'Leary
  - An Dr Irene Sheridan
- An Dr Roy Sleator, Léachtóir, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha, agus an Dr Paul Walsh, Léachtóir, Roinn Ríomhaireachta ar éirigh le tionscadal dá gcuid ina iarratas ar mhaoiniú FP7 do mhaoiniú taighde.
- Damien Courtney, Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí a bhí ina bhall den Chéad Bhord Clárúcháin d'Oibrithe Sóisialta, Comhairle Lucht Ghairmiúil Sláinte & Cúram Sóisialta 2010-12.
- Ger Culley, Bainisteoir TF agus a fhoireann i Seirbhísí TF a ghnóthaigh an Roinn TF is Fearr ag Gradaim TF ag Cork Leaders.
- Brian O'Rourke, Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil a ceapadh ina Leas-Chathaoirleach ar Chumann Coincréite na hÉireann.
- Na baill foirne a raibh baint acu le Mórdhamhsa Carthanachta na hInstitiúide a eagrú i gcabhair ar Lárionad LIFE Chorcaí, a bhailigh breis is €5,000.
- An Dr Shane O'Rourke, Léachtóir, Roinn na Matamaitice a d'fhoilsigh páipéar dar teideal: *"Affine actions on non-Archimedean trees"*, san International Journal of Algebra and Computation.
- An Dr Helen O'Shea, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha ar a ceapadh ar an bhFochoiste um Shábháilteacht Bhitheach de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- An Dr Áine de Róiste, Léachtóir, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta orthu seo a leanas:
  - Comheagarthóireacht ar eagrán speisialta den Irish Journal of Applied Studies leis an Ollamh F Powell, UCC.
  - A chomhscríobh caibidil dar teideal 'Early interventions in early childhood care and education', a foilsíodh sa leabhar "Early Childhood and Care" le M Gilmore Uas., Institiúid Teicneolaíochta Shligigh.
- An Dr Declan O'Connor, Léachtóir, Roinn na Matamaitice ar tugadh cuireadh dó labhairt ag an seimineár 'Diary Financial Price Risk Management' a d'eagraigh an Irish Creamery Co-operative Society (ICOS) agus FCStone.
- John Justin Murphy, Léachtóir Sinsearach, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil a athcheapadh don Membership and Qualifications Board de chuid Innealtóirí Éireann.
- An Dr Josh Reynolds, Léachtóir, Roinn Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta ar a rannpháirtíocht in astuithe gáma-gha bíogacha as Pulsár an Phortáin a bhrath ag fuinnimh níos mó ná mar is féidir le mionsamhlacha teoiriciúla reatha de phulsáir a mhíniú.
- An Dr Shane O'Rourke, Léachtóir, Roinn na Matamaitice a chuir i gcrích ceithre bliana mar Rúnaí ar Chumann Matamaitice na hÉireann.
- Roseanne Lynch, Léachtóir, CEDC CIT a ghnóthaigh an Gradam Grianghrafadóireachta Tionscnaimh de chuid Alliance Francaise.
- Damien Courtney, Ceann na Dáimhe Gnó & na nDaonnachtaí a bhí ina bhall de Shainghrúpa Fortheilgin Daonra agus Fórsa Saothair de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh 2012-13.
- Clár Champas Inbhuanaithe CIT ar fhoilsiú a gcuid "How Green your Campus or workplace - a step by step guide" chun cabhrú le campais tríú leibhéal eile a gclár campais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.

- An Fhoireann agus na Mic Léinn sa Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais a raibh baint acu le sraith taispeántas cócaireachta a bhailigh €8,345 ar fad do chúrsaí carthanachta.
- Foireann Reap CIT ar fhoilsiú thuarascáil REAP ar 'Customised Learning Development – An Exploration of Practice' arna cur in eagar ag an Dr Irene Sheridan agus John P Murphy, CIT Press 2012.
- Debbie Dawson, Léachtóir, CEDC CIT a rinne coimeád agus a shuiteáil taispeántas d'obair ghloine 'Poetics of the Handmade' leis an Ollamh Xiao Wei Zhuang de chuid an Choláiste Mínealaíne in Ollscoil Shanghai ag Gailearaí an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, Baile Átha Cliath. Is í an tUas. Dawson atá ina Cathaoirleach reatha ar Chumann Gloine na hÉireann.
- Tim Horgan, Ceann an Lárionad Néalríomhaireachta don Bharr Feabhais ar ainmniú na céime Máistir i Néalríomhaireacht mar chúrsa Iarchéime na bliana mar chuid den Séú Gradam Earcaíochta Céime de chuid Postgrad Ireland. Forbraíodh an clár Máistir bliana i gcomhpháirtíocht le EMC agus cuireann le feachtas CIT mar Lárionad Néalríomhaireachta don Bharr Feabhais.
- An Dr Irene Sheridan, Campas Leathnaithe ar a páipéar i gcomhar le Muiris O'Connor, ÚAO, dar teideal 'Towards a National Approach to engagement in Irish Higher Education' le haghaidh na comhdhála ar Ollscoileanna Fiontraíocha 2012.
- Pádraig Trehy, Léachtoir, CEDC CIT ar ar bronnadh maoiniú léiriúcháin air dóibh seo a leanas:
  - Bord Scannáin na hÉireann le haghaidh scannáin thrialaigh faoi James Joyce agus John McCormack
  - Údarás Craoltóireachta na hÉireann le haghaidh clár faisnéise faoi Shéamus Murphy.

  Bhí an tUas. Trehy ina bhall de Bhord an Munster Literature Centre agus ghlac páirt i gcuirí éagsúla tionscail, léachtaí poiblí agus cainteanna ag Féiltí le linn na bliana.
- Campas Leathnaithe CIT a cuireadh ar an ngearrliosta do Ghradam Líonra Nuálaíochta Tionscail na nOllscoileanna 2012 le haghaidh 'forbairt chomhpháirtíoch réiteach saincheaptha foghlama chun freastal ar shainriachtanais foghlama fiontair'. Ba í CIT an t-aon Institiúid Éireannach a bhí ar an ngearrliosta de dheich n-institiúid a raibh Ollscoil California, Berkeley agus Ollscoil Tohohu sa tSeapáin san áireamh ann.
- Tim Horgan, Ceann an Lárionad Néalríomhaireachta don Bharr Feabhais agus Roinn na Ríomhaireachta a lean dá fhorbairt cheannródaíoch i gcomhar le lucht fiontair i réimsí teicneolaíocha atá ag teacht chun cinn. Chomh maith leis na cláir Máistir agus Baitsiléara i Néalríomhaireacht, bhí an Lárionad Néalríomhaireachta don Bharr Feabhais i dtús cadhnaíochta i bhforbairt dhá clár nua tiontaithe faoin nglao de chuid an ÚAO Scileanna ICT. Mheall na cúrsaí sin, an tArd-Dioplóma i Néalríomhaireacht agus an tArd-Dioplóma i bhForbairt Néal-Bhogearraí agus i mBogearraí Móibíleacha 219 iarratasóir le haghaidh 80 áit. Forbraíodh na cúrsaí i gcomhpháirtíocht le lucht fiontair áitiúil agus náisiúnta agus bhí an-ghlacadh leo.
- James Hayes, Léachtóir, CEDC CIT ar ar bronnadh an gradam Per Cent for Art – Sculpture Commissions ag Ardscoil Rís, Luimneach i gcomhar le Healy & Rice Ailtirí, Luimneach agus an IRON-R Project - Duais Taighde i gcomhar leis an National Sculpture Factory & Coleg Sirgar (roimhe seo Scoil Ealaíne na Breataine Bige Thiar), An Bhreatain Bheag. Ghlac James páirt freisin san International Contemporary Art Project-HYBRID ag Redline Contemporary, Colorado, SAM.
- An Dr Niamh Power, Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil a bhí ina ball den Choiste eagraithe le haghaidh Chomhdháil Líonra Iompair na hÉireann 2011.
- An Dr Guillaume Huyet ar tugadh cuireadh dó labhairt ag na cruinnithe/comhdhálacha seo a leanas:
  - I-Now Summer School arna eagrú ag Ollscoileanna California Berkeley agus Stanford agus ag an Siompóisiam Idirnáisiúnta ar Chomh-Leathsheoltóirí
  - Ceardlann Dinimice Léasair arna heagrú ag an Weirstrasse Institute i mBerlin
  - Cruinniú Cinnbhliana de Chumann Optach na hEorpa in Obar Dheathain i Lúnasa.
- Seán F. O'Leary, Léachtóir Sinsearach, Roinn Innealtóireachta Meicniúil, Bithleighis & Déantúsaíochta a fuair na gradaim seo a leanas le linn na bliana:
  - Sárchion BSL do Ghradam Innealtóireachta 2011 ag Gradaim Innealtóirí Éireanndon Bharr Feabhais ar 4 Samhain
  - Fógraíodh gurbh í móraighneacht Shaotharlanna Forbartha Táirge Nuálaíoch CIT "Engineering an Innovation Eco-System", a raibh Seán ina údar uirthi, buaiteoir an Ghradaim Náisiúnta Tionscnaimh in Oideachas Innealtóireachta an "Ceann is Fearr sa Rang" 2011 ag Gradaim Innealtóirí Éireann don Bharr Feabhais ar 4 Samhain
  - Buaiteoir Gradam Nuálaíochta Acadúla Fhiontar Éireann/Invest Northern Ireland 2012 ar 7 Meitheamh.
- Baill foirne ag CEDC CIT a raibh a gcuid oibre le feiceáil i dtaispeántais agus ceardlanna le déanaí ag leibhéal Náisiúnta agus leibhéal Idirnáisiúnta:
  - Debbie Dawson
  - Pamela Hardesty
  - James Hayes
  - Jesse Jones
  - Catherine Hehir
  - Roseanne Lynch
  - An Dr Ailbhe Ní Bhriain

- Ar na Baill Foirne ar bronnadh céimeanna orthu bhí:
    - Cornelius Burns, Dochtúir Fealsúnachta i gCur Chun Cinn Sláinte & Gníomhaíochta Fisiciúla
    - Dan Collins, Dochtúir Fealsúnachta in Oideachas
    - Gail Cotter-Buckley, Máistir Gnó
    - John Cronin, MSc i gCaomhnú Foirgníochta
    - Kyra Dunne, Baitsiléir Gnó i mBainistíocht
    - Emma Fitton, Ardteastas i nGnó agus Baitsiléir Gnó i gCuntasaíocht
    - Simon Knowles, Dochtúir Fealsúnachta i Stair na hEalaíne
    - Ray Looney, Máistir Gnó i Riarachán
    - Julie Meighan, Dioplóma i dTeiripe Súgartha Iarchéime
    - Emmanuel Pican, Dochtúir Fealsúnachta
    - Leslie Ruddock, Máistir Eolaíochta i Líonrú & Slándáil
    - Irene Sheridan, Dochtúir Fealsúnachta i Staidéar Gairmiúil
    - Ann Wilson, Dochtúir Fealsúnachta i Stair na hEalaíne/an Dearaidh

**Ceapacháin Nua**

Deimhníodh na baill foirne seo a leanas le haghaidh ceapacháin le linn na bliana acadúla 2011/12:

- Denise Barnett, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
- An Dr Marie Begley, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- Ronan Bonner, Oifigeach Teicniúil, Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
- An Dr Judith Butler, Léachtóir Cúnta Páirtaimseartha Pro-Rata, Roinn Staidér Sóisialta & Ginearálta
- Andrew Cashman, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantusaíochta
- An Dr Stephen Cassidy, Deán Cáilíochta Acadúla & Feabhsúcháin
- Una Coakley, Léachtóir Cúnta, Roinn Staidéár Sóísialta & Ginearálta
- Donagh Davern, Léachtóir, Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais
- William Doherty, Léachtóir Cúnta, Roinn Ceimice
- Kyra Dunne, Oifigeach Foirne, Oifig an Leas-Uachtaráin d'Fhorbairt
- Irene Griffin, Oifigeach Teicniúil, Seirbhísí TF
- John Hartnett, Léachtóir Cúnta, Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais
- An Dr John Hobbs, Léachtóir Cúnta, Roinn Bainistíochta & Margaíochta
- Tim Horgan, Ceann Lárionad Néalríomhaireachta don Bharr Feabhais
- Conor Kelleher, Léachtóir Cúnta Páirtaimseartha Pro-Rata, Roinn Bainistíochta & Margaíochta
- Wendy Kenny, Maor Glantacháin, Foirgnimh & Eastáit
- Tadhg Leane, Ceann na Forbartha Straitéisí
- An Dr Áine Ní Shé, Ceann Roinn na Matamaitice
- Ros O'Brien, Riarthóir Tionscadail, Campas Leathnaithe
- Gerard O'Connor, Príomhairíoch, Foirgnimh & Eastáit
- An Dr Fiona O'Halloran, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha
- Josephine O'Halloran, Léachtóir Cúnta, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
- Conchubhar Ó Luasa, Oifigeach Teicniúil, Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta
- Mervyn O'Mahony, Oifigeach Cumarsáide & Margaíochta
- An Dr Michael J. O'Mahony, Ceann na Roinne Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair
- Orla O'Shea, Oifigeach Cúnta Foirne, Roinn Oideachais Leantaigh
- An Dr Emmanuel Pican, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaice
- Anne Rodgers, Léachtóir Cúnta, Roinn Ailtrireachta
- Ruth Turnbull, Oifigeach Foirne, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- John Twohig, Ceann Lárionad Ceirde



# 6. Tuarascáil Airgeadais



6.1 Tuarascáil Airgeadais

6.2 Cuntais Iniúchta 2011/2012

## 6.1 Tuarascáil Airgeadais

Cuimsíonn an tuarascáil airgeadais seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2011 go dtí 31 Lúnasa 2012 agus léiríonn sí bainistíocht chúramach leanúnach na hInstitiúide. Le linn na tréimhse, tháinig méadú ar an ioncam de 3.3% agus tháinig méadú ar chostais de réir ráta níos ísle de 1.2%. Tháinig méadú ar an ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí de 5.6% don bhliain agus tháinig méadú, ach ar ráta níos moille ná i mblianta roimhe sin, de 1.4% ar líon cóibhéiseach lánaimseartha na mac léinn.

**Ioncam**

Tháinig méadú ar an ioncam de €3.1m ó €92.1m go €95.2m. Tháinig méadú ar an ioncam ó na Táillí Teagaisc agus ó chion eile mic léinn de €2.4m, tháinig méadú ar an ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí de €0.7m agus tháinig méadú ar ioncam eile agus ar ús de €1.1m. Thit an Deontas Stáit de €1.1m sa tréimhse go €39.9m..

**Caiteachas Reatha**

Tháinig méadú ar ioncam reatha iomlán na hInstitiúide de 1.2% go €92m. Bhí costais dhíreacha na ranna acadúla agus na gníomhaíochta taighde ag 73% (€67.1m). I dtéarmaí costas indíreach agus forchostas, tháinig méadú ar chostais áitribh ó 9.3% go 9.6% (€8.9m) agus tháinig méadú imeallach ar sheirbhísí agus tacaíochtaí mic léinn go 3.5% (€3.2m). Bhain costais de 13.9% (€12.8m) leis an bPríomhriarachán agus na Seirbhísí Tacaíochta Acadúla.

**Costais Soláthar Foirne**

D'fhan pábhille na hInstitiúide mórán gan athrú le linn 2012 agus anois seasann sé ag €61.5m i gcomparáid le €61.7m in 2011. Seasann na costais foirne do 67% den chaiteachas iomlán agus thit meánlíon na bhfostaithe le linn na tréimhse de 4.5% ó 1,179 go 1,126.

**Líon na Mac Léinn**

Tháinig méadú ar líon na mac léinn cóibhéiseach lánaimseartha ar ráta níos moille de 1.4% ó 8,662 go 8,793 le linn na tréimhse.

**Taighde & Forbairt**

Tháinig méadú ar an ioncam ó ghníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Féinmhaoinithe de 5.6% go €15.7m costais chaipitil san áireamh. Ba é ba chúis leis an méadú ar chaiteachas ná gur tháinig méadú ar chostais foirne ó €5.1m go €5.9m, rud a léiríonn infheistíocht leanúnach na hInstitiúide i gcur le hacmhainn taighde agus méadú ar íocaíochtaí do chomhpháirtithe tionscadail.

**Cúlchistí**

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012, bhí barrachas oibriúcháin de €260k ag an Institiúid iar-aistrithe go dtí an Cúlchiste Forbartha Caipitil agus is é an barrachas carntha ná €466k. Is é iarmhéid an Chúlchiste Forbartha Caipitil ar 31 Lúnasa 2012 ná €6.9m, agus seasann sé sin do ghlanmhéadú de €2.2m ón mbliain roimhe sin. Tá beartaithe tús a chur le roinnt tionscadal faofa as an gcúlchiste seo an bhliain seo chugainn.

## 6.2 Cuntais Iniúchta 2011/12



Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste - Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Cuntas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite

Clár Comhardaithe

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 6.2.1 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaíonn an Bord Rialaithe freagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais agus go gcuirtear próisis agus gnáthaimh ar bun chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta agus ní glanráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

**Príomhghnáthaimh Rialaithe**
Tá cúram á dhéanamh ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir
- Gnáthaimh agus rialuithe a fhorbairt a dhéantar a athbhreithniú go rialta, atá doiciméadaithe, curtha i bhfeidhm agus cothrom le dáta
- Gnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint (Coiste Iniúchóireachta/Coiste Airgeadais/Coiste Forbartha Straitéisí)
- Cáipéis Treoirlínte Dea-Chleachtais a ghlacadh a chuimsíonn téarmaí soiléire tagartha do Choistí an Bhord Rialaithe
- Cultúr láidir cuntasaíochta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht

Tá próisis forbartha ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú. Déantar é sin ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear:

- Samhail Ghníomhaíochtaí Riachtanacha & Próisis a fhorbairt chun cuidiú leis - an mbainistíocht agus leis an mBord Rialaithe na príomhghníomhaíochtaí
- agus na próisis atá ann chun a gcuid oibríochtaí a bhainistiú go héifeachtach
- Polasaí Bainistithe Riosca a ghlacadh
- Príomhrioscaí, úinéirí riosca agus na rialuithe chun na rioscaí sin a mhaolú
- Spriocanna bliantúla agus fadtéarmacha a fhorbairt agus tuairisciú ar na torthaí a bhaintear amach
- Cur i bhfeidhm Creata Rialaithe Inmheánaigh
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéantar a athreithniú agus a chomhaontú ag an mBord Rialaithe
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe agus a chuid coistí ar na tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a chuireann in iúl feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas
- Treoirlíne rialaithe infheistíochta caipitil sonraithe go soiléir

Tá coiste iniúchóireachta inmheánach ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí atá foinsithe allamuigh, atá de réir Téarmaí Tagartha Iniúchóireachta Inmheánaí atá faofa ag an mBord Rialaithe agus Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann. Faomhann an Coiste Iniúchóireachta Plean Iniúchóireachta Inmheánaí go bliantúil. Cuireann an plean san áireamh réimsí riosca féideartha a sainaithníodh i gcleachtadh measúnaithe riosca a rinneadh leis an mbainistíocht i dtús an timthrialla pleanála reatha. Cuirtear tuairiscí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta ar na sanntaí a rinneadh. Déanann na tuairiscí sin easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh a aibhsiú agus na bearta ceartaitheacha a mholtar le déanamh áit is gá. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta tuairiscí rialta ar stádas na saincheisteanna a ardaítear.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais ag brath ar obair Fheidhmeannas agus Bhainistíocht na hInstitiúide a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe, ar an gCoiste Iniúchóireachta, ar an Iniúchóir Inmheánach, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe.

Deimhnímid go ndearna an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012 i mí Iúil 2012.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe

| | |
|---|---|
| **Bob Savage**<br>**Cathaoirleach** | **Dr Brendan J. Murphy**<br>**Uachtarán** |

## 6.2.2 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach
- aon athrú tábhachtach ar chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasaíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Bob Savage**
**Cathaoirleach**

**Dr Brendan J. Murphy**
**Uachtarán**

## 6.2.3 An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste - Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

**Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí**

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leo go Coitianta in Éirinn é an creat tuairisceoireachta airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán.

**Freagrachtaí na hInstitiúide**

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas cruinn agus cóir ar ghnóthaí na hInstitiúide agus ar a hioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir na nAchtanna Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá m'iniúchadh á dhéanamh agus aird agam ar na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus oibriúchán.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (RA agus Éire) agus Caighdeáin Eiticiúla Bhord na gCleachtas Iniúchóireachta d'Iniúchóirí á gcomhlíonadh agam.

**Scóip leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais**

Is é atá i gceist le hiniúchóireacht ná leordhóthain fianaise a aimsiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais a d'fhágfadh cinnteacht réasúnta go bhfuil na ráitis sin saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis sin. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé acu an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar nochtaíodh go leordhóthain iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis air á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na mbeart airgeadais le linn an iniúchta.

**Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, léargas fíor agus cóir ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2012 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Ábhair a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht**

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta, nó
- má thug an t-iniúchadh faoi deara aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh nó áit nach raibh na bearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach comhall na hInstitiúide leis an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó
- má aimsím go bhfuil ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh inar riaradh gnó poiblí.

Níl aon cheo le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.

**Seamus McCarthy**

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**19 Meitheamh 2013**

## 6.2.4 Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012



Is mar seo a leanas atá na polasaithe suntasacha cuntasaíochta ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí:

**1. Bunús an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glactha leo go coitianta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi choinbhinsiún an costais stairiúil (cés moite de shealúchais áirithe atá cuimsithe ag a luacháil) agus le ceanglais an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá CIT Innovation Centre Limited agus Cosmos Education Limited san áireamh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite. Ar an mbonn nach bhfuil siad ábhartha, ní chuirtear cláir chomhardaithe Institiúide agus chomhdhlúite ar leith ar fáil. Níl CIT Student Services Company Limited cuimsithe sna Ráitis Chlomhdhlúite Airgeadais.

**2. Aitheantas Ioncaim**

***Deontais Stáit:***
Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déantar déileáil le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar saol na sócmhainní.

***Deontais Dhéabhlóidithe:***
Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile. Áit nár caitheadh airgead déabhlóidithe, i dtaca leis an scéim seo, déantar déileáil leis mar ioncam iarchurtha, ar choinníoll gur faomhadh na tionscadail a bhfuil siad tiomanta dóibh ag an mBord Rialaithe, go bhfuil siad sonraithe go hiomlán, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastacháin ar na costais.

I ngach cás eile aithnítear cistiú deontais déabhlóidithe sa tréimhse ina bhfaightear iad.

***Deontais Taighde agus Conarthaí:***
Déantar Ioncam ó Dheontais Thaighde a mheaitseáil le caiteachas agus tá sé san áireamh in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar.

Taispeántar gach ioncam agus caiteachas taighde faoin gceannteideal 'Taighde, Forbairt agus Féinchistiú'.

***Ioncam ó Tháillí:***
Déantar déileáil le hIoncam ó Tháillí ar bhonn fabhraithe.

***Ioncam ó Ús:***
Cuirtear gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleadh é.

**3. Gníomhaíochtaí Coimhdeacha**

Ní cuid de chuntais na hInstitiúide iad ráitis airgeadais roinnt aonán. Déanann iniúchóirí neamhspleácha na ráitis sin a iniúchadh. Tugann Nóta 23 eolas maidir le gníomhaíochtaí coimhdeacha ar a n-áirítear Ioncam agus Caiteachas agus Achoimre ar Chlár Comhardaithe.

**4. Stoic**

Breactar caiteachas ar leabhair agus ar stoic inchaite don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é. Baineann an stoc a thaispeántar sa chlár comhardaithe le hearraí in Cosmos Education Limited ar 31 Lúnasa 2012.

**5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas**

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe, cés moite de thalamh, ar a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha. Luaitear talamh ar a chostas stairiúil nó luacháil.

***(a) Costas nó Luacháil***
Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe a bhí ann ó 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe thosaigh) ar a luacháil. Tá bunús na luachála leagtha amach ag Nóta 14. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh i mbun tógála ar a gcostas bunaithe ar luach theastas an ailtire agus chostais dhíreacha eile a thabhaítear go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní dhéantar dímheas orthu go dtí go mbíonn siad in úsáid.

***(b) Trealamh***

Déantar gach trealamh a bhfuil luacháil de €3,000 nó níos mó ar an mír aonair a chaipitliú.

***(c) Dímheas***

Leanfar de chaitheamh leis na sócmhainní go léir a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2009 agus a caipitlíodh mar shócmhainní seasta agus déanfar dímheas orthu go dtí deireadh a saoil inúsáidte

Déantar soláthar do dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe, seachas talamh, ar bhonn dronlíne chun a gcostas stairiúil nó a luachálacha a dhíscríobh thar an saol a meastar iad a bheith inúsáidte mar seo a leanas:

| | **Blianta** |
|---|---|
| Foirgnimh | 30-50 |
| Foirgnimh réamhdhéanta, daingneáin, gléasra agus innealra | 10 |
| Mór-ríomhairí | 7 |
| Trealamh eile ríomhaire | 3 |
| Trealamh oideachasúil agus riaracháin | 5 |
| Troscán | 5 |
| Feithiclí Mótair | 5 |

Leanfar de dhímheas a dhéanamh ar Threalamh Ríomhaire a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2010 ar bhonn pholasaí dímheasa dronlíne ceithre bliana. Déanfar trealamh ríomhaire a ceannaíodh ina dhiaidh sin ar bhonn saol trí bliana.

Déanfar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais agus Chonarthaí Taighde a dhímheas thar saol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do na Sócmhainní Seasta go léir eile.

Déantar dímheas ar Thalamh agus ar Fhoirgneamh ar Léas thar saol an léasa.

**6. Airgeadraí Eachtracha**

Aistrítear bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbeart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe.

**7. Pinsin**

Is faoi scéim shannaithe sochair a thugtar gach teidlíocht pinsin foirne faoi Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980 agus déanann an Státchiste freastal ar oibleagáidí pinsin de réir mar a tharlaíonn siad.

Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar a Úsáidtear agus coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá cistiú.

Ní thugann an Institiúid ranníocaíocht don scéim agus níl aon dualgas uirthi i leith teidlíochtaí.

**8. Cuntas Caipitil Iarchurtha**

Is éard atá sa Chuntas Caipitil Iarchurtha ná luach amúchta an ioncaim charntha atá cionroinnte do shócmhainní seasta.

**9. Cúlchiste Caipitil Forbartha**

Is éard atá sa Chúlchiste Caipitil Forbartha cistí atá curtha ar leataobh ag an Institiúid chun críocha sainithe caipitil forbartha. Eascraíonn cistí dá leithéid as táillí clárúcháin Mhic Léinn, bronntanais chaipitil neamhstáit, táillí saoráide bainc agus aistrithe ó Chúlchistí Ioncaim, a bhfuil réamhchead sa dara cás ón Údarás um Ard-Oideachas ina leith, maraon le hús bainc atá tuillte ar an airgead sin. Déanfar cistí dá leithéid a choinneáil sa Chuntas Cúlchiste Caipitil Forbartha ar choinníoll go bhfuil na tionscadail shainithe lena bhfuil siad tiomanta ag teacht le Plean Caipitil Forbartha na hInstitiúide, faofa ag an mBord Rialaithe, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastachán ar na costais.

**10. Sócmhainní ar Léas**

Déantar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin a chur mar mhuirear leis an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas.

## 6.2.5 Cuntas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012

| | NÓTA | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontas Stáit | 1 | **39,900** | 41,056 |
| Táillí Teagaisc | 2 | **28,489** | 26,138 |
| Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha | 17 | **6,130** | 6,016 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 3 | **14,736** | 13,957 |
| Ioncam Eile | 5 | **4,621** | 4,023 |
| Ioncam Aitheanta Tacaíochta Mic Léinn | 4 | **530** | 375 |
| Ioncam ó Ús | | **867** | 577 |
| | | **95,273** | 92,142 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Ranna Acadúla | 6 | **50,157** | 51,630 |
| Seirbhísí Acadúla | 7 | **2,570** | 2,126 |
| Costais Saoráidí | 8 | **7,543** | 7,228 |
| Príomhriarachán agus Seirbhísí | 9 | **8,228** | 8,397 |
| Costais Ghinearálta Oideachasúla | 10 | **597** | 733 |
| Seirbhísí Mic Léinn | 11 | **1,932** | 1,806 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 3 | **14,336** | 12,657 |
| Ioncam Maoinithe Tacaíochta Mic Léinn curtha i bhfeidhm | 4 | **530** | 375 |
| Dímheas | 14 | **6,124** | 5,995 |
| | 12 | **92,017** | 90,947 |
| **Barrachas Oibriúcháin** | | **3,256** | 1,195 |
| Cánachas | 13 | **(6)** | - |
| Aistriú go Cúlchiste Caipitil Forbartha | 18 | **(3,095)** | (2,010) |
| Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha | 18 | **105** | 176 |
| **Barrachas Carntha ar 1 Meán Fómhair** | | **206** | 845 |
| **Barrachas Carntha ar 31 Lúnasa** | | **466** | 206 |

Níl gnóthachan ná caillteanas ar bith seachas iad siúd a ndéantar déileáil leo sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na áitis airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-28.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe

**Bob Savage**
**Cathaoirleach**

**Dr Brendan J. Murphy**
**Uachtarán**

## 6.2.6 Clár Comhardaithe Comhdhlúite mar a bhí ar 31 Lúnasa 2012

| | NÓTA | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | 14 | 109,345 | 107,886 |
| **INFHEISTÍOCHTAÍ** | 24 | 50 | 50 |
| | | 109,395 | 107,936 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí | 15 | 5,919 | 6,329 |
| Stoc | | 4 | 4 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 20,476 | 18,080 |
| | | 26,399 | 24,413 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe agus Costais Fhabhraithe - suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain | 16 | 19,066 | 19,567 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 7,333 | 4,846 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | 116,728 | 112,782 |
| **Dá seasann** | | | |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha | 17 | 109,345 | 107,886 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 466 | 206 |
| Cúlchiste Caipitil Forbartha | 18 | 6,917 | 4,690 |
| | | 116,728 | 112,782 |

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-28
Signed on behalf of the Governing Body

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe

**Bob Savage**
**Cathaoirleach**

**Dr Brendan J. Murphy**
**Uachtarán**

## 6.2.7 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012

| | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| **Barrachas oibriúcháin á réiteach le sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas Oibriúcháin | **3,256** | 1,195 |
| Ioncam ó Ús | **(867)** | (577) |
| Dímheas | **6,124** | 5,995 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainne | **(6,130)** | (6,016) |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | **6** | 21 |
| Cánachas | **(6)** | - |
| Méadú i Stoc | **-** | (4) |
| Laghdú ar Fhéichiúnaithe | **410** | 7,325 |
| Méadú ar Chreidiúnaithe gearrthéarmacha | **(501)** | (1,925) |
| **Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **2,292** | 6,014 |

| | | |
|---|---|---|
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | |
| **Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **2,292** | 6,014 |
| Ús faighte | **867** | 577 |
| **Caiteachas Caipitil** | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil | **(7,589)** | (2,237) |
| *Eis-sreabhadh glan airgid ar chaiteachas caipitil* | **(7,589)** | (2,237) |
| **Cistiú** | | |
| Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta | **2,987** | 434 |
| Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta | **2,753** | 961 |
| Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta | **1,086** | 598 |
| *Glan-Insreabhadh Airgid ó Chistiú* | **6,826** | 1,993 |
| Méadú ar Airgead | **2,396** | 6,347 |

| | | |
|---|---|---|
| **Glan-sreabhadh airgid á réiteach le gluaiseacht i nglan-chistí** | | |
| **Méadú ar Airgead** | **2,396** | 6,347 |
| Glanchistí ar dtús | **18,080** | 11,733 |
| Glanchistí ar 31 Lúnasa | **20,476** | 18,080 |

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-28.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe

**Bob Savage**
**Cathaoirleach**

**Dr Brendan J. Murphy**
**Uachtarán**

# 6.2.8 Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 1. DEONTAIS STÁIT

| | **Cionroinnte do chaiteachas do athfhillteach** | **Cionroinnte chaiteachas caipitil** | **Iomlán 2012** | Iomlán 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | €000 |
| Deontas stáit do chaiteachas athfhillteach - ÚAO | **39,093** | **2,753** | **41,846** | 41,459 |
| Deontas stáit do chaiteachas caipitil – RO&S | **550** | **1,728** | **2,278** | 206 |
| Deontas stáit do mhionoibreacha caipitil – RO&S | **257** | **1,259** | **1,516** | 786 |
| **Iomlán – 2012** | **39,900** | **5,740** | **45,640** | 42,451 |
| Iomlán - 2011 | **41,056** | **1,395** | **42,451** | |

Íocann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) costas iomlán roinnt cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime trí fhóirdheontas ag an leibhéal náisiúnta. Déantar Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach a pháirtmhaoiniú ón gcúnamh AE seo.

## 2. TÁILLÍ TEAGAISC

| | **2012** | **2012** | **2011** | **2011** |
|---|---|---|---|---|
| | **Líon Mac Léinn (CLA)** | **€000** | **Líon Mac Léinn (CLA)** | **€000** |
| Táillí Íoctha ag an Stáit | 6,146 | 8,993 | 5,971 | 11,505 |
| Táillí Neamh-AE | 114 | 601 | 107 | 442 |
| Táillí íoctha ag mic léinn nó ar son mac léinn | 1,074 | 2,030 | 1,061 | 1,545 |
| Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Táillí Eile | 1,459 | 4,154 | 1,529 | 3,289 |
| Cion Mic Léinn | | **12,711** | | **9,357** |
| | **8,793** | **28,489** | **8,668** | **26,138** |

D'íoc an tÚAO táillí teagaisc sa bhliain de €6.175m le haghaidh cúrsaí céime lánaimseartha agus €2.818m le haghaidh cúrsaí ardteastais agus gnáthchéime, a bhfuil a gcostas iomlán páirtmhaoinithe ag an gCSE.

Luaitear líon mac léinn mar chóibhéisí lánaimseartha, bunaithe ar chreidiúintí cláraithe.

## 3. DEONTAIS AGUS CONARTHAÍ TAIGHDE

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam | **15,773** | 14,540 |
| Aistriú go Cuntas Caipitil | **(1,037)** | (583) |
| | **14,736** | 13,957 |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Lucht Foirne | **5,986** | 5,098 |
| **Costais Neamhphá** | | |
| Ábhair & Tomhaltáin Eile | **573** | 602 |
| Costais Ríomhaire | **235** | 145 |
| Oideachas Ginearálta | **1,253** | 1,643 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | **1** | 1 |
| Costais Taighde | **112** | - |
| Comhpháirtithe Tionscadail | **2,035** | 396 |
| Trealamh | **318** | 310 |
| Costais Áitribh | **758** | 1,252 |
| Taisteal & Cothú | **931** | 1,026 |
| Costais Phearsanra | **190** | 247 |
| Táillí Gairmiúla | **1,521** | 1,552 |
| Cumarsáid | **62** | 63 |
| Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige | **226** | 210 |
| Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht | **91** | 78 |
| Árachas | **3** | 5 |
| Costais Airgeadais | **27** | 14 |
| Eile | **14** | 15 |
| | **14,336** | 12,657 |
| **Glantoradh** | **400** | 1,300 |

San áireamh san Ioncam ó Dheontas Taighde agus Conartha tá suim de €625,000 i dtaca le haisghabháil fhorchostais. Seasann an fuílleach do chostais dhíreacha a fuarthas ar ais le haghaidh obair thaighde a rinneadh mar a bhfuil cuntas air faoi na ceannteidil do Chaiteachas thuas.

## 4. CISTIÚ TACAÍOCHTA MIC LÉINN

| | Míchumas | Cúnamh do Mhic Léinn | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid mar a bhí 1 Meán Fómhair 2011 | 268 | 38 | **306** | 285 |
| Fáltais | | | | |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 107 | 404 | **511** | 396 |
| Cionroinnte d'Fhéinchistiú | (15) | - | (15) | - |
| | 92 | 404 | **496** | 396 |
| Suimeanna curtha i bhfeidhm – Pá & Neamh-Phá | 224 | 306 | **530** | 375 |
| Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2012 | 136 | 136 | 272 | 306 |

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú ar fáil faoin bPlean Náisiúnta Forbartha agus tá sé páirtmhaoinithe ag an gCiste Sóisialta Eorpach.

## 5. IONCAM EILE

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe | **3,741** | 3,805 |
| Cíos Saoráidí | **5** | 13 |
| Fáltais ó Dhíolachán Trealaimh | **22** | 23 |
| Ioncam Ilghnéitheach | **-** | 18 |
| Deontas Stáit – ÚAO | **331** | - |
| Ioncam Ilghnéitheach | **522** | 164 |
| | **4,621** | 4,023 |

## 6. RANNA ACADÚLA

| | | |
|---|---|---|
| ***Lucht Foirne*** | | |
| Teagasc | **38,951** | 40,643 |
| Teicniúil | **4,247** | 3,567 |
| Riarachán agus Tacaíocht | **2,283** | 2,815 |
| | **45,481** | 47,025 |
| ***Costais Neamh-Phá*** | | |
| Ábhair & Tomhaltáin Eile | **863** | 1,088 |
| Ábhair Leabharlainne | **117** | 110 |
| Costais Ríomhaire | **376** | 196 |
| Oideachas Ginearálta | **126** | 79 |
| Trealamh | **746** | 881 |
| Costais Áitribh | **441** | 562 |
| Taisteal & Cothú | **510** | 375 |
| Costais Phearsanra | **276** | 287 |
| Táillí Gairmiúla | **448** | 328 |
| Cumarsáid | **111** | 115 |
| Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige | **499** | 480 |
| Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht | **113** | 71 |
| Costais Airgeadais | **16** | 11 |
| Eile | **34** | 22 |
| | **4,676** | 4,605 |
| ***Iomlán*** | **50,157** | 51,630 |

## 7. SEIRBHÍSÍ ACADÚLA

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| ***Lucht Foirne*** | | |
| Foireann Leabharlainne & Ríomhaire | **1,751** | 1,506 |
| ***Costais Neamh-Phá*** | | |
| Ábhair & Tomhaltáin Eile | **3** | 4 |
| Ábhair Leabharlainne | **85** | 77 |
| Costais Ríomhaire | **322** | 337 |
| Trealamh | **132** | 2 |
| Costais Áitribh | **88** | 35 |
| Taisteal & Cothú | **20** | 11 |
| Costais Phearsanra | **35** | 32 |
| Táillí Gairmiúla | **115** | 66 |
| Cumarsáid | **10** | 46 |
| Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige | **9** | 10 |
| | **819** | 620 |
| ***Iomlán*** | **2,570** | 2,126 |

## 8. COSTAIS SAORÁIDÍ

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| ***Lucht Foirne*** | | |
| Airígh, Glantachán, Cothabháil | **1,562** | 1,586 |
| ***Costais Neamh-Phá*** | | |
| Ábhair & Tomhaltáin Eile | **14** | 15 |
| Costais Ríomhaire | **192** | 176 |
| Trealamh | **104** | 28 |
| Costais Áitribh | **5,228** | 4,974 |
| Taisteal & Cothú | **2** | 4 |
| Costais Phearsanra | **9** | 2 |
| Táillí Gairmiúla | **389** | 368 |
| Cumarsáid | **14** | 41 |
| Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige | **23** | 13 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne Seasta | **6** | 21 |
| | **5,981** | 5,642 |
| **Iomlán** | **7,543** | 7,228 |

## 9. PRÍOMH-RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| ***Lucht Foirne*** | | |
| Riarachán | **5,147** | 4,940 |
| ***Costais Neamh-Phá*** | | |
| Ábhair & Tomhaltáin Eile | **34** | 47 |
| Costais Ríomhaire | **51** | 82 |
| Comhpháirtithe Tionscadail | - | 100 |
| Trealamh | **62** | 131 |
| Costais Áitribh | **139** | 87 |
| Taisteal & Cothú | **234** | 282 |
| Costais Phearsanra | **589** | 634 |
| Táillí Gairmiúla | **989** | 1,178 |
| Táille Iniúchta C & AG | **28** | 28 |
| Cumarsáid | **70** | 94 |
| Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige | **259** | 256 |
| Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht | **268** | 125 |
| Árachas | **305** | 376 |
| Costais Airgeadais | **50** | 31 |
| Eile | **3** | 6 |
| | **3, 081** | 3,457 |
| ***Iomlán*** | 8,228 | 8,397 |

## 10. COSTAIS OIDEACHAIS GHINEARÁLTA

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| ***Lucht Foirne*** | | |
| Tacaíocht le Mic Léinn | **529** | 612 |
| ***Costais Neamh-Phá*** | | |
| Speansais Eile | **68** | 121 |
| ***Iomlán*** | **597** | 733 |

## 11. SEIRBHÍSÍ DO MHIC LÉINN

| | | 2011 / 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | €000 |
| | Costais Fhoirne | Neamh-Phá | Iomlán | |
| Fóirdheontas do Chlubanna, Chumainn agus Aontas na Mac Léinn | 558 | 414 | **972** | 906 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 179 | 161 | **340** | 219 |
| Seirbhísí Comhairleacha Gairmeacha | 116 | 164 | **280** | 307 |
| Spórt agus Áineas | 46 | 60 | **106** | 108 |
| Sláinte & Comhairleoireacht | 104 | 130 | **234** | 266 |
| | 1,003 | 929 | **1,932** | 1,806 |

## 12. ANAILÍS AR CHAITEACHAS

| | Costais Fhoirne | Dímheas | Speansais Oibriúcháin Eile | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 5,986 | 1,329 | 8,350 | **15,665** | 13,895 |
| Ranna Acadúla | 45,481 | 1,294 | 4,676 | **51,451** | 52,925 |
| Seirbhísi Tacaíochta Acadúla | 1,751 | 560 | 819 | **3,130** | 2,660 |
| Costais Saoráidí | 1,562 | 1,329 | 5,981 | **8,872** | 8,506 |
| Príomhriarachán agus Seirbhísí | 5,147 | 1,438 | 3,081 | **9,666** | 9,851 |
| Speansais Oideachais Ghinearálta | 529 | - | 68 | **597** | 733 |
| Cistiú Tacaíochta Mic Léinn | 83 | 4 | 447 | **534** | 375 |
| Seirbhísí & Saoráidí Mic Léinn | 1,003 | 170 | 929 | **2,102** | 2,002 |
| **Iomlán 2012** | **61,542** | **6,124** | **24,351** | **92,017** | 90,947 |
| **Iomlán 2011** | 61,674 | 5,995 | 23,278 | | |

San áireamh sna Costais Fhoirne atá nochta thuas tá íocaíocht théarfa ex gratia de €183,000.

**Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Ábhair & Tomhaltáin Eile | **1,511** | 1,781 |
| Ábhair Leabharlainne | **203** | 188 |
| Costais Ríomhaire | **1,208** | 947 |
| Oideachas Ginearálta | **1,492** | 1,843 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | **466** | 524 |
| Costais Taighde | **112** | - |
| Comhpháirtithe Tionscadail | **2,035** | 495 |
| Trealamh | **1,370** | 1,358 |
| Costais Áitribh | **6,775** | 7,007 |
| Taisteal & Cothú/Fáilteachas & Seimineáir | **1,889** | 1,799 |
| Costais Phearsanra | **1,105** | 1,209 |
| Táillí Gairmiúla | **3,851** | 3,907 |
| Luach Saothar Iniúchóra | **28** | 28 |
| Cumarsáid | **277** | 368 |
| Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige | **1,031** | 1,010 |
| Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht | **499** | 278 |
| Árachas | **338** | 405 |
| Costais Airgeadais | **104** | 65 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne | **6** | 21 |
| Eile | **51** | 45 |
| | **24,351** | 23,278 |

## 13. CÁNACHA

Níl gníomhaíocht ar bith de chuid na hInstitiúide, seachas an Lárionad Nuálaíochta, faoi réir ag Cánachas Corparáideach faoin Stádas Carthanachta a fuair an Roinn Oideachais in Eanáir 1993.

## 14. SÓCMHAINNÍ SEASTA

| | Iomlán | Foirgnimh | Foirgnimh i mBun Tógála | Daingneáin & Feistithe Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh | Trealamh Ríomhaire | Gléasra & Innealra | Trealamh | Feithiclí Mótair |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costas nó Luacháil | | | | | | | | |
| Ar 1 Meán Fómhair 2011 | 174,947 | 130,970 | - | 8,156 | 13,288 | 3,988 | 18,168 | 377 |
| Breiseanna | **7,589** | **4,647** | **144** | **370** | **1,462** | **247** | **694** | **25** |
| Diúscairtí | **(991)** | **-** | **-** | **(17)** | **(694)** | **-** | **(271)** | **(9)** |
| | **181,545** | **135,617** | **144** | **8,509** | **14,056** | **4,235** | **18,591** | **393** |
| Dímheas | | | | | | | | |
| Ar 1 Meán Fómhair 2011 | 67,061 | 31,163 | - | 5,781 | 12,179 | 2,152 | 15,433 | 353 |
| Muirear don bhliain | **6,124** | **3,128** | **-** | **518** | **1,001** | **316** | **1,149** | **12** |
| Diúscairtí | **(985)** | **-** | **-** | **(13)** | **(692)** | **-** | **(271)** | **(9)** |
| | **72,200** | **34,291** | **-** | **6,286** | **12,488** | **2,468** | **16,311** | **356** |
| **Glanluach de Réir na Leabhar Ar 31 Lúnasa 2012** | **109,345** | **101,326** | **144** | **2,223** | **1,568** | **1,767** | **2,280** | **37** |
| **Glanluach de Réir na Leabhar Ar 31 Lúnasa 2011** | 107,886 | 99,807 | - | 2,375 | 1,109 | 1,836 | 2,753 | 24 |

**Costas nó Luacháil:**

Tá luacháil déanta ag an Oifig Luachála ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar an dáta sin ar bhonn luach ar an margadh oscailte d'úsáid faoi láthair. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tá ceangaltais ag CIT i leith réadmhaoine atá ar léas d'úsáid acadúil a bhfuil suim de €1.934m (2011 - €2.751) i gceist leo.

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **15. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Táillí Teagaisc | **909** | 1,218 |
| Deontas Stáit & Deontas Caipitil Eile | **-** | 190 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | **2,446** | 2,876 |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | **553** | 578 |
| Féichiúnaithe eile | **2,011** | 1,467 |
| **Iomlán** | **5,919** | 6,329 |

## 16. CREIDIÚNAITHE AGUS SPEANSAIS FHABHRAITHE

SUIMEANNA DLITE LAISTIGH D'AON BHLIAIN
Íocaíochtaí a fuarthas Roimh Ré.

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Deontais agus Conarthaí Taighde | **8,195** | 8,914 |
| Cistiú Tacaíochta Mic Léinn Iarchurtha | **272** | 306 |
| | **8,467** | 9,220 |
| Creidiúnaithe Trádála agus Fabhruithe | **475** | 56 |
| Deontas Caipitil Stáit | **1,524** | 2,373 |
| ÍMAT | **1,040** | 997 |
| ÁSPC | **491** | 432 |
| Cáin Ioncaim Choinnithe | **51** | 46 |
| Creidiúnaithe Eile | **277** | 114 |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | **6,741** | 6,329 |
| | **10,599** | 10,347 |
| | **19,066** | 19,567 |

## 17. DEONTAIS CHAIPITIL IARCHURTHA

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | **107,886** | 111,665 |
| Deontais Chaipitil Infhaighte | | |
| Deontas Caipitil Stáit – RO&S | **1,728** | 15 |
| Cionroinnte ó Dheontas Athfhillteach Stáit - ÚAO | **2,753** | 961 |
| Clárúchán | **34** | 15 |
| Taighde, Deontais & Conarthaí | **1,037** | 583 |
| Deontas stáit do mhionoibreacha caipitil RO&S | **1,259** | 419 |
| Tacaíocht le Mic Léinn | **15** | - |
| Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha | **763** | 244 |
| | **115,475** | 113,902 |
| Scaoil d'Ioncam | | |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | **(6,124)** | (5,995) |
| Méid scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta | **(6)** | (21) |
| **Iarmhéid Deiridh** | **109,345** | 107,886 |

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|

**18. CÚLCHISTE SRIANTA**

| | | |
|---|---|---|
| Iarmhéid 1 Meán Fómhair | **4,690** | 3,100 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | **3,095** | 2,010 |
| Aistriú go Caiteachas – Féinmhaoiniú | **(105)** | (176) |
| Aistriú go Cuntas Caipitilt | **(763)** | (244) |
| Iarmhéid 31 Lúnasa | **6,917** | 4,690 |

Tá an t-aistriú go Cúlchiste de €3.095 comhdhéanta de €1.601 ó Tháillí Clárúcháin Mhic Léinn, €901,000 ó dheontas caipitil neamh-Stáit, €434,000 ó Dheontais Taighde agus Chonarthaí agus €159,000 ó ús tuillte.

**19. CEANGALTAIS CHAIPITIL A TABHAÍODH ACH NACH BHFUIL SOLÁTHAR DÉANTA DÓIBH**

Níl ceangaltais chaipitil ar bith ann ag deireadh na tréimhse.

**20. DEONTAIS CHOTHABHÁLA MIC LÉINN**

| | | |
|---|---|---|
| Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg na gColáistí) | **3,362** | 4,304 |
| Íocaíochtaí le Mic Léinn | **(2,639)** | (3,411) |
| Íocaíochtaí le Mic Léinn (breisithe) | **(723)** | (893) |
| Insreabhadh Glan Airgid | - | - |
| | | |
| Iarmhéid Tosaigh | - | - |
| Iarmhéid ag an Deireadh | - | - |

Déanann an Institiúid íocaíochtaí le mic léinn a phróiseáil i dtaca le deontais chothaithe CSE a chuireann an CGC nó an tÚdarás Áitiúil ábhartha in iúl. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuireann an cistiú ar fáil do na híocaíochtaí sin i dteannta cómhaoiniú a chuireann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) ar fáil. Níl na bearta sin cuimsithe ar leithligh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**21. FOSTAITHE**

Ba é meánlíon an lucht foirne a bhí fostaithe ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012 ná 1,126 (2011: 1,179).

**22. FOCHUIDEACHTA**

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Innovation Centre Limited, i Lúnasa 2004. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Innovation Centre Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €3,866 (2011 - €3,276) agus ba é luach na nglansócmhainní ná €23,847 (2011 - €41,992).

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, Cosmos Education Limited, in Eanáir 2008. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí Cosmos Education Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €1,711 (2011 - €314) agus bhí glansócmhainní don bhliain de €18,191 (2011 - €14,857) ann.

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Foundation Limited, in Iúil 2007. Cé nach bhfuil an Chuideachta cuimsithe sna Ráitis Airgeadais, déanfar í a chomhdhlúthú ó 2012/13.

## 23. CEAINTÍN AGUS SIOPA NA hINSTITIÚIDE

Oibríonn cuideachta, CIT Student Services Company Limited, ceaintín agus siopa na hInstitiúide. Déanann iniúchóirí a cheapann an Chuideachta cuntais an cheaintín agus an tsiopa, nach cuid de chuntais na hInstitiúide iad, a iniúchadh.

Rinneadh an chuideachta a chorprú i mí na Nollag 1994. Roimhe sin bhí an ceaintín agus an siopa á mbainistiú ag Coiste de chuid na hInstitiúide. Ghlac an Chuideachta seilbh ar shócmhainní agus ar dhliteanais an cheaintín agus an tsiopa seachas suim de €142,847 atá curtha ar iontaobhas chun dliteanais a chistiú sa todhchaí ag éirí as roinnt conarthaí seirbhíse. Níl taifead ar an gciste, ina raibh €180,910 ar 31 Lúnasa 2008, i gcuntais na hInstitiúide ná i gcuntais na Cuideachta. Le linn na bliana 2009 aistríodh an ciste sin go dtí an Chuideachta agus tá taifead orthu ansin mar Chúlchiste Caipitil áit a bhfuil úsáid an airgid srianta "do chur chun cinn leas na mac léinn trí infheistíocht chaipitil i saoráidí" de réir bhuntéarmaí an iontaobhais.

Is mar seo a leanas torthaí airgeadais na Cuideachta don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012:

| | € |
|---|---|
| Ioncam | 3,655,448 |
| Caiteachas | 3,526,176 |
| Barrachas | 129,272 |
| Glansócmhainní | 1,035,490 |
| Cúlchistí Caipitil | 321,669 |

## 24. INFHEISTÍOCHTAÍ

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí tar éis dul i socruithe comhfhiontair le GAC Training and Service Solutions Limited le héifeacht ó 11 Feabhra 2010 agus SEFtec NMCI Offshore Training Limited le héifeacht ó 31 Bealtaine 2010. Tá 25,000 scair ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i ngach cuideachta agus cuimsíonn sé sin 50% den scairshealbhóireacht.

## 25. COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN & CEOLSCOIL CHORCAÍ

Is comhpháirtíocht é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Seirbhísí Muirí na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil NMCI tógtha.

Is comhpháirtíocht í Ceolscoil Chorcaí idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil Ceolscoil Chorcaí tógtha.

Fanann lucht acadúil, teicniúil, riaracháin agus tacaíochta CIT i gCeolscoil Chorcaí agus sa NMCI ina bhfostaithe de chuid CIT.

## 26. TEIDLÍOCHTAÍ INCRIMINTEACHA

Rinneadh éileamh Ard-Chúirte in aghaidh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí le haghaidh teidlíochtaí incriminteacha líomhanta. Tá an cás seo á chosaint.

## 27. NOCHTADH IDIRBHEART – BAILL DEN BHORD RIALAITHE

Féadfaidh an Institiúid sa ghnáthchúrsa socruithe conartha a dhéanamh le gnóthas ina bhfuil baill de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas eile acu ann. Tá glactha ag an Institiúid le gnáthaimh de réir Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus tá na gnáthaimh sin comhlíonta ag an Institiúid le linn na bliana.

## 28. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 1 Samhain 2012.



# 7. Faisnéis Eile



7.1 Nuacht & Imeachtaí

7.2 Cumann na gCéimithe

7.3 Pointí Teagmhála

## 7.1 Nuacht & Imeachtaí

1. Sheol Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Terry Shannon an Lámhleabhar Oideachais Leantaigh 2011/2012 go hoifigiúil ar 18 Lúnasa 2011.

2. Síníodh Chomh-chomhaontú Forbartha idir CIT agus United Technologies Research Centre Ireland Limited (UTRC) ar 24 Lúnasa 2011. Thug an dá pháirtí faoi comhthionscadal forbartha chun an trealamh ba ghá a shuiteáil agus a úsáid le haghaidh Leaba Tástála Náisiúnta Fuinnimh Inbhuanaithe Foirgnimh le haghaidh cumhacht an fhoirgnimh iomláin agus taighde fuinnimh ag foirgneamh Nimbus de chuid phríomhchampas CIT.

3. Síníodh comhaontú idir CIT agus Institiúid Fisice & Teicneolaíochta Mhosgó – Vector Radio Company – ar 26 Lúnasa 2011. I gcreat an chomhoibrithe atá bunaithe idir CIT agus Institiúid Fisice & Teicneolaíochta Mhosgó bhí cruinniú ar siúl i gCorcaigh idir 24-25 Lúnasa 2011. Ba é an aidhm a bhí leis an gcruinniú ná tús a chur le hidirghníomhú an dá Institiúid, ar a n-áirítear oideachas, taithí agus saothar ar thaighde agus ar fhorbairt a bhabhtáil d'fhonn comhoibriú féideartha a shainaithint ag ceann nó níos mó díobh seo a leanas:
   - Oiliúint mac léinn de chuid CIT agus Institiúid Fisice & Teicneolaíochta Mhosgó
   - Obair fhoirne ar thaighde agus fhorbairt

4. Chuir an tUachtarán fáilte roimh chomhdháil an Irish Human Computer Interaction (iHCI) ar 8 agus 9 Meán Fómhair 2011. Ba é sin an chead uair a reáchtáladh Comhdháil an iHCI ag an Institiúid Teicneolaíochta.

5. Ar achainí ón Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, T.D., thug an tAire cuairt ar CIT agus bhuail leis an Uachtarán ar 15 Meán Fómhair 2011. Ina dhiaidh sin, bhí cruinniú poiblí ag an Aire le EMC agus bhuail le mic léinn de chuid Néalríomhaireacht CIT.

6. Bhí Ceardlanna do Mhic Léinn Lánfhásta ar siúl in CIT ó 27 Meán Fómhair go 12 Deireadh Fómhair 2011. D'eagraigh an tSeirbhís Tacaíochta Foghlama Lánfhásta san Institiúid agus iad dírithe ar mhic léinn lánfhásta lánaimseartha na ceardlanna d'fhonn tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil dóibh maidir le gné ar bith dá gcuid obair chúrsa acadúil.

7. Thug an tAire Stáit do Thaighde agus Nuálaíocht, Seán Sherlock, T.D., cuairt ar Aonach Bliantúil Gairmeacha agus Iarchéime 2011 de chuid CIT a bhí ar siúl ar 4 Deireadh Fómhair 2011. Bhí 61 seastán ar fad san áireamh san ócáid, ar a n-áirítear seirbhísí agus ranna éagsúla de chuid CIT chomh maith le breis is 50 eagraíocht sheachtrach.

8. D'óstaigh an Dámh Ghnó & Daonnachtaí a Searmanas Bliantúil Gradaim san Institiúid ar 20 Deireadh Fómhair 2011. Bronnadh tríocha is a haon gradam, ar a n-áirítear Gradam Cuimhneacháin Des Roche, os comhair lucht éisteachta a bhí mór agus léirthuisceanach.

9. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig CIT ar 21 Deireadh Fómhair 2011:
   - Scoil Ghnó
   - Scoil na nDaonnachtaí
   - Roinn an Oideachais Leantaigh

   Bhí ceithre sheisiún bronnta ann agus fuair 1,160 réamhchéimí a gcuid pár.

10. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig CIT ar 24 Deireadh Fómhair 2011:
    - Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
    - Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta
    - Scoil Innealtóireachta Meicniúla & Próisis
    - Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaice
    - Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

    Bhí ceithre sheisiún bronnta ann agus fuair 1,314 réamhchéimí a gcuid pár.

11. Bhí Bronnadh Céimeanna dóibh seo a leanas ar siúl i gCeolscoil Chorcaí CIT ar 27 Deireadh Fómhair 2011:
    - Ceolscoil Chorcaí CIT
    - An Lárionad d'Oideachas Ailtireachta

    Fuair 78 réamhchéimí a gcuid pár.

12. Ar chuireadh ó Phríomhfheidhmeannach an ÚAO, ghlac an tUachtarán post mar bhall de Bhord Rialaithe Malartach an IMHE (Bainistíocht Institiúide san Ard-Oideachas) de chuid an ECFE/OECD. Is í an tréimhse oifige ná trí bliana.

13. Chuir an tUachtarán fáilte roimh thoscaireacht de thriúr Uachtarán ó Colleges Ontario agus iad ar cuairt ar an Institiúid ar 14 – 15 Samhain 2011 mar chuid de chuairt ar Éirinn. Phléigh an toscaireacht an córas dréimire oideachais, lárionaid taighde fheidhmigh, lárionaid ghoir ghnó agus próisis, agus t-eiceachóras nuálaíochta de chuid na hInstitiúide.

14. Bhí Cathaoirleach an Bhord Rialaithe, Bob Savage Uas., i gceannas nuair a seoladh Campas Leathnaithe CIT ar 18 Samhain 2011. Is é an Campas Leathnaithe an chéad lárionad atá tiomanta don pháirtíocht in earnáil ardoideachais na hÉireann. Beidh sé ag feidhmiú mar chéannacht ionadaíoch aonair a shainaithníonn go honnghníomhach riachtanais foghlama agus forbartha réigiúnacha agus a dhéanann freagairt chomhordaithe Institiúide dóibh.

15. Bhí Lá oscailte CIT ar siúl ar 18 Samhain 2011 ó 2.00 pm - 6.00 pm agus ar 19 Samhain 2011 ó 10.00 am - 2.00 pm ar thrí cinn de na ceithre champas:
    - Baile an Easpaig
    - Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
    - Ceolscoil Chorcaí CIT

    Bhí ionadaíocht ann ó Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann i gCampas Bhaile an Easpaig.

16. Bhí Gradaim na Dáimhe Innealtóireachta & Eolaíochta ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig ar 24 Samhain 2011. Bhí an searmanas ann chun aitheantas a thabhairt do na mic léinn ab fhearr ar bronnadh céim orthu i nDeireadh Fómhair 2011 as Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta. 38 Gradam ar fad a bronnadh.

17. Ar chuireadh ó Colleges Ontario, bhí an tUachtarán agus Ceann na Dáimhe Innealtóireachta agus Eolaíochta mar aoichainteoirí as toscaireacht Éireannach a rinne freastal ar Chruinniú Mullaigh Ardoideachais 2011 in Toronto ó 25 - 30 Samhain 2011. Síníodh Meabhrán Tuisceana idir IOTI (Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann) agus Colleges Ontario le linn na cuairte.

18. Ghnóthaigh an Roinn TF in CIT an mórghradam Best IT Department ar 24 Samhain 2011 ag Gradaim IT & Cork Leaders in Óstán Maryborough. Lena chois sin, bhí trí bhuaiteoir de chuid Lárionad Rubicon CIT:
    1) Ghnóthaigh William Oppermann agus a fhoireann MpStor Best Research and Innovation Company
    2) Garreth Cuddy agus EPub don Best High Potential Start-Up Company
    3) Russell Quigley agus Nixatel don IT that Matters Chicago Trade Mission 2012 Prize.

19. Bhí Tráthnóna Faisnéise do Mhic Léinn Lánfhásta ar siúl ar 30 Samhain 2011. Ba é ba aidhm leis an tráthnóna ná CIT a chur chun cinn mar cheann scríbe tríú leibhéal do mhic léinn ionchasacha.

20. Bhí Sparánachtaí Spóirt Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí 2011/2012 ar siúl ar 30 Samhain 2011 in Óstán Oriel House. Bhronn Sue Ronan, bainisteoir Sacar na mBan Éireann, 105 sparánacht spóirt ar scoth-lúthchleasaithe na hInstitiúide as speictream leathan spoirt.

21. Ar 2 Nolaig 2011, sheol an Institiúid céad iAip CIT, CIT Cosmos, ar féidir a íoslódáil saor in aisce don iPhone agus iPad. Cuirfidh an iAip seo, atá saor in aisce arna dearadh ag John Kennedy de chuid CraicDesign le tacaíocht ó Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT, réadlann fhíorúil i do phóca le radharc fíorama ar an spéir ó áit ar bith in Éirinn, a léiríonn spéir na hoíche, ar a n-áirítear réaltaí, réaltbhuíonta, an ghrian, an ghealach agus na pláinéid. Is sampla iontach eile é den nuálaíocht i seachadadh oideachais CIT agus í ag leathadh amach sna pobail áitiúla agus dhomhanda. Trí fhorbairtí iontacha amhail an ceann seo, tá ról á imirt ag CIT, ról atá ag dul i dtábhacht, i múnlú an chéad ghlúin eolaithe, innealtóirí agus fiontraithe gnó eile.

22. Seoladh Mol Nuálaíochta nua chun aghaidh a thabhairt ar bhonneagar uisce na hÉireann i Lárionad Nimbus CIT, ar 8 Nollaig 2011. Is comhfhiontar é an Lárionad Nuálaíochta do Chórais agus Seirbhísí Uisce (WSSIC) idir Chomhairle Chathrach Chorcaí agus Comhairle Chontae Chorcaí agus Lárionad Nimbus ag CIT. Tá mar aidhm ag WSSIC sainacmhainn a chruthú chun bonneagar uisce na hÉireann a nuachóiriú trí leas a bhaint as eolas teicneolaíoch Lárionad Nimbus agus teacht i dtír ar thaithí an dá Chomhairle i mBainistiú Acmhainn Uisce.

23. Tá comhaontú ceadúnais bogearraí sínithe ag Ollscoil Chicago le taighdeoirí CIT sa bhithfhaisnéisíocht, an Dr Roy Sleator agus an Dr Paul Walsh. Is ag Ollscoil Chicago atá an churiarracht as an líon is airde duaiseanna Nobel a bronnadh riamh. D'éirigh le grúpa taighde CIT ar an mbithfhaisnéisíocht maoiniú a fháil agus fuair na taighdeoirí deontas Ciste Tráchtálaithe Fhiontar Éireann. Tugadh an deontas chun tráchtálú tuilleadh a dhéanamh ar a n-uirlis bogearraí taighde, Biomapper, a chur chun cinn. Ligeann an uirlis do thaighdeoirí sa bhith-theicneolaíocht fionnachtana géanómaíocha a aimsiú agus úinéireacht a ghabháil orthu go gasta.

24. Bunaíodh Institiúid Theicniúil Chathair Chorcaí, réamhtheachtaí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí mar atá inniu, ag forgneamh úrnua ag Sráid Sharman Crawford 100 bliain ó shin. Rinneadh an searmanas oscailte ar 16 Eanáir 1912. Faoi láthair tá Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT lonnaithe san fhoirgneamh sin. Tharla sraith imeachtaí le linn 2012 chun 100 bliain den oideachas ag an gCrawford a chomóradh.

25. Chuir an tUachtarán agus baill den Fhoireann Shinsearach fáilte roimh Chumann Tráchtála Mheiriceá in Éirinn chuig an Institiúid ar 27 Eanáir 2012.

26. Ar 30 Eanáir 2012, sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, T.D., tionscnamh scileanna TFC. Trí Lárionad an Champais Leathnaithe, chuir CIT tairiscintí isteach ar roinnt áiteanna agus ar mhaoiniú gaolmhar dóibh. D'éirigh le tairiscint na hInstitiúide agus seolfar dhá chlár nua tiontaithe do chéimithe, a chuirfidh ar chumas céimithe dífhostaithe as disciplíní neamh-ríomhaireachta cáilíocht acadúil a bhaint amach i néalríomhaireacht. Tá tacaíocht an ÚAO agus na Roinne Oideachais agus Scileanna ag an dá chlár, rud a chiallaíonn go ndéanfar na táillí a ghabhann leis na cláir seo de ghnáth a tharscaoileadh. Is iad na cláir Leibhéal 8 sin ná:
    - Ard-Dioplóma in Eolaíocht i Néalríomhaireacht agus
    - Ard-Dioplóma in Eolaíocht i bhForbairt Bogearraí Néalríomhaireachta agus Móibíleacha

27. D'eagraigh an Scoil Staidéar Iarchéime "Aonach Iarchéime" a bhí ar siúl ar 7 Feabhra 2012. Bhí an taispeántas dírithe ar an iomlán ar fhochéimithe na bliana deiridh agus ar iarchéimithe a bhí ag smaoineamh ar roghanna breise staidéir. Thug sé deis freisin do choláistí tríú leibhéal, d'institiúidí gairmiúla agus do chomhlachtaí oiliúna lasmuigh de CIT a gcuid deiseanna iarchéime d'iarratasóirí ionchasacha a chur chun cinn laistigh de CIT agus i mór-réigiún na Mumhan.

28. Maidir le 'Lá na Mac léinn Idirnáisiúnta' agus mar chuid den pháirtíocht, d'eagraigh CIT roinnt imeachtaí dá cuid mac léinn idirnáisiúnta agus bhí san áireamh:
    - cuairt ar Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT
    - cuairt ar Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
    - eisiún blastóra iománaíochta agus peile le Sárimreoirí CLG Chorcaí
    - comórtas Eurostar
    - "International Art after Dark" ag Gailearaí Ché Wandesworth CIT.

29. Bailíodh breis is €7,000 do charthanais fhiúntacha le linn Seachtain Phléarácaim CIT 2012 a bhí ar siúl ó 13 – 17 Feabhra 2012. B'imeacht fhíorchomhtháiteach í Seachtain Phléarácaim CIT a fuair tacaíocht shuntasach agus ionchur ó Chumainn, Spóirt, Mol na Smaointe, Oifig an Chláraitheora, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, an Campas Leathnaithe, Students Services Company Limited, Ionadaithe Ranga agus baill foirne. B'ábhar maíte don Institiúid i mbliana í.

30. Thaistil an tUachtarán agus Orla Flynn Uas., Ceann Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT go dtí an tSín ar "Thuras Taispeántas Oideachais Idirnáisiúnta na Síne" (CIEET) ó 15 go 20 Márta 2012. Chun an t-ardoideachas in Éirinn a chur chun cinn, bhí an tAonach CIEET á threorú ag Ciarán Cannon, T.D., Aire Oiliúna & Scileanna, an Roinn Oideachais agus Scileanna. Shínigh an tUachtarán agus Orla Flynn Uas. Meabhrán Tuisceana le hOllscoil Shanghai i láthair an Aire agus ionadaithe de chuid Fhiontar Éireann. Síníodh comhaontú idir Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Acadamh Ealaíon & Dearaidh Ollscoil Tsinghua ar 15 Márta in Beijing.

31. Sheol Kathleen Lynch, T.D., Aire Stáit, an Roinn Sláinte agus an Roinn Cirt, Comhionannais & Cosanta le freagracht as Míchumas, Daoine Aosta, Comhionannas agus Sláinte Meabhrach, foilseachán úrnua dar teideal "Access the Beginning of Your Future" ar 16 Márta 2012 i gCampas Bhaile an Easpaig. Ba í Seirbhís Rochtana CIT a tháirg an foilseachán.

32. In Aibreán 2012, deonadh maoiniú suntasach don Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta de chuid CIT (CAMMS) mar chuid de Chlár Soghluaisteachta Leonardo da Vinci chun rannpháirtithe oiriúnacha Éireannacha a oileadh in "Passive Housing and Sustainable Energy Technology using Timber Frame Construction".

    Déanfar daichead Éireannach atá ag obair i réimsí na hinnealtóireachta foirgníochta agus saoráidí a mhaoiniú chun cuairt coicíse a thabhairt ar an Kompetenz Zentrum für Holzbau und Ausbau (KOMZET) in Biberach an der Riss, sa Ghearmáin ar chlár oiliúna coicíse. Comhlánaíonn sé sin maoiniú atá faighte cheana féin faoin tionscadal um Oiliúint Eorpach ar Fhuinneamh áit a d'fhorbair CAMMS ábhar oiliúna lena sheachadadh ar fud na hEorpa.

33. Ar 18 Aibreán 2012, bhí mír ionsáite irise de chuid CIT san Evening Echo dar teideal "Knowledge at Work" a d'aibhsigh samplaí den raon leathan gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun in CIT. Ba é an aidhm a bhí leis an mír ionsáite ná feabhas a chur ar fheasacht an phobail mhóir maidir le cáilíocht agus éagsúlacht na hoibre a dhéantar in CIT.

34. Bhí SciFest 2012 ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig ar 20 Aibreán 2012. D'oscail an tAire Stáit do Thaighde agus Nuálaíocht, Seán Sherlock, T.D., SciFest go hoifigiúil agus d'fhreastail breis is 300 rannpháirtí air as 22 scoil dara leibhéal i gCathair agus i gContae Chorcaí.

35. Bhí Gradaim na Dáimhe Innealtóireachta & Eolaíochta ar siúl ar 20 Aibreán 2012.

36. Chuir an tUachtarán, baill de Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide agus baill foirne shinsearacha fáilte roimh chuairteoirí ó Chomhairle Pittsburg ar an Ardoideachas (PCHE) - Cuibhreannas deonach ilchuspóireach de na deich gcoláiste agus ollscoileanna in Pennsylvania - ar an Institiúid ar 26 Aibreán 2012. Chuir na cuairteoirí an-spéis sna disciplíní gnó, ríomhaireacht, teicneolaíocht eolaíochta/faisnéise agus ealaín agus dearadh.

37. Bhí Gradaim Spóirt Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí 2012 ar siúl ar 2 Bealtaine 2012. Tá na Gradaim ar siúl ó 1993 agus cuireann siad deis ar fáil don Institiúid aitheantas a thabhairt do na mic léinn a bhaineann barr feabhais amach ina rogha spóirt le linn na bliana acadúla roimhe sin. Tá na gradaim bunaithe ar éachtaí ina spórt agus/nó riarachán clubanna laistigh den Institiúid. Chomh maith le aitheantas a thabhairt do laochra reatha spóirt, tugann na gradaim spóirt deis chun aitheantas a thabhairt dár gcéimithe.

38. Thug a gharmhac ar ais eochair shiombalach a bronnadh ar Ard-Mhéara Chorcaí tar éis gur oscail sé an chéad institiúid theicniúil shaintógtha don chathair 100 bliain ó shin ar 10 Bealtaine 2012 ag searmanas in Óstán Imperial. Rinne an Canónach James Simcox, atá ochtó is ceithre bliana d'aois, ar oscail a sheanathair, an Bardasach James Simcox, Institiúid Theicniúil Chathrach Crawford go foirmiúil ar Shráid Sharman Crawford in Eanáir 1912, tar éis scéala faoi chomóradh céad bliain an fhoirgnimh a fheiceáil ar an Idirlíon.

    Ag an searmanas, bhronn Stephanie Walsh, iníon an T.D. de chuid Fhine Gael, Stephen Barrett, an bunróba a chaith an Bardasach Simcox ar an Ard-Mhéara reatha, an Comh Terry Shannon. Tá an dá mhír le bheith cuimsithe i dTaispeántas Crawford 100 a cheiliúrann céad bliain den chruthaitheacht ag Gailearaí Ché Wandesford CIT a osclaíodh ar 24 Bealtaine agus a bhí ar siúl go dtí 23 Meitheamh 2012.

39. Ar achainí ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, d'óstaigh an Institiúid cuairt ó thoscaireacht ó Lárionad Náisiúnta don Fhaisnéis Shocheacnamaíoch agus don Réamhaisnéis in Vietnam ar 16 Bealtaine 2012.

40. Chuir an tUachtarán fáilte roimh phainéal cuairte ó Innealtóiri Éireann a ghlac páirt i gcreidiúnú na gClár Oideachas Innealtóireachta ag an Institiúid ar 23 agus 24 Bealtaine 2012.

41. Ar chuireadh ón ÚAO, d'fhreastail an tUachtarán in éineacht leis an gCláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla, Ceann na Forbartha Straitéisí, Ceann an Champais Leathnaithe agus Ceann Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar Chomhdháil dar teideal "Towards a Future Landscape – where are we now?" i mBaile Átha Cliath ar 25 Bealtaine 2012.

42. D'éirigh le hiarratas ó Lárionad Nimbus CIT ar Chiste Forbartha Eacnamaíche de chuid Chomhairle Chontae Chorcaí. Le linn na bliana seo caite, d'fhorbair Nimbus comhoibriú le baile Mhala agus go háirithe le Comhpháirtíocht Forbartha Mhala.

43. D'eagraigh baill foirne, mic léinn agus cairde de chuid CIT imeacht rathúil carthanachta i mí an Mheithimh 2011 seo caite agus iad ag tiomáint feithiclí seanré agus clasaiceacha ó Charn Uí Néid go Ceann Mhálanna. Bhí an t-airgead go leir a bailíodh le bheith bronnta ar Suicide Aware, eagraíocht dheonach Chorcaí-bhunaithe, a cuireadh ar bun chun cuidiú le déileáil le saincheisteanna dúlagair agus féinmharaithe.

    Ar 12 Meitheamh, bronnadh €17,000 ar Suicide Aware.

44. Thairg an tionscnamh Springboard in ardoideachas cúrsaí páirtaimseartha saor in aisce a raibh cáilíochtaí mar sprioc acu agus a bhfuil éileamh ag fostóirí orthu. Reáchtáil CIT tráthnóna faisnéise ar 13 Meitheamh 2012 le haghaidh daoine ar spéis leo a bheith rannpháirteach. Tugann Springboard deis do chuardaitheoirí poist, bíodh a bpost caillte acu nó iad a bheith féinfhostaithe roimhe sin, cúrsaí páirtaimseartha, obairdhírithe a ghlacadh ag an tríú leibhéal, saor in aisce, agus a gcuid sochar á gcoinneáil acu. Bhí 262 áit ar 16 chúrsa dhifriúla ar fáil in CIT faoin tionscnamh seo. Ar na cúrsaí a bhí á dtairiscint bhí Déantúsaíocht Feistí Bithleighis, Néalríomhaireacht, Líonrú Ríomhaire, Fuinneamh Inbhuanaithe, agus Lean Six Sigma. Tairgeadh na cúrsaí go léir ar bhonn solúbtha páirtaimseartha.

45. Sheol Seán Sherlock, T.D., Aire Stáit do Thaighde agus Nuálaíocht, Lámhleabhar an Oideachais Leantaigh 2012/13 ar 18 Meitheamh 2012 i gCampas Bhaile an Easpaig.

46. Bhí bronnadh Ceimeanna agus Ardteastas ar siúl ar 19 Meitheamh 2012 i gColáiste Náisiúnta Mara na hÉireann. Rinneadh bronnadh ar an gcéad ghrúpa réamhchéimí ó Oileán Seychelles, naonúr ar fad (a chuir an Seychelles Petroleum Company chuig an gColáiste).

47. Bhí IMERC (Braisle Acmhainní Fuinnimh agus Muirí na hÉireann) ar na tionscadail a roghnaíodh leis an nuálaíocht agus an barr feabhais a léiriú thar na Seirbhísí Stáit uile i mbuaiteoirí Gradaim an Taoisigh don tSeirbhís Phoiblí Bharr Feabhais a d'fhogair An Taoiseach Enda Kenny ar 21 Meitheamh 2012 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

    Tá mar aidhm ag an gComhaontas idir CIT, Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus UCC, IMERC, an earnáil phoiblí agus saineolas tionscail a chur ag obair agus a chomhtháthú chun Braisle a fhorbairt agus chun acmhainn na n-earnálacha eacnamaíochta atá ag teacht chun cinn a bhaint amach, ar a n-áirítear earnáil nuaghinte fuinneamh na farraige.

48. Thug an tOllamh Bernd Steffensen, Leas-Uachtarán do Thaighde agus d'Fhorbairt, Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Darmstadt na Gearmáine agus an Cúntóir Taighde Janina Fengal Uas. cuairt ar an Institiúid ar 5 agus 6 Iúil 2012. Ba é cuspóir a gcuairte ná iad seo a leanas a phlé:
    - Comhoibriú déthaobhach idir CIT agus Darmstadt
    - An próiseas riaracháin i dtaca lena n-iarrthóirí PhD
    - EuTec – céad chéimeanna eile

## 7.2 Cumann na gCéimithe CIT (CITAA)

Cuireann Oifig Chaidrimh Chéimithe CIT ar chumas Céimithe CIT dlúth-theagmháil a choinneáil leis an alma mater agus lena gcomhchéimithe agus leas a bhaint as raon leathan buntáistí agus seirbhísí. Tá dílseacht, tacaíocht agus bainteacht chéimithe leis an Institiúid ríthábhachtach chun rath CIT sa todhchaí a chinntiú agus geilleagar eolasbhunaithe na hÉireann á sheachadadh aici. Tá thart ar 17,500 ball ag an gCumann. Coinníonn an bunachar sonraí eolas faoi chéimithe as gach campas, ag gach leibhéal agus as gach disciplín.

Cuireann CIT ballraíocht ar fáil saor in aisce do gach céimí i gCumann Céimithe CIT. Tá raon leathan buntáistí, seirbhísí agus imeachtaí ar fáil ag baill chláraithe.

Tá Coiste Chumann na gCéimithe ar bun agus cuimsíonn céimithe agus baill foirne a chuireann comhairle ar an gCumann agus ar an Institiúid maidir le conas is fearr caidreamh a dhéanamh lenár gcéimithe agus an Cumann a fhorbairt tuilleadh.

Moltar do na céimithe a gcuid sonraí teagmhála a choinneáil cothrom le dáta trí rphost, láithreán gréasáin, suíomhanna líonraithe sóisialta nó trí theagmháil dhíreach le hOifig Chaidrimh na gCéimithe.

**Suirbhé ar na Chéad Cheannphointí**

Rinne Cumann na gCéimithe agus an tSeirbhís Gairmeacha agus Comhairleoireachta in CIT Suirbhé Píolótach ar Chéad Cheannphointí chéimithe CIT na bliana 2011 i mí Iúil 2012. Bailíonn an suirbhé sonraí ó chéimithe úrnua chun a fháil amach an líon atá fostaithe, an líon atá ag lorg fostaíochta agus iad siúd atá rannpháirteach i mbreis staidéir nó oiliúna. Rachaidh an t-eolas chun leasa do mhic léinn, chéimithe, bhainistíocht na hInstitiúide, d'fhostóirí, lucht déanta polasaí agus do gach duine ar spéis leo cúrsaí ardoideachais.

Baineadh amach ráta lánfhreagartha de 22%. Tar éis athbhreithniú ar an suirbhé píolótach, déanfar roinnt leasuithe ar an bpróiseas SCC do 2012. Déanfar suirbhé ina dhiaidh sin ar chéimithe 2012 in earrach na bliana 2013.

**Imeachtaí (M.Fómh 2011 - Lúnasa 2012)**

11 Aibreán 2012 - Clasaic Ghailf Alumni CIT, Cumann Gailf Ghleann na Laoi, Corcaigh.

**Cumarsáid**

- Scaipeadh an Learning City Magazine ar 15,398 céimí in Eanáir 2012.
- Scaipeadh an Alumni E-News mar seo a leanas:
    - 7,181 ball i mí na Nollag 2011
    - 7,175 ball in Aibreán 2012
    - 8,593 ball i Lúnasa 2012

**Cruinnithe Choiste Chumann Céimithe CIT**

- Samhain 2011
- Eanáir 2012

## 7.3 Pointí Teagmhála

### INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

**Gréasán: www.cit.ie**

### CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

**Seoladh**
Baile an Easpaig
Corcaigh

**Teileafón**
+353 21 4326100

### CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

**Seoladh**
Cé an hAontachta
Corcaigh

**Teileafón**
+353 21 4807300/310

**Facs**
+353 21 4547617

### COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT

**Seoladh**
Sráid Sharman Crawford
Corcaigh

**Teileafón**
+353 21 4335200

**Facs**
+353 21) 4335201

### COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN

**Seoladh**
Rinn an Scidígh
Co. Chorcaí

**Teileafón**
+353 21 4970600

**Facs**
+353 21 4970601

**Gréasán**
www.nmci.ie

Foilsithe ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.
© Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Lúnasa 2013

**Tiomsaithe ag Lucht Foirne Oifig an Uachtaráin**

**Tabhair faoi deara:**
Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid freagracht as aon dliteanas i ngeall ar earráid ar bith atá ann

E&OE

**Dearadh agus Leagan Amach**
Raven Design, Corcaigh

**Aistritheoir**
Niall Ó Murchadha, Gallimh